An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

# Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

# Clár Ábhar


Brollach ón Aire 3

Gluais Téarmaí 4

Caibidil 1: Réamhrá 7

Caibidil 2: Drochúsáid Leanaí a Mhíniú agus a Aithint 16

Caibidil 3: Líomhaintí Cúlghabhálacha Drochúsáide 29

Caibidil 4: Róil agus Freagrachtaí 33

Caibidil 5: Ábhair Imní a Thuairisciú 46

Caibidil 6: Conas Tuarascáil a Thabhairt do Tusla 58

Caibidil 7: Líomhaintí nó Drochamhras faoi Dhrochúsáid Leanaí maidir le Fostaithe Scoile 62

Caibidil 8: Coimeád Taifead 74

Caibidil 9: Ceanglais maidir le Coimirciú Leanaí 80

Caibidil 10: Nósanna imeachta earcaíochta, agus ceanglais maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána 89

Caibidil 11: Oiliúint agus Tacaí 92

Caibidil 12: Maoirseacht 95

Aguisín 1: Sceideal na nDaoine Sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 110

Aguisín 2: Cionta Gnéasacha, mar atá leagtha amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 [arna leasú le halt 55 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017] 112

Aguisín 3: An prótacal lena n-údaraítear gníomh láithreach 114



# Brollach ón Aire Helen McEntee TD

Rud ríthábhachtach do gach scoil is ea cosaint agus leas leanaí, agus táim an-sásta an leagan nuashonraithe seo de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 a sheoladh.

Tugann ár scoileanna an-aird ar na hoibleagáidí agus na freagrachtaí a thagann chun cinn ó na nósanna imeachta um chosaint leanaí, agus tá cultúr an-láidir cosanta leanaí ann ar fud na hearnála scoileanna.

Leis na nósanna imeachta nuashonraithe seo, cuirtear leis an leagan roimhe de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 (arna nuashonrú sa bhliain 2023), agus tugtar aird ar na hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus ar *Children First:* Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017.

Amhail i gcás na nósanna imeachta roimhe, leagtar amach sna nósanna imeachta seo ceanglais atá ceaptha chun a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta tuairiscithe atá ar aon dul le *Children First* i bhfeidhm agus gurb eol do dhaoine de phearsanra na scoile conas aon ábhair imní cosanta leanaí a aithint agus a thuairisciú agus go bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí agus gach duine de phearsanra na scoile ar an eolas faoi nósanna imeachta na scoile um chosaint agus coimirciú leanaí.
Déantar leis na nósanna imeachta socrú do ráiteas um choimirciú leanaí (lena n-áirítear measúnacht phriacail) a fhorbairt agus do dhuine idirchaidrimh ainmnithe agus leasduine idirchaidrimh ainmnithe a cheapadh.

Ina theannta sin, leagtar amach sna nósanna imeachta seo ceanglais nua atá leagtha amach san Aguisín a ghabhann le *Children First:* Treoirlínte (2025) a mhéid a bhaineann le ceanglais chun drochúsáid chúlghabhálach a thuairisciú, chun aird a thabhairt ar an reachtaíocht nua atá i bhfeidhm ó nuashonraíodh na nósanna imeachta den uair is déanaí, agus chun treoir a sholáthar maidir le cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus maidir le coimeád taifead.

Foilsíodh an leagan nuashonraithe seo de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2025 tar éis comhairliúchán fairsing a dhéanamh leis na comhpháirtithe oideachais, agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na comhpháirtithe oideachais agus leis na daoine uile a raibh ról acu maidir le leasuithe a dhéanamh ar na nósanna imeachta.

# Gluais Téarmaí

| | |
|---|---|
| Aois Toilithe | Is é 17 mbliana an aois ag a bhféadfar toiliú le caidreamh collaí. Is cion coiriúil é gabháil do ghníomh gnéasach le leanbh atá faoi bhun 17 mbliana d'aois nó iarracht a dhéanamh é sin a dhéanamh. |
| Athbhreithniú bliantúil | Athbhreithniú a dhéantar gach bliain féilire. |
| Bord Bainistíochta | Mura luaitear a mhalairt, tagraíonn sé seo do bhord bainistíochta arna bhunú faoi alt 14 den Acht Oideachais, 1998. Folaíonn sé freisin aon duine nó aon ghrúpa arna cheapadh nó arna ceapadh ag an bpátrún chun an scoil a bhainistiú thar ceann an phátrúin. |
| Cáschomhad Cosanta Leanaí | Comhad tiomnaithe (a choimeádtar ar leithligh ó chásanna eile) ar a bhfuil uimhir thagartha uathúil agus ina bhfuil na doiciméid agus na taifid chruachóipe bhunaidh uile a bhaineann le cás cosanta leanaí, agus iad neamhathraithe agus neamhfholaithe. |
| Cruinniú boird | Gnáthchruinniú den bhord bainistíochta. Féadfaidh go mbeidh cruinnithe urghnácha nó cruinnithe míre aonair den bhord ann freisin, áit nach gcuirfear Tuairisc Mhaoirseachta ar Chosaint Leanaí i láthair. |
| Daoine de Phearsanra na Scoile | Is ionann an téarma "daoine de phearsanra na scoile", mar a úsáidtear sna nósanna imeachta seo, agus téarma cineálach a thagraíonn do gach duine fásta atá nó a bhí páirteach in oibriú na scoile. Folaíonn sé seo fostaithe agus oibrithe deonacha, comhaltaí den bhord bainistíochta, múinteoirí faoi oiliúint, agus daoine atá ar thaithí oibre. I bhformhór na gcásanna, tagraíonn sé do dhuine reatha de phearsanra na scoile. I gcás gur gá, tabharfar "iardhaoine de phearsanra na scoile" ar dhaoine a bhí páirteach roimhe seo in oibriú na scoile. |
| Díobháil | Tá le "díobháil", i ndáil le leanbh, an bhrí a shanntar dó faoi alt 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, is é sin, ionsaí a dhéanamh ar leanbh, drochíde a thabhairt do leanbh nó faillí a dhéanamh i leanbh ar mhodh a dhéanann difear tromchúiseach, nó ar dóigh dó difear tromchúiseach a dhéanamh, do shláinte, d'fhorbairt nó do leas an linbh, nó drochúsáid ghnéasach an linbh. Is féidir le díobháil teacht as teagmhas aonair nó as roinnt eachtraí éagsúla. |
| Drochúsáid Leanaí | I gcás go n-úsáidtear na focail "drochúsáid leanaí" sna nósanna imeachta seo, ba cheart glacadh leis go bhfolaíonn siad gach ceann de na ceithre chatagóir (faillí, drochúsáid mhothúchánach, drochúsáid fhisiciúil agus drochúsáid ghnéasach) atá leagtha amach i gCaibidil 2 de na nósanna imeachta seo agus i gcaibidil 2 de *Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017*. |
| Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) | An duine arna ainmniú nó arna hainmniú ag an mbord bainistíochta chun gníomhú mar phointe teagmhála do Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), don Gharda Síochána, agus do dhaoine eile i gcás nithe a bhaineann le hábhair imní nó líomhaintí cosanta leanaí. Tá an ról leagtha amach i Rannán 4.3.4 de na nósanna imeachta seo. |
| Duine Iomchuí | Tá "duine iomchuí" mínithe in alt 8 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Is é nó í seo an duine arna cheapadh nó arna ceapadh ag soláthraí seirbhíse iomchuí chun gníomhú mar chéad phointe teagmhála maidir leis an Ráiteas um Choimirciú Leanaí ón soláthraí. I suíomh scoile, is é nó í an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) an duine iomchuí. |

| | |
|---|---|
| Duine Sainordaithe | Ciallaíonn duine sainordaithe duine atá sonraithe i Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Folaíonn sé seo gach múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. |
| Folaithe/Anaithnidithe | Baineann sé seo le céannacht na bpáirtithe iomchuí dá dtagraítear thuas agus mionsonraí sainaitheanta a cheilt. |
| Fostaí | Úsáidtear an téarma "fostaí" sna nósanna imeachta seo mar chomhchiallach do "duine de phearsanra na scoile" (mar atá mínithe sa ghluais seo). Úsáidtear é i gCaibidil 7 de na nósanna imeachta seo chun an caidreamh idir an fostóir agus an fostaí a léiriú. |
| Fostóir | Tagraíonn an téarma "fostóir" don údarás nó don ghníomhaire scoile cuí. I mbunscoileanna (seachas iad sin atá faoi phátrúnacht Boird Oideachais agus Oiliúna), meánscoileanna deonacha, agus scoileanna pobail agus cuimsitheacha, is é an bord bainistíochta an fostóir. I scoileanna a oibríonn faoi Bhord Oideachais agus Oiliúna, is é an Bord Oideachais agus Oiliúna an fostóir. Ar fud na nósanna imeachta seo, tagraíonn an téarma "fostóir" don bhord bainistíochta nó don Bhord Oideachais agus Oiliúna, de réir mar is cuí. |
| Gníomhaireacht | San Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, tagraíonn "gníomhaireacht" don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla). |
| Leanbh | Is é is leanbh ann aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, gan daoine aonair atá pósta nó a bhí pósta a áireamh. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach dtagann mic léinn atá os cionn 18 mbliana d'aois agus atá rollaithe i scoil go fóill faoin míniú seo. |
| Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIA) | An duine arna cheapadh nó arna ceapadh ag an mbord bainistíochta chun gníomhú mar ionadaí don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA). Gabhann an LDIA freagrachtaí an DIA air nó uirthi féin nuair nach mbíonn an DIA ar fáil. Tá an ról leagtha amach i Rannán 4.3.5 de na nósanna imeachta seo. |
| Mac Léinn | Is é is mac léinn ann aon leanbh atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá rollaithe agus ag freastal faoi láthair ar bhunscoil nó iar-bhunscoil aitheanta nó ar lárionad aitheanta eile oideachais de réir bhrí an Achta Oideachais, 1998. |
| Measúnacht Phriacail | Ciallaíonn "measúnacht phriacail", mar atá mínithe san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, measúnacht ar aon bhaol díobhála do leanbh le linn dó nó di leas a bhaint as seirbhís an tsoláthraí. |
| Páirtithe Iomchuí | Sa chomhthéacs seo, tagraíonn "páirtithe iomchuí" d'aon duine aonair nó grúpa a bhféadfadh a chéannacht nó a céannacht, dá nochtfaí í, a fhágáil go mbeifí in ann leanbh nó duine a bhfuil líomhain déanta ina aghaidh nó ina haghaidh a shainaithint. |
| Pointe Teagmhála Ainmnithe | An pointe teagmhála ainmnithe don Fhoireann Oibre Sóisialaí áitiúil ar Dualgas de chuid Tusla. Tá mionsonraí teagmhála ar fáil ag www.tusla.ie. |

| | |
|---|---|
| Ráiteas um Choimirciú Leanaí | Ráiteas scríofa arna ullmhú de réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. |
| Roinn | Sna nósanna imeachta seo, tagraíonn 'roinn' don Roinn Oideachais agus Óige mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt. |
| Scoil | Ciallaíonn "scoil" bunscoil nó iar-bhunscoil aitheanta. Folaíonn sé seo freisin lárionaid oideachais, mar atá mínithe san Acht Oideachais, 1998, ar a bhfreastalaíonn leanaí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois. |
| Seirbhís Iomchuí | Tagraíonn "seirbhís iomchuí" d'aon obair nó aon ghníomhaíocht atá liostaithe i Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. |
| Soláthraí Seirbhíse Iomchuí | Tá le "soláthraí" an bhrí a shanntar dó in alt 8 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Tagann gach scoil aitheanta faoin míniú seo. |
| Taifead | Tagraíonn "taifead" d'fhaisnéis a choimeádtar i bhfoirm scríofa nó i bhformáid eile agus is féidir a stóráil nó a chomhdú. Feidhmíonn sé mar fhoinse fianaise bhuan. I measc na samplaí de thaifead tá ríomhphoist, nótaí scríofa, leathanaigh leabhar nótaí, grianghraif, teimpléid, agus taifeadtaí fuaime nó físe. Tacóidh úsáid na dteimpléad arna n-eisiúint ag an roinn le dea-choimeád taifead. |
| Tuismitheoir/Cúramóir | Tagraíonn an téarma "tuismitheoir/cúramóir" do thuismitheoirí nó tuismitheoirí linbh nó do chúramóir linbh, de réir mar is cuí. Tá sé ag teacht leis an míniú ar "tuismitheoir" faoin Acht Oideachais, 1998, a fholaíonn: tuismitheoir altrama; caomhnóir arna cheapadh nó arna ceapadh faoin reachtaíocht um chaomhnóireacht; duine a bheidh ag gníomhú *in loco parentis* agus a bhfuil leanbh faoina chúram nó faoina cúram, faoi réir aon chumhachta reachtúla nó ordaithe cúirte; agus, i gcás linbh a uchtaíodh (laistigh nó lasmuigh den Stát), an t-uchtaitheoir nó na huchtaitheoirí nó an t-uchtaitheoir marthanach. |
| Údarás Scoile | Tagraíonn an téarma "údarás scoile" don chomhlacht rialaithe atá freagrach as scoil aitheanta nó lárionad aitheanta oideachais a bhainistiú. Mar shampla, i gcás scoileanna atá faoi phátrúnacht bord oideachais agus oiliúna, feidhmíonn an bord oideachais agus oiliúna mar údarás scoile. I gcás scoileanna nó lárionaid eile oideachais, is gnách go gcomhlíonann an bord bainistíochta nó eintiteas coibhéiseach an ról sin. |

# Caibidil 1:
# Réamhrá

Is é cuspóir na nósanna imeachta seo treoir a thabhairt d'údaráis scoile agus do dhaoine de phearsanra na scoile maidir leis na hoibleagáidí reachtúla atá orthu faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, a chomhlíonadh, mar aon le tacú le cur chun feidhme leantach na treorach dea-chleachtais (neamhreachtúla) atá leagtha amach in *Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (2017).*

Tá sé mar aidhm leis na nósanna imeachta seo faisnéis riachtanach a sholáthar d'údaráis scoile agus do gach duine de phearsanra na scoile chun cabhrú leo a bheith san airdeall agus a bheith feasach ar cad ba cheart a dhéanamh i gcásanna ina bhfuil ábhar imní, drochamhras nó líomhain ann go mb'fhéidir gur tugadh drochúsáid do leanbh nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí. Áirítear leis sin múinteoirí cláraithe agus daoine sainordaithe eile. Áirítear leis freisin daoine de phearsanra na scoile nach daoine sainordaithe iad faoi *Children First*, amhail cúntóirí riachtanas speisialta, glantóirí, feighlithe agus rúnaithe. Cé nach bhfuil na nósanna imeachta seo dírithe ar thuismitheoirí/cúramóirí, is féidir go mbeidh siad ina gcabhair acu maidir le tuiscint a ghnóthú ar na nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag scoileanna maidir le cosaint leanaí.

Tá cosaint leanaí ar an toisc is tábhachtaí i ngach cás. Cuirtear in iúl go láidir sna nósanna imeachta seo nach mór sábháilteacht, folláine agus cosaint leanaí a bheith mar thosaíocht i gcónaí.

Ceanglaítear ar gach bord bainistíochta na nósanna imeachta athbhreithnithe seo a ghlacadh agus a chur chun feidhme go foirmiúil mar chuid den Ráiteas um Choimirciú Leanaí ón scoil. Ceanglaítear ar údaráis scoile agus ar dhaoine de phearsanra na scoile cloí leis na nósanna imeachta athbhreithnithe seo agus iad ag déileáil le líomhaintí nó drochamhras faoi dhrochúsáid leanaí. Tá feidhm ag na nósanna imeachta seo maidir le bunscoileanna agus maidir le hiar-bhunscoileanna araon, agus glacann siad áit na leaganacha uile a eisíodh roimhe seo.

Forbraíodh na nósanna imeachta tar éis comhairliúcháin idir an Roinn Oideachais agus Óige, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht don lucht bainistíochta scoile, tuismitheoirí/cúramóirí agus múinteoirí, an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC), agus Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (dá ngairtear Tusla anseo feasta). Cuirtear san áireamh sna nósanna imeachta an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015, an leagan nuashonraithe de *Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017* a foilsíodh sa bhliain 2017 (dá ngairtear *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* anseo feasta), an tAguisín a ghabhann le *Children First* (2019) agus an tAguisín a ghabhann le *Children First* (2025).

## 1.1 Creat Dlíthiúil

Tá an beartas um leas agus cosaint leanaí bunaithe ar chreat dlíthiúil a sholáthraítear go príomha leis an Acht um Chúram Leanaí, 1991, agus leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Is é an tAcht um Chúram Leanaí, 1991, an príomhphíosa reachtaíochta lena rialáiltear an beartas cúram leanaí in Éirinn. Faoin Acht sin, tá freagracht reachtúil ar Tusla leas leanaí nach bhfuil ag fáil cúram agus cosaint leordhóthanach a chur chun cinn.

### 1.1.1 An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Tugadh isteach leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, príomhbhearta reachtúla cosanta leanaí, a bhfuil roinnt díobh léirithe in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017.* Foráiltear leis do roinnt príomhbheart cosanta leanaí a bhfuil feidhm acu maidir le scoileanna agus múinteoirí cláraithe, lena n-áirítear:

- Oibleagáid reachtúil atá ar scoileanna leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil agus Ráiteas um Choimirciú Leanaí a ullmhú agus a thaispeáint.
- Oibleagáid reachtúil atá ar mhúinteoirí cláraithe ábhair imní cosanta leanaí atá ag tairseach shainithe nó os a cionn a thuairisciú do Tusla.
- Oibleagáid reachtúil atá ar dhaoine sainordaithe cabhrú le Tusla measúnacht a dhéanamh ar phriacal cosanta leanaí, i gcás go n-iarrfaidh Tusla orthu déanamh amhlaidh de réir an Achta.

Feidhmítear an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015, in éineacht le *Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017*. Leagtar amach in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* na hoibleagáidí reachtúla atá ann faoin Acht agus an treoir dea-chleachtais (neamhreachtúil) a bhfuil feidhm aici maidir le gach scoil agus gach duine de phearsanra na scoile araon.

Faoi alt 17 den *Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015*, is cion é faisnéis a nochtadh do thríú páirtí is faisnéis ar chomhroinn Tusla í i gcúrsa measúnachta de dhroim tuarascáil shainordaithe, ach amháin de réir an dlí nó i gcás gur thug Tusla údarú scríofa chun é sin a dhéanamh. Aon duine a mhainneoidh an t-alt sin a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear fíneáil, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

### 1.1.2 An tAcht um Chúram Leanaí, 1991

Is é an tAcht um Chúram Leanaí, 1991, an príomhphíosa reachtaíochta lena rialaítear an beartas cúram leanaí in Éirinn. Faoin Acht sin, tá freagracht reachtúil ar Tusla leas leanaí nach bhfuil ag fáil cúram agus cosaint leordhóthanach a chur chun cinn.

Má chinntear nach bhfuil leanbh ag fáil cúram ná cosaint leordhóthanach, tá dualgas ar Tusla gníomh cuí a dhéanamh chun leas an linbh a chur chun cinn. Féadfaidh go n-áireofar leis sin tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh a bhfuil cúnamh ag teastáil uathu chun cúram agus cosaint a thabhairt dá leanaí. Leagtar amach san Acht freisin an creat reachtúil le haghaidh leanaí a chur faoi chúram, más gá.

### 1.1.3 An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998

Leis an Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998, tugtar cosaint dhlíthiúil d’aon duine a thuairisceoidh drochúsáid leanaí amhrasta d’oifigigh ainmnithe de Tusla nó d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó do chomhaltaí den Gharda Síochána, ar choinníoll go dtabharfar an tuarascáil de mheon macánta agus nach mbeidh sí mailíseach.

Áirítear le hoifigigh ainmnithe freisin daoine atá údaraithe ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Tusla chun tuarascálacha ar ábhair imní shainordaithe faoi leanbh a fháil agus a admháil ó dhaoine sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Ciallaíonn an chosaint dhlíthiúil sin gurb amhlaidh, fiú amháin i gcás go gcruthófar tráth níos déanaí nach bhfuil aon bhunús le tuarascáil ar dhrochúsáid leanaí amhrasta, nach mór do dhuine a thionscnóidh caingean dlí a léiriú nach ndearnadh an tuarascáil le réasún ná de mheon macánta. Ina theannta sin, féadfaidh go mbeidh duine a thabharfaidh tuarascáil de mheon macánta agus ar mhaithe le leas an linbh a bheith faoi chosaint faoin dlí coiteann trí phribhléid shrianta.

Leis an Acht, rinneadh cion de dhrochúsáid leanaí a thuairisciú go bréagach i gcás go dtabharfaidh duine tuarascáil ar dhrochúsáid leanaí d'oifigeach ainmnithe de Tusla nó de FSS nó do chomhalta den Gharda Síochána "agus a fhios aige nó aici an ráiteas sin a bheith bréagach". Is cion coiriúil é sin atá deartha chun daoine neamhchiontacha a chosaint ar thuarascálacha mailíseacha.

Tá an liosta iomlán de dhaoine in Tusla agus in FSS atá ina n-oifigigh ainmnithe faoi Acht 1998 le fáil ar shuíomh Gréasáin an dá ghníomhaireacht faoi seach (www.tusla.ie agus www.hse.ie).

### 1.1.4 An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006 – Leanaí a Chur i mBaol go Meargánta

Le halt 176 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006, rinneadh cion de leanaí a chur i mbaol go meargánta. Féadfaidh go ndéanfaidh duine ag a bhfuil údarás nó smacht ar leanbh nó ar dhrochúsáideoir a chuireann an leanbh i mbaol go hintinneach nó go meargánta an cion sin a dhéanamh:

> trína chur faoi deara, nó trína cheadú, aon duine a chur nó a fhágáil i riocht lena gcruthaítear baol substaintiúil don leanbh go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina íospartach nó ina híospartach díobhála tromchúisí nó drochúsáide gnéasaí; *nó*

> trí mhainneachtain bearta réasúnacha a dhéanamh chun leanbh a chosaint ar bhaol den sórt sin agus a fhios aige nó aici go bhfuil leanbh i riocht den sórt sin.

### 1.1.5 An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017

Leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017, tugtar aghaidh ar theacht i dtír gnéasach ar leanaí, agus spriocdhírítear orthu sin a ghabhann don ghníomhaíocht choiriúil sin. Déantar cionta de leanaí a fháil nó a sholáthar chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh orthu.

Bunaítear leis an Acht freisin cionta i leith gníomhartha a d'fhéadfadh tarlú sna céimeanna tosaigh d'iompraíocht chreachach, sula dtarlóidh aon teacht i dtír i ndáiríre. Áirítear leis sin, mar shampla, úsáid a bhaint as teicneolaíocht nua-aimseartha chun spriocdhíriú ar leanaí nó chun socruithe a dhéanamh bualadh le leanbh agus é ar intinn teacht i dtír gnéasach a dhéanamh air nó uirthi.

Aithnítear leis an Acht freisin gur ann do chaidrimh chomhthoiliúla faoi aois idir piaraí ar ina leith a thagann aon ghníomhaíocht ghnéasach faoi theorainneacha aoise atá sainithe go docht agus nach bhfuil an caidreamh de chineál is cúis le himeagla a chur ná le teacht i dtír a dhéanamh.

### 1.1.6 An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012

Faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012, is cion coiriúil é faisnéis faoi chion tromchúiseach, lena n-áirítear cion gnéasach, a rinneadh in aghaidh duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois nó duine soghonta a choimeád siar.

Tarlaíonn an cion sin i gcás gurb eol do dhuine nó go gcreideann sé nó sí cion sonraithe a bheith déanta in aghaidh linbh nó duine soghonta agus go mbeidh faisnéis aige nó aici a d'fhéadfadh a bheith ina cúnamh maidir le gabháil, ionchúiseamh nó ciontú duine eile sa chion sin ach go mainneoidh sé nó sí—gan leithscéal réasúnach—an fhaisnéis sin a nochtadh a luaithe is indéanta do chomhalta den Gharda Síochána.

Tá na hoibleagáidí tuairiscithe faoin Acht seo ar leithligh ó na hoibleagáidí tuairiscithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus faoi *Children First: Treoir Náisiúnta 2017*, agus tá siad sa bhreis orthu sin. Mar sin, tá sé tábhachtach an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- An fíoras gur dhéileáil duine de phearsanra na scoile le hábhar imní cosanta nó leasa leanaí de réir na nósanna imeachta seo agus/nó gur thuairiscigh sé nó sí é faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ní shaorann sé sin an duine sin ón oibleagáid reachtúil atá air nó uirthi faisnéis a nochtadh don Gharda Síochána faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012, i gcás go mbeidh faisnéis ag an duine sin a thagann faoi raon feidhme an Achta sin; *nó*
- An fíoras gur nocht duine de phearsanra na scoile faisnéis don Gharda Síochána, ní shaorann sé sin an duine sin ó na hoibleagáidí atá air nó uirthi ábhair imní a thuairisciú do Tusla de réir cheanglais na nósanna imeachta seo agus/nó de réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Tá na cionta sonraithe in aghaidh leanaí liostaithe i Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012. Tá na cionta sonraithe in aghaidh daoine soghonta liostaithe i Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin.

### 1.1.7 An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020

Leis an Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020, ar a dtugtar Dlí Coco freisin, cruthaíodh dhá chion nua d'íomhánna dlúthphearsanta a dháileadh gan chomhthoil:

1) Is cion é íomhánna dlúthphearsanta de dhuine a dháileadh nó a fhoilsiú, gan toiliú agus le hintinn díobháil a dhéanamh. Áirítear le pionóis ina leith sin fíneáil neamhtheoranta agus/nó téarma príosúnachta 7 mbliana.
2) Is cion é íomhánna dlúthphearsanta de dhuine a thógáil, a dháileadh nó a fhoilsiú gan toiliú fiú amháin i gcás nach mbeidh aon intinn shonrach ann díobháil a dhéanamh. Áirítear le pionóis ina leith sin fíneáil uasta €5,000 agus/nó téarma príosúnachta 12 mhí.

Tá an dlí seo sa bhreis ar an reachtaíocht atá ann cheana a fhágann go bhfuil sé neamhdhleathach aon íomhánna gáirsiúla nó aon fhíseán nó téacs gáirsiúil de dhuine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois a sheoladh, a fháil nó a chomhroinnt. Ní fhéadfar leanbh atá faoi bhun 17 mbliana d'aois a chúiseamh i gcion faoin Acht ar leith seo ach amháin le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

### 1.1.8 An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022

Tá sé mar aidhm leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, timpeallachtaí digiteacha níos sábháilte a chinntiú agus rialáil ábhair ar líne a neartú. Bunaítear leis an Acht Coimisiún na Meán, údarás reachtúil neamhspleách atá freagrach as seirbhísí ar líne a rialáil agus a mhaoirsiú, go háirithe iad sin a bhfuil rochtain ag leanaí agus daoine óga orthu. Tá sé de chumhacht ag Coimisiún na Meán Cóid Sábháilteachta ar Líne atá ceangailteach a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú atá deartha chun an priacal agus an díobháil a bhaineann le hábhar contúirteach nó míchuí a mhaolú, lena n-áirítear cibearbhulaíocht, féindíobháil, foréigean, agus nochtadh d'ábhair atá míchuí ó thaobh aoise de.

Faoin Acht, tá freagrachtaí sonracha ar scoileanna comhlíonadh a chinntiú agus sábháilteacht ar líne a fheabhsú do leanaí. Ceanglaítear ar scoileanna sábháilteacht ar líne a chomhtháthú isteach ina nósanna imeachta um chosaint leanaí, agus breac-chuntas soiléir á thabhairt ar phróisis le haghaidh bainistiú a dhéanamh ar theagmhais a bhaineann le hábhar digiteach díobhálach nó le cibearbhulaíocht. Ní mór baill foirne a bheith oilte i gcomharthaí ciaptha agus drochúsáide ar líne a aithint agus na bealaí tuairiscithe a thuiscint, lena n-áirítear géarú tríd an DIA agus atreorú ar aghaidh chuig Tusla nó chuig an nGarda Síochána, de réir mar is cuí.

### 1.1.9 Na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016

Leis na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, leagtar oibleagáidí reachtúla ar údaráis scoile (seachas in imthosca teoranta áirithe atá leagtha amach san Acht) nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin sula ndéanfar duine a fhostú, a chonrú nó a shuíomh chun obair nó gníomhaíochtaí iomchuí a ghabháil de láimh le leanaí nó le daoine soghonta nó sula gceadófar do dhuine obair nó gníomhaíochtaí iomchuí den sórt sin a ghabháil de láimh thar ceann na scoile.

Foráiltear leis an Acht freisin do ghrinnfhiosrúchán cúlghabhálach reachtúil agus ath-ghrinnfhiosrúchán tréimhsiúil reachtúil ar fhostaithe, oibrithe deonacha agus daoine eile a ghabhann obair nó gníomhaíochtaí iomchuí de láimh le leanaí nó le daoine soghonta. Beidh údarás scoile ciontach i gcion coiriúil i gcás nach gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí reachtúla grinnfhiosrúcháin atá air faoin Acht.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach ndéanann Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána aon chinneadh faoina oiriúnaí atá aon duine chun obair le leanaí nó le daoine soghonta. Is ar na húdaráis scoile iomchuí i gcónaí a bhíonn cinntí maidir le hoiriúnacht d'obair den sórt sin, agus níor cheart na torthaí grinnfhiosrúcháin a bheith ach mar chomhpháirt amháin den chinneadh earcaíochta.

Tá tuilleadh faisnéise tugtha i gCaibidil 10 de na nósanna imeachta seo faoi na ceanglais maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus faoin ngá atá le nósanna imeachta earcaíochta críochnúla ó thaobh cosaint leanaí de.

### 1.1.10 An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Féadfaidh go mbeidh tuarascálacha a thugtar do Tusla faoi réir na bhforálacha den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, lena gcumasaítear do dhaoine den phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis phearsanta a bhaineann leo atá i seilbh comhlachtaí poiblí. Mar sin féin, foráiltear leis na hAchtanna freisin go bhféadfaidh comhlachtaí poiblí diúltú géilleadh do rochtain ar fhaisnéis a fhaigheann siad i modh rúin.

Áirítear iad seo a leanas leis na díolúintí agus na heisiaimh is iomchuí maidir le cosaint leanaí:

- Taifid a chosaint a thagann faoi phribhléid ghairmiúil dhlíthiúil.
- Taifid a chosaint lena n-éascófaí coir a dhéanamh.
- Taifid a chosaint lena nochtfaí foinse rúnda faisnéise.

Tá boird bhainistíochta arna mbunú faoi alt 14 den Acht Oideachais, 1998 (seachas iad sin arna mbunú nó arna gcothabháil ag boird oideachais agus oiliúna), díolmhaithe ón reachtaíocht saorála faisnéise faoi láthair. Mar thoradh air sin, ní cheanglaítear orthu rochtain a sholáthar go díreach ar a dtaifid mar fhreagra ar iarrataí saorála faisnéise.

Mar sin féin, ba cheart do bhoird a bheith ar an eolas go dtarlóidh sé, más rud é go gcuirfidh siad taifid ar aghaidh chuig comhlacht poiblí atá faoi réir saoráil faisnéise, amhail Tusla, go bhféadfaidh go mbeidh rochtain ar na taifid sin faoin reachtaíocht saorála faisnéise. A luaithe a shealbhóidh an comhlacht poiblí na taifid sin, féadfar iad a iarraidh trí shaoráil faisnéise, cé gur as foinse dhíolmhaithe a tháinig siad.

Féadfaidh go mbeidh scoileanna arna mbunú faoi Bhord Oideachais agus Oiliúna faoi réir na bhforálacha den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, agus leagtar amach san Acht díolúintí agus eisiaimh a mbeidh feidhm acu.

### 1.1.11 Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Tá an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, deartha chun cosaint a thabhairt do na cearta atá ag daoine aonair maidir lena sonraí pearsanta. Faoi RGCS, tá sonraí pearsanta mínithe mar aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta nó le duine nádúrtha is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach.

Leis an reachtaíocht, tugtar do gach duine, beag beann ar náisiúntacht nó ar áit chónaithe, an ceart chun:

- a shuí an ann do shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi;
- rochtain a fháil ar na sonraí sin; *agus*
- a shocrú go ndéanfaí sonraí míchruinne a cheartú nó a léirscriosadh.

Leis an reachtaíocht, ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí a chinntiú, maidir leis na sonraí a choimeádann siad, go mbailítear iad go cothrom, go bhfuil siad cruinn agus cothrom le dáta, go gcoimeádtar iad chun críocha dleathacha, agus nach ndéantar iad a úsáid ná a nochtadh ar aon bhealach nach luíonn leis na cuspóirí sin. Ceanglaítear léi freisin ar rialaitheoirí sonraí agus ar phróiseálaithe sonraí na sonraí a choimeádann siad a chosaint agus leagtar léi dualgas cúraim speisialta orthu maidir leis na daoine aonair a gcoimeádann siad na sonraí sin fúthu.

### 1.1.12 Pribhléid Shrianta

Cé nach bhfuil aon fheidhm ag an gcosaint dhlíthiúil atá leagtha amach san Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998, ach maidir le tuarascálacha a thugtar d'oifigigh ainmnithe de Tusla nó de FSS agus d'aon chomhalta den Gharda Síochána, níor athraíodh leis an reachtaíocht sin an scéal maidir le pribhléid shrianta faoin dlí coiteann.

Mar thoradh air sin, más rud é go soláthróidh comhalta de bhord bainistíochta nó duine de phearsanra na scoile faisnéis don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) nó don údarás scoile faoi dhrochamhras a bhaineann le drochúsáid nó faillí leanaí, measfar, faoin dlí coiteann, go mbeidh pribhléid shrianta ag an gcumarsáid sin.

Tiocfaidh pribhléid shrianta chun cinn i gcás go mbeidh dualgas ar an duine a bheidh ag déanamh na cumarsáide déanamh amhlaidh nó i gcás go mbeidh ceart nó leas aige nó aici maidir leis an leanbh a chosaint agus i gcás go ndéanfar an chumarsáid le duine a bhfuil dualgas den chineál céanna air nó uirthi nó a bhfuil ceart nó leas den chineál céanna aige nó aici. Beifear ag súil leis gur ar mhaithe le leas an linbh a ghníomhóidh an duine atá ag tabhairt na tuarascála, ag gníomhú dó nó di *in loco parentis*, agus measfar, agus an tuarascáil á tabhairt aige nó aici, go mbeidh sé nó sí ag gníomhú ar an modh sin. Ní fhéadfar pribhléid shrianta a easáitiú ach amháin i gcás gur féidir a shuí gur go mailíseach a ghníomhaigh an duine a thug an tuarascáil.

Ina theannta sin, maidir leo sin atá ag tuairisciú nochtadh linbh nó ábhair imní faoi iompraíocht nó leas linbh, ní mheastar go bhfuil siad ag déanamh líomhna mar ní cúisimh agus ní mheastar ach go bhfuil siad ag comhlíonadh a ndualgais de mheon macánta. Níl siad ag cúiseamh ná ag tabhairt cúisimh.

### 1.1.13 Rúndacht

Níor cheart aon fhaisnéis a bhaineann le hábhair imní faoi dhrochúsáid nó faillí fhéideartha leanaí a chomhroinnt ach amháin ar bhonn "riachtanais eolais" ar mhaithe le leas an linbh. Is é an cheist ná an bhfuil aon bhaint dhlisteanach nó aon ról dlisteanach ag an duine maidir le déileáil leis an tsaincheist. Níor cheart dearbhú rúndachta a thabhairt do thríú páirtí a thugann faisnéis.

Mar sin féin, ní sárú rúndachta é faisnéis a thabhairt dóibh sin ar gá dóibh an fhaisnéis sin a bheith acu, chun leanbh a chosaint a mb'fhéidir gur tugadh drochúsáid dó nó di nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí.

Mar chuid dá ról maoirseachta agus dearbhaithe cáilíochta maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtreoirlínte seo, féadfaidh go dteastóidh rochtain ó chigirí ón Roinn Oideachais agus Óige ar chomhaid aonair. Ceanglaítear ar scoil comhoibriú go hiomlán leis an gCigireacht agus rochtain den sórt sin a sholáthar.

Leis na ceanglais a bhaineann le rúndacht atá leagtha amach thuas, ní chuirtear aon chosc ar DIA a chur in iúl do thuismitheoir go bhfuarthas líomhain a bhaineann lena leanbh.

Luaitear in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* gur dea-chleachtas é an tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas i gcás go mbeidh tuarascáil á tabhairt do Tusla faoina leanbh agus é nó í a chur ar an eolas faoi na cúiseanna atá leis an gcinneadh chun an tuarascáil a thabhairt.

Mar sin féin, déantar socrú freisin in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* nach gá tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas go bhfuil tuarascáil á tabhairt:

- más rud é go gcuirfear an leanbh i mbaol breise mar thoradh air sin; *nó*
- i gcásanna ina bhféadfadh eolas an teaghlaigh ar an tuarascáil cur as don chumas a bheidh ag Tusla measúnacht phriacail a dhéanamh; *nó*
- más rud é go mbeidh an tuairisceoir den tuairim réasúnach go bhféadfaí an tuairisceoir a chur i mbaol díobhála ón teaghlach mar thoradh air sin.

I gcás go mbeidh aon amhras ann faoi cé acu ba cheart nó nár cheart a chur in iúl do thuismitheoir/cúramóir go bhfuil tuarascáil á tabhairt maidir lena leanbh, lorgófar comhairle ó Tusla. Soláthraítear i Rannán 5.3.6 go Rannán 5.3.8 de na nósanna imeachta seo tuilleadh treorach maidir le tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas, lena n-áirítear treoir maidir le comhairle a lorg ó Tusla.

### 1.1.14 Measúnacht agus Imscrúdú

Níl sé de fhreagracht ar dhaoine de phearsanra na scoile measúnacht ná imscrúdú a dhéanamh ná ceisteanna a chur ar thuismitheoirí/cúramóirí agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé sin a bheith frith-tháirgiúil. Is faoi Tusla atá sé measúnacht agus imscrúdú a dhéanamh ar dhrochúsáid agus faillí amhrasta agus a chinneadh cén gníomh a dhéanfaidh sé.

### 1.1.15 Daoine Fásta Soghonta

Is maidir le leanaí atá feidhm ag an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus ag *Children First: Treoir Náisiúnta 2017*. Aithnítear, áfach, go bhfreastalaíonn roinnt scoileanna freisin ar mhic léinn fhásta a bhfuil leochaileachtaí breise acu. I gcás go mb'fhéidir gur tugadh drochúsáid do dhuine fásta soghonta nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí, ba cheart comhairle a lorg ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), nó más gá, ón nGarda Síochána. Tá tuilleadh faisnéise maidir le daoine fásta soghonta a choimirciú ar fáil ar shuíomh Gréasáin FSS, www.hse.ie.

### 1.1.16 An Chomhairle Mhúinteoireachta: Tosach Feidhme na Rialachán um an gComhairle Mhúinteoireachta (Faisnéis a bheidh le tabhairt ag fostóir i gcás múinteoir cláraithe a dhífhostú nó i gcás go n-éireoidh sé nó sí as a phost nó as a post), 2023

Leagtar amach sna *Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Faisnéis a bheidh le tabhairt ag fostóir i gcás múinteoir cláraithe a dhífhostú nó i gcás go n-éireoidh sé nó sí as a phost nó as a post), 2023*, na freagrachtaí atá ar fhostóirí fógra a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta in imthosca sonracha a bhaineann le múinteoir cláraithe.

Ní mór d'fhostóirí fógra a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta i gcás:

- go n-éireoidh múinteoir cláraithe as agus go dtiocfaidh an t-éirí as sna sála ar cheachtar díobh seo a leanas:
  - gearán a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil scoile (agus ní leis an gComhairle Mhúinteoireachta); *nó*
  - nósanna imeachta a agairt faoi alt 24 den *Acht Oideachais, 1998; nó*
  - nósanna imeachta araíonachta iomchuí eile.
- go ndéanfaidh a fhostóir nó a fostóir múinteoir cláraithe a dhífhostú.

Tá an fhoclaíocht iomlán agus mionsonraí na faisnéise a bheidh le soláthar leagtha amach sna rialacháin. Tá feidhm ag an gceanglas seo um fhógra a thabhairt maidir le haon éirí as nó aon dífhostú a tharlóidh ón 11 Bealtaine 2023 ar aghaidh.

### 1.1.17 Ráiteas um Choimirciú Leanaí: Neamhchomhlíonadh agus Clár um Neamhchomhlíonadh

Foráiltear leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, go ngabhfaidh gach soláthraí measúnacht de láimh ar aon bhaol díobhála do leanbh le linn dó nó di leas a bhaint as seirbhísí na heagraíochta (dá ngairtear "priacal") agus Ráiteas um Choimirciú Leanaí a thabhairt ar aird de réir an Achta.

Foráiltear leis an Acht freisin go bhféadfaidh Tusla clár um neamhchomhlíonadh a bhunú agus a chothabháil. Tá an clár sin curtha chun feidhme ag Tusla ó shin i leith, rud atá á chothabháil ag an Aonad um Chomhlíonadh Ráiteas um Choimirciú Leanaí. Áirítear leis an gclár ainmneacha soláthraithe a mhainnigh cóip den Ráiteas um Choimirciú Leanaí uathu a sholáthar do Tusla nuair a iarradh orthu déanamh amhlaidh. Cuireann Tusla an clár ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal ina phríomhoifig le linn uaireanta réasúnacha. Tá tuilleadh faisnéise faoin gceanglas atá ar scoileanna Ráiteas um Choimirciú Leanaí a bheith i bhfeidhm acu leagtha amach i gCaibidil 9 de na nósanna imeachta seo.

## 1.2 Cosaint agus Coimirciú Leanaí

Is é is cosaint leanaí ann ná an ghníomhaíocht a bhaineann le cosaint a thabhairt do leanaí atá ag fulaingt díobhála, ar dócha go bhfulaingeoidh siad díobháil nó atá i mbaol díobháil a fhulaingt mar thoradh ar dhrochúsáid, lena n-áirítear faillí, drochúsáid mhothúchánach, drochúsáid fhisiciúil agus drochúsáid ghnéasach.

Tá níos mó ná cosaint leanaí i gceist le coimirciú leanaí, agus baineann sí le cleachtas sábháilte agus freagairtí cuí a chinntiú i measc oibrithe agus oibrithe deonacha maidir le hábhair imní faoi shábháilteacht nó leas leanaí, lena n-áirítear ábhair imní ar líne, má thagann siad sin chun cinn. Is é atá i gceist le coimirciú leanaí ná an leanbh a chosaint ar dhíobháil, a leas a chur chun cinn agus, ar an tslí sin, timpeallacht a chruthú ina gcuirtear ar chumas leanaí agus daoine óga fás, forbairt agus a lánacmhainneacht a bhaint amach.

## 1.3 Na hOibleagáidí atá ar Mhúinteoirí agus ar Scoileanna

Leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, leagtar oibleagáidí reachtúla ar ghairmithe áirithe, lena n-áirítear gach múinteoir cláraithe, dá ngairtear daoine sainordaithe san Acht. Leagtar leis an Acht freisin oibleagáidí reachtúla ar eagraíochtaí áirithe a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí, lena n-áirítear gach scoil.

Leagtar amach in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* na hoibleagáidí reachtúla a bhfuil feidhm acu maidir le daoine sainordaithe, amhail múinteoirí cláraithe, agus na hoibleagáidí reachtúla a bhfuil feidhm acu maidir le heagraíochtaí amhail scoileanna faoin Acht. Leagtar amach sa doiciméad sin freisin na hoibleagáidí dea-chleachtais (neamhreachtúla) atá i bhfeidhm do gach duine aonair (lena n-áirítear múinteoirí) agus do gach earnáil den tsochaí.

Feidhmítear na hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, taobh le taobh leis na hoibleagáidí dea-chleachtais (neamhreachtúla).

Le halt 10 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, leagtar oibleagáid reachtúil ar scoileanna a chinntiú, a mhéid is indéanta, go mbíonn gach leanbh atá ag freastal ar an scoil slán ó dhíobháil le linn dó nó di freastal ar scoil nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile ar shlí eile.

Ar leithligh ón Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, tá dualgas cúraim ar gach scoil i leith a gcuid mac léinn. Ba cheart d'údaráis scoile aird a bheith acu i gcónaí ar an ngá atá le cleachtas stuama ó thaobh cosaint leanaí de.

Tá scoileanna i riocht maith freisin chun sainaithint a dhéanamh ar ábhair imní níos leithne faoi leas leanaí. Nuair a thugtar aghaidh orthu go cuí ag céim luath, is féidir leis na hábhair imní sin rannchuidiú go mór le leas foriomlán agus cosaint fhoriomlán leanaí agus cabhrú le cosc a chur ar dhrochúsáid nó faillí.

Ba cheart tosca cosanta agus leasa leanaí a bheith ina gcuid de gach gné de shaol na scoile, agus ba cheart iad a bheith léirithe i mbeartais, nósanna imeachta agus cleachtais na scoile.

# Caibidil 2:
# Drochúsáid Leanaí a Mhíniú agus a Aithint

Sa chaibidil seo, tugtar tuairisc ar na ceithre phríomhchineál drochúsáide: faillí, drochúsáid mhothúchánach, drochúsáid fhisiciúil, agus drochúsáid ghnéasach. Leagtar amach inti conas is féidir drochúsáid agus faillí a aithint.

Ba cheart do gach duine de phearsanra na scoile a bheith eolach ar chomharthaí agus iompraíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina dtáscairí ar dhrochúsáid leanaí.

Ní mór do dhaoine de phearsanra na scoile a dhéileálann le leanaí a bheith san airdeall go bhféadfadh ábhar imní leasa nó cosanta leanaí teacht chun cinn maidir le leanaí a dtagann siad i dteagmháil leo, agus ba cheart dóibh a bheith eolach ar na comharthaí a d'fhéadfadh a bheith ina dtáscairí ar dhrochúsáid leanaí. Teastaíonn ó leanbh duine éigin as a bhfuil iontaoibh aige nó aici ionas go mbraithfidh sé nó sí go bhfuil sé nó sí in ann drochúsáid a nochtadh. Is gá do leanbh a bheith ar an eolas go gcreidfear é nó í agus go bhfaighidh sé nó sí an cúnamh a theastaíonn uaidh nó uaithi. In éagmais na rudaí sin, d'fhéadfadh an leanbh a bheith soghonta i leith drochúsáid leantach.

In *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* agus sna nósanna imeachta seo, ciallaíonn "leanbh" duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, gan duine atá nó a bhí pósta a áireamh.

**Príomhphrionsabail**

> Ba cheart Tusla a chur ar an eolas i gcónaí i gcás go mbeidh forais imní réasúnacha ag duine go mb'fhéidir gur tugadh drochúsáid do leanbh nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí. Ní gá cruthúnas a bheith ag duine á léiriú gur tharla drochúsáid ionas go bhféadfaidh sé nó sí ábhar imní a thuairisciú do Tusla. Ní gá ach forais imní réasúnacha a bheith ag an duine. Is é an ról atá ag Tusla measúnacht a dhéanamh ar aon ábhair imní a thuairiscítear.

## 2.1 Forais Imní Réasúnacha

Ceanglaítear in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* gur cheart Tusla a chur ar an eolas i gcónaí i gcás go mbeidh forais imní réasúnacha ag duine go mb'fhéidir gur tugadh drochúsáid do leanbh nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí. Más rud é go ndéanfar neamhaird de na comharthaí drochúsáide, d'fhéadfaí díobháil leanúnach a dhéanamh don leanbh. Ní gá cruthúnas a bheith ag duine á léiriú gur tharla drochúsáid ionas go bhféadfaidh sé nó sí ábhar imní a thuairisciú do Tusla. Ní gá ach forais imní réasúnacha a bheith ag an duine. Is é an ról atá ag Tusla measúnacht a dhéanamh ar na hábhair imní a thuairiscítear dó. I gcás go dtuairisceofar ábhar imní, breithneofar go cúramach an fhaisnéis agus aon fhaisnéis eile a bheidh ar fáil, agus déanfar measúnacht cosanta leanaí i gcás go sainaithneofar priacal dóthanach.

Áirítear iad seo a leanas leis na forais réasúnacha le hábhar imní cosanta nó leasa leanaí:

> Fianaise (mar shampla, gortú nó iompraíocht) atá comhsheasmhach le drochúsáid agus nach dócha gur tharla sí ar aon bhealach eile.
> Aon ábhar imní faoi dhrochúsáid ghnéasach fhéideartha.
> Comharthaí comhsheasmhacha go bhfuil leanbh ag fulaingt faillí mhothúchánach nó fhisiciúil.
> Leanbh a bheith ag rá nó ag tabhairt le fios ar bhealach eile gur tugadh drochúsáid dó nó di.
> Duine fásta nó leanbh a bheith ag admháil nó ag tabhairt le fios go ndearna sé nó sí an drochúsáid líomhnaithe.
> Cuntas ó dhuine a chonaic an drochúsáid a bheith á tabhairt don leanbh.

## 2.2 Cineálacha Drochúsáide Leanaí agus Conas a d'Fhéadfaí iad a Aithint

Sa rannán seo, tugtar tuairisc ar na ceithre phríomhchineál drochúsáide: faillí, drochúsáid mhothúchánach, drochúsáid fhisiciúil, agus drochúsáid ghnéasach. Leagtar amach inti conas is féidir drochúsáid agus faillí a aithint.

Ba cheart do gach duine de phearsanra na scoile a bheith eolach ar chomharthaí agus iompraíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina dtáscairí ar dhrochúsáid leanaí.

Féadfaidh go dtabharfar drochúsáid de chineál amháin nó níos mó do leanbh ag aon am ar leith. Is féidir le drochúsáid agus faillí tarlú laistigh den teaghlach, i bpobal nó i suíomh institiúideach. Is féidir duine a bhfuil aithne ag an leanbh air nó uirthi nó strainséir a bheith sa drochúsáideoir, agus is féidir gur duine fásta nó leanbh eile a bheith sa drochúsáideoir freisin.

I gcás go líomhnófar gur leanbh eile a thug drochúsáid, ba cheart é sin a mheas a bheith ina shaincheist leasa agus cosanta leanaí don bheirt leanaí. Ba cheart cloí le nósanna imeachta um chosaint leanaí don íospartach líomhnaithe agus don drochúsáideoir líomhnaithe araon.

Is é an toisc thábhachtach maidir lena chinneadh an drochúsáid nó faillí í an iompraíocht ná tionchar na hiompraíochta sin ar an leanbh, seachas intinn an tuismitheora/an chúramóra/an duine eile.

Ní mínithe dlíthiúla iad na mínithe ar fhaillí agus ar dhrochúsáid atá curtha i láthair sa chaibidil seo. Tá sé mar aidhm leo tuairisc a thabhairt ar bhealaí inar féidir le leanbh drochúsáid a fhulaingt agus ar conas is féidir an drochúsáid sin a aithint.

**Nósanna Imeachta le haghaidh Tuairisciú**

> Tá na nósanna imeachta le haghaidh drochúsáid nó faillí leanaí a thuairisciú le fáil i gCaibidil 5 de na nósanna imeachta seo. Más rud é go measfar go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir teagmháil a dhéanamh le Tusla, ba cheart teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána gan mhoill.

### 2.2.1 Faillí

Leagtar amach in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* gurb í faillí leanaí an chatagóir drochúsáide is minice a thuairiscítear, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta araon. Aithnítear faillí ainsealach leanúnach a bheith thar a bheith díobhálach d'fhorbairt agus folláine an linbh, agus is féidir léi iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha fadtéarmacha a bheith aici.

**Faillí**

> Tarlaíonn faillí nuair nach bhfaigheann leanbh cúram nó maoirseacht leordhóthanach, sa mhéid is go ndéantar díobháil don leanbh ón taobh fisiciúil nó forbartha de.

Tríd is tríd, tá faillí mínithe mar easnamh cúraim, i gcás go gcuirtear isteach ar shláinte, forbairt nó leas linbh de dheasca bia, éadach, teas, sláinteachas, cúram liachta, spreagadh intleachtúil, maoirseacht agus sábháilteacht a cheilt air nó uirthi. Féadfaidh go mbeidh deacrachtaí ceangail ag an leanbh de dheasca faillí mhothúchánach freisin. Imríonn raon tosca éagsúla tionchar ar mhéid an damáiste do shláinte, forbairt nó leas an linbh. Áirítear leis na tosca sin méid an tionchair dhearfaigh, más ann, i saol an linbh, mar aon le haois an linbh agus minicíocht agus comhsheasmhacht na faillí.

Baineann faillí leis an mbochtaineacht, ach ní gá gurb í an bhochtaineacht is cúis léi, agus ní gá ach oiread go mbíonn an bhochtaineacht ina toisc a bhíonn taobh thiar di. Bíonn nasc láidir ag faillí le mí-úsáid substaintí, foréigean teaghlaigh agus meabhairghalar agus míchumas i measc tuismitheoirí.

Bíonn ábhar imní réasúnach ann faoi leas an linbh nuair a thagann faillí chun bheith ina gnáthghné den chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir/cúramóir. Féadfaidh go dtiocfaidh sé sin chun solais i gcás go bhfeictear an leanbh thar thréimhse ama, nó féadfaidh go mbeidh éifeachtaí na faillí le feiceáil go soiléir tar éis an leanbh a fheiceáil uair amháin.

Is iad seo a leanas na gnéithe a bhaineann le faillí leanaí:

- Leanaí a fhágáil leo féin gan cúram ná maoirseacht leordhóthanach.
- Míchothú, easpa bia, bia mí-oiriúnach nó beathú neamhiontaofa.
- Teip neamhorgánach chun bláthú, is é sin le rá, ní chuireann leanbh aon mheáchan air nó uirthi féin mar gheall ar mhíchothú agus ar dhíothacht mhothúchánach araon.
- Teip chun cúram leordhóthanach a sholáthar do riachtanais liachta agus forbartha an linbh, lena n-áirítear spreagadh intleachtúil.
- Dálaí maireachtála neamh-leordhóthanacha – dálaí míshláintiúla agus fadhbanna timpeallachta, lena n-áirítear easpa téimh agus troscáin leordhóthanaigh.
- Easpa éadaigh leordhóthanaigh.
- Neamhaird ar shláinteachas bunúsach.
- Easpa cosanta agus neamhchosaint ar chontúirt, lena n-áirítear contúirt mhorálta nó easpa maoirseachta atá oiriúnach d’aois an linbh.
- Teip leanúnach freastal ar scoil.
- Tréigean.

### 2.2.2 Drochúsáid Mhothúchánach

**Drochúsáid Mhothúchánach**

- Is é is drochúsáid mhothúchánach ann ná drochíde chórasach mhothúchánach nó shíceolaíoch a thabhairt do leanbh mar chuid den chaidreamh foriomlán idir cúramóir agus leanbh.

Ní mheastar gur drochúsáid mhothúchánach iad deacrachtaí aonuaire ná deacrachtaí a tharlaíonn ó am go ham idir tuismitheoir/cúramóir agus leanbh. Tarlaíonn drochúsáid nuair nach bhfreastalaítear ar bhunriachtanas an linbh le haird, le gean, le faomhadh, le comhsheasmhacht agus le slándáil, mar gheall ar éagumas nó neamhshuim ar thaobh a thuismitheora nó a tuismitheora nó a chúramóra nó a cúramóra. Is féidir le drochúsáid mhothúchánach tarlú freisin nuair nach mbíonn daoine fásta atá freagrach as aire a thabhairt do leanaí ar an eolas faoi riachtanais mhothúchánacha agus forbartha na leanaí agus nach bhfuil siad in ann (ar chúiseanna éagsúla) freastal orthu. Ní furasta drochúsáid mhothúchánach a aithint toisc nach mbíonn na héifeachtaí a bhíonn aici le feiceáil go héasca i gcónaí.

Bíonn ábhar imní réasúnach ann faoi leas an linbh nuair a thagann an iompraíocht chun bheith ina gnáthghné den chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir nó an cúramóir.

Is féidir drochúsáid mhothúchánach a fheiceáil ar roinnt de na bealaí seo a leanas:

- Diúltú.
- Easpa compoird agus grá.
- Easpa ceangail.
- Easpa spreagtha chuí (e.g., spraoi agus súgradh).
- Easpa leanúnachais cúraim (e.g., bogadh go minic, go háirithe gan phleanáil).
- Easpa molta agus spreagtha leanúnaigh.
- Cáineadh dianseasmhach, searbhas, naimhdeas, nó milleán a chur ar an leanbh.
- Bulaíocht.
- Tuismitheoireacht choinníollach ina mbíonn an cúram don leanbh nó an gean ar an leanbh ag brath ar iompraíocht nó gníomhartha an linbh.
- Róchosaint a thabhairt go méid iomarcach.
- Pionós míchuí neamhfhisiciúil (e.g., leanbh a chur faoi ghlas sa seomra leapa).
- Coinbhleachtaí leanúnacha teaghlaigh agus foréigean teaghlaigh.
- Ionchais ró-arda a bheith ann don leanbh, i gcoibhneas le haois agus céim forbartha an linbh.

Féadfaidh nach mbeidh aon chomharthaí fisiciúla drochúsáide mothúchánaí ann, ach amháin i gcás go dtarlóidh sí i gcomhthráth le cineál eile drochúsáide. Féadfaidh go léireoidh leanbh comharthaí drochúsáide mothúchánaí trína chuid gníomhartha nó mothúchán nó trína cuid gníomhartha nó mothúchán ar bhealaí éagsúla. Áirítear leo sin ceangal neamhshlán, míshástacht, féinmheas íseal, tearcghnóthachtáil oideachasúil agus forbartha, dul sa seans, agus iompraíocht ionsaitheach.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon táscaire amháin ina fhianaise dhochloíte ar dhrochúsáid mhothúchánach. Is mó seans go mbeidh tionchar diúltach ag drochúsáid mhothúchánach ar leanbh i gcás go mbeidh sí leanúnach le himeacht ama agus go mbeidh easpa tosca cosanta eile ann.

### 2.2.3 Drochúsáid Fhisiciúil

**Drochúsáid Fhisiciúil**

- Is é is drochúsáid fhisiciúil ann ná cás ina ngortaíonn duine leanbh go fisiciúil d’aon ghnó nó ina gcuireann duine leanbh i mbaol gortú fisiciúil.

Féadfaidh go dtarlóidh drochúsáid fhisiciúil mar theagmhas aonair nó mar phatrún teagmhas. Is ann d’ábhar imní réasúnach i gcás go ndéantar, gur féidir go ndéantar, nó go ndearnadh damáiste do shláinte agus/nó forbairt an linbh mar thoradh ar dhrochúsáid fhisiciúil amhrasta.

Is féidir na nithe seo a leanas a bheith i gceist le drochúsáid fhisiciúil:

- Pionós fisiciúil.
- Greadadh, sceilpeáil, bualadh, nó ciceáil.
- Brú, croitheadh, nó caitheamh.
- Pinseáil, greim a bhaint, tachtadh, nó tarraingt gruaige.
- Úsáid fornirt iomarcaigh agus duine á láimhseáil.
- Nimhiú d'aon ghnó.
- Plúchadh.
- Tinneas bréagach/féinspreagtha.
- Ciorrú ball giniúna ban.

Áirítear leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, foráil lena gcuirtear deireadh leis an gcosaint dlí choitinn arb éard í ceartú réasúnach in imeachtaí cúirte. Roimhe sin, d'fhéadfadh tuismitheoir nó duine eile in údarás a chuir smacht fisiciúil ar leanbh an chosaint sin a agairt. Mar thoradh ar an athrú sin sa reachtaíocht, is amhlaidh anois, in ionchúisimh a bhaineann le hionsaí nó cruálacht fhisiciúil, nach bhféadfaidh duine a thug pionós den sórt sin do leanbh brath ar an gcosaint arb éard í ceartú réasúnach sna himeachtaí dlí.

Tá cosc ar phionós corpartha i scoileanna ón mbliain 1982 i leith.

### 2.2.4 Drochúsáid Ghnéasach

**Drochúsáid Ghnéasach**

- Tarlaíonn Drochúsáid Ghnéasach nuair a úsáideann duine eile leanbh chun sásamh nó griogadh a thabhairt dó nó di nó chun sásamh nó griogadh a thabhairt do dhaoine eile.

Áirítear le drochúsáid ghnéasach an leanbh a bheith páirteach i ngníomhartha gnéasacha (glacaireacht, cuimilt, gnéas béil nó treáiteach) nó an leanbh a nochtadh do ghníomhaíocht ghnéasach go díreach nó trí phornagrafaíocht.

Féadfaidh go gcumhdóidh drochúsáid ghnéasach leanaí speictream leathan de ghníomhaíochtaí drochúsáide. Is annamh a bhíonn teagmhas aonair i gceist léi agus, ina lán cásanna, is thar roinnt blianta a tharlaíonn sí. Is minic a tharlaíonn drochúsáid ghnéasach leanaí laistigh den teaghlach, lena n-áirítear siblíní níos sine agus daoine den teaghlach sínte.

Tríd is tríd, tagann cásanna drochúsáide gnéasaí chun solais de ghnáth ó nochtaí ó leanbh nó ó shiblíní/cairde an linbh, ó dhrochamhras atá ar dhuine fásta agus/nó trí chomharthaí fisiciúla.

Ba cheart a mheabhrú go bhféadfaidh gur drochúsáid ghnéasach a bheidh i ngníomhaíocht ghnéasach a bhaineann le duine óg, fiú amháin i gcás nach n-aithneoidh an duine óg é nó í féin í mar sin.

Áirítear iad seo a leanas le samplaí de dhrochúsáid ghnéasach leanaí:

- Aon ghníomh gnéasach a dhéantar go hintinneach i láthair an linbh.
- Cuireadh chun corp linbh a thadhall ar bhealach gnéasach nó go hintinneach nó chun cur isteach ar chorp an linbh, cibé acu a dhéanfaidh an tadhall nó a dhéanfar le rud é ar mhaithe le sásamh nó griogadh gnéasach.

- Glacaireacht i láthair linbh nó rannpháirtíocht linbh i ngníomh na glacaireachta.
- Caidreamh collaí le leanbh, cibé acu is caidreamh collaí béil, faighne nó tóna é.
- Teacht i dtír gnéasach ar leanbh, lena n-áirítear:
  - Cuireadh a thabhairt do leanbh, leanbh a aslú nó iallach a chur ar leanbh gabháil do striapachas nó do léiriú pornagrafaíochta leanaí [mar shampla, taispeáint, mainicíneacht a dhéanamh nó staidiúir a chur air nó uirthi féin chun críche griogtha ghnéasaigh, sásaimh nó gnímh ghnéasaigh, lena n-áirítear an gníomh sin a thaifeadadh (ar scannán, ar fhístéip nó ar mheáin eile) nó íomhá a ionramháil, chun na gcríoch sin, le ríomhaire nó ar mhodh eile];
  - Cuireadh a thabhairt do leanbh, iallach a chur ar leanbh nó leanbh a aslú páirt a ghlacadh in aon ghníomh gnéasach, mígheanasach nó draosta nó breathnú ar an gcéanna;
  - Ábhar gáirsiúil a thaispeáint do leanaí, rud a bhíonn ina ghné den phróiseas 'grúmála' ag an lucht déanta drochúsáide go minic.
- Leanbh a nochtadh d'ábhar míchuí nó drochídeach tríd an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide.
- Gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil a bhaineann le duine fásta agus le duine faoi aois.

Déileálfaidh an Garda Síochána le haon ghnéithe coiriúla de chás drochúsáide gnéasaí faoin reachtaíocht iomchuí ceartais choiriúil. Agus breithniú á dhéanamh ar chion gnéasach in aghaidh linbh a ionchúiseamh, cuirfear san áireamh an mórchuspóir a bhaineann le leas agus cosaint leanaí. Tá ríthábhacht ag baint le sábháilteacht an linbh, agus níor cheart sábháilteacht linbh a chur i mbaol tráth ar bith mar gheall ar imní faoi shláine imscrúdaithe choiriúil.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é 17 mbliana an aois ag a bhféadfar toiliú le caidreamh collaí do bhuachaillí agus do chailíní araon faoin dlí coiriúil. Is neamhdhleathach atá aon chaidreamh gnéasach ina bhfuil páirtí amháin nó an bheirt díobh faoi bhun 17 mbliana d'aois. Ní gá, áfach, go measfaí gur drochúsáid ghnéasach leanaí í. Is féidir mionsonraí faoi na díolúintí do thuairisciú sainordaithe ar ghníomhaíocht ghnéasach áirithe faoi aois a fháil i rannán 4.2.7(a) de na nósanna imeachta seo.

I gcás go dtiocfaidh scoil ar an eolas faoi chaidreamh collaí faoi aois, ba cheart don scoil na bearta cuí a dhéanamh chun tuismitheoirí/cúramóirí an linbh a chur ar an eolas faoi.

## 2.3 An Tairseach Díobhála le haghaidh Tuairisciú Sainordaithe

Leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, cuireadh oibleagáid reachtúil ar dhaoine sonracha ábhair imní cosanta leanaí atá ag tairseach díobhála (mar atá sainithe san Acht sin) nó os a cionn a thuairisciú do Tusla. Gairtear "daoine sainordaithe" de dhaoine den sórt sin faoin Acht. Is daoine sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, iad gach múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Sroichtear an tairseach díobhála nuair is eol don duine sainordaithe, go gcreideann sé nó sí nó go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais aige nó aici gur tugadh drochíde do leanbh, go bhfuil drochíde á tabhairt dó nó di, nó go bhfuil priacal ann go dtabharfar drochíde dó nó di, ar mhodh a rinne difear tromchúiseach, nó atá ag déanamh difear tromchúiseach, nó ar dóigh dó difear tromchúiseach a dhéanamh, do shláinte, d'fhorbairt nó do leas an linbh.

Tá tuilleadh mionsonraí faoi na hoibleagáidí atá ar dhaoine sainordaithe, agus conas a aithint cé acu a sroicheadh nó nár sroicheadh an tairseach díobhála, ar fáil i rannán 4.2.

## 2.4 I gCás go dTiocfaidh Iompraíocht Bhulaíochta chun bheith ina hÁbhar Imní Cosanta Leanaí

Aithnítear go mbíonn bulaíocht ag déanamh difear do líon méadaitheach leanaí agus gur féidir léi a bheith ina cúis le fíorábhair imní faoi leas linbh.

**Bulaíocht**

- Iompraíocht spriocdhírithe, ar líne nó as líne, a dhéanann díobháil is ea bulaíocht. Is féidir an díobháil a dhéantar a bheith de chineál fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Tarlaíonn iompraíocht bhulaíochta arís agus arís eile le himeacht ama, agus bíonn éagothroime cumhachta sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine den tsochaí i gceist léi. *(Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht)*

Ceanglaítear ar údaráis scoile cód iompraíochta agus beartas frithbhulaíochta a bheith i bhfeidhm acu, i gcomhréir leis an doiciméad ón roinn dar teideal *Bí Cineálta: Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi i Scoileanna*, agus mar atá leagtha amach i gCiorclán 55/2024.

Ag tógáil ar thaighde idirnáisiúnta atá ar bun le blianta fada anuas, leagtar amach sa chroímhíniú thuas critéir shoiléire chun cabhrú le pobail scoile bulaíocht i measc mic léinn a chosc, a shainaithint i gceart agus dul i ngleic léi. Is minic a bhíonn teagmhais líomhnaithe bhulaíochta casta, áfach, agus ní mór iad a bhreithniú ar bhonn cás ar chás.

Is ann do chuid mhór cineálacha difriúla iompraíochta bulaíochta, ar féidir leo tarlú ina n-aonar nó le chéile, lena n-áirítear cineálacha fisiciúla, briathartha agus caidrimh, agus is féidir í a dhéanamh ar líne agus as líne. Áirítear le bulaíocht iompraíocht amhail forrántacht fhisiciúil, damáiste do mhaoin, imeaglú, leithlisiú/eisiamh, glaoch ainmneacha, cúlchaint mhailíseach, agus sracadh. Is féidir le bulaíocht a bheith ina cineál drochúsáide atá bunaithe ar inscne, rogha ghnéasach, cine, eitneacht, agus tosca reiligiúnacha. Is ann freisin do chuid mhór cúiseanna difriúla le hiompraíocht bhulaíochta, ar féidir iad a thuiscint ar leibhéal an duine aonair (mar shampla, dúil i gceannas, stádas, díoltas) agus/nó ar leibhéal sochaíoch (mar shampla, bulaíocht fhéiniúlachtbhunaithe amhail bulaíocht chiníoch, bulaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas, bulaíocht ghnéasaíoch, agus bulaíocht ar dhaoine LADTA+). Is minic a bhíonn tionchar láidir ag dearcthaí, iompraíochtaí, noirm agus dinimic cumhachta atá fite fuaite go domhain inár sochaí ar iompraíocht bhulaíochta i scoileanna.

Leis an doiciméad *Bí Cineálta: Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna, www.gov.ie*, ceanglaítear ar gach scoil beartas frithbhulaíochta a bheith acu. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil sa doiciméad sin.

Cé nach mbíonn bulaíocht ina hábhar imní cosanta leanaí de ghnáth, is amhlaidh, i gcásanna tromchúiseacha bulaíochta ina meastar go bhféadfadh an iompraíocht a bheith drochídeach, a fhéadfaidh go mbeidh sé riachtanach atreorú a dhéanamh chuig Tusla nó chuig an nGarda Síochána, de réir mar is cuí.

Is gnách gur féidir dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta gan aon idirghabháil ó Tusla. Mar sin féin, is féidir le hiompraíocht bhulaíochta teacht chun bheith ina hábhar imní cosanta leanaí nuair a thagann díobháil shuntasach fhisiciúil nó mhothúchánach aisti nó nuair a thagann sí chun bheith ina fadhb thromchúiseach dhianseasmhach agus nach n-éiríonn leis na bearta a dhéantar chun dul i ngleic léi.

Agus cinneadh á dhéanamh ar cén uair ba cheart iompraíocht bhulaíochta a thuairisciú do Tusla, ba cheart na tosca seo a leanas a bhreithniú:

- Tionchar ar an leanbh.
- An gníomh cosanta/cuí atá déanta ag tuismitheoirí/cúramóir.
- An gníomh cosanta/cuí atá déanta ag an scoil.
- Rannphháirtíocht an linbh/an teaghlaigh le seirbhísí tacaíochta amhail an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

Más rud é go mbeidh aon amhras ann faoi cé acu is ábhar imní cosanta leanaí í iompraíocht bhulaíochta nó nach ea, lorgóidh an duine idirchaidrimh ainmnithe comhairle ó Tusla de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo.

Más rud é go dtiocfaidh an bhulaíocht chun bheith ina foréigean fisiciúil nó ina bagairtí foréigin, féadfaidh go measfar gur ionsaí í. Is é an Garda Síochána an t-údarás cuí chun iompraíocht choiriúil líomhnaithe a imscrúdú.

## 2.5 Iompraíochtaí Imní agus Cásanna Géarchéime

D'fhorbair an Roinn Oideachais agus Óige an doiciméad dar teideal *Iompraíochtaí Imní a Thuiscint agus Freagairt do Chásanna Géarchéime – Treoirlínte do Scoileanna maidir le Tacú le Scoláirí* chun aghaidh a thabhairt ar an éiginnteacht a bhíonn ag baill foirne maidir le conas freagairt agus iad ag tabhairt aghaidh ar chásanna géarchéime ina bhfuil ábhair imní ann maidir le sábháilteacht fhisiciúil. Tá sé mar aidhm leis na treoirlínte timpeallachtaí ionchuimsitheacha a chruthú ar féidir leo freagairt do riachtanas agus tógáil ar dhea-chleachtas, lena n-áirítear cosc agus díghéarú. Bhí Ciorclán 0081/2024 ag gabháil le foilsiú na dtreoirlínte.

Agus na treoirlínte á scríobh, tugadh aird ar na cearta atá ag leanaí, agus tá siad bunaithe ar chroíluachanna amhail díriú ar fholláine an linbh, meas a chothú, obair le chéile, cur chuige scoile uile a chruthú, timpeallacht shábháilte a chinntiú, agus cloí le ceanglais dhlíthiúla. Cuirtear in iúl sna treoirlínte gur cheart do scoileanna díriú ar straitéisí um chosc agus um dhíghéarú chun a chinntiú nach mbíonn aon ghá le hidirghabhálacha sriantacha ná le srianta.

Is é is srianadh fisiciúil ann ná aon ghnáthamh ina gcuireann duine fásta amháin nó níos mó srian ar ghluaiseacht fhisiciúil an mhic léinn nó ar ghnáthrochtain ar a chorp nó a corp féin. Ní ceadmhach srianadh fisiciúil, mar atá mínithe sna treoirlínte, a úsáid laistigh d'aon suíomh scoile aitheanta ach amháin i gcás géarchéime ina bhfuil priacal láithreach ann do shábháilteacht fhisiciúil mac léinn nó do shábháilteacht daoine eile. Níor cheart srianadh fisiciúil a úsáid chun mac léinn a phionósú as iompraíocht dho-ghlactha in aon imthosca. Is é an míniú atá tugtha ar chásanna géarchéime sna treoirlínte ná aon chás ina gcruthaíonn iompraíochtaí is ábhair imní garbhaol tromchúiseach go ndéanfar díobháil fhisiciúil láithreach don mhac léinn lena mbaineann agus/nó do dhaoine eile laistigh den timpeallacht scoile.

Is é atá i gceist le cur ar cúlráid ná mac léinn a chur go neamhdheonach in aon timpeallacht ina bhfuil an mac léinn ina aonar nó ina haonar agus ina bhfuil cosc fisiciúil air nó uirthi imeacht.

Is cuma conas a dhéantar é, áfach, is mar ghníomh pionósach nó mar phionós a bhaineann cur ar cúlráid don mhac léinn i ngach cás. Níl aon ghníomhú ar thaobh an mhic léinn i gceist leis. Is féidir cosc fisiciúil a chur ar dhuine imeacht trí úsáid a bhaint as doras faoi ghlas, as doras bactha, nó as bealach amach atá á choinneáil dúnta ag comhalta foirne. Sampla eile de chur ar cúlráid is ea cás ina gcreideann mac léinn nach féidir leis nó léi imeacht ó spás, cé nach bhfuil aon bhac fisiciúil le feiceáil.

Ní ceadmhach duine a chur ar cúlráid in aon suíomh scoile.

### 2.5.1 I gCás go mBeidh Ábhar Imní ag Duine de Phearsanra na Scoile nó ag Tuismitheoir faoi Chur i bhFeidhm na dTreoirlínte maidir le hIompraíochtaí Imní a Thuiscint agus Freagairt do Chásanna Géarchéime

#### Cur ar Cúlráid

I gcás go gcreidfidh duine de phearsanra na scoile nó tuismitheoir go mb'fhéidir gur cuireadh duine ar cúlráid sa scoil, ba cheart dó nó di é sin a thuairisciú do phríomhoide na scoile.

Meastar gur cuireadh leanbh ar cúlráid i gcás go raibh gach ceann de na trí thoisc i láthair – is iad sin, coinníodh an leanbh go neamhdheonach, bhí an leanbh ina aonar nó ina haonar, agus bhí cosc fisiciúil ar an leanbh imeacht. Ní mheastar gur cuireadh leanbh ar cúlráid i gcás go raibh toisc amháin nó dhó i gceist.

I gcás go measfar gur cur ar cúlráid é an teagmhas, mar atá leagtha amach sna *Treoirlínte maidir le hIompraíochtaí Imní a Thuiscint agus Freagairt do Chásanna Géarchéime*, féadfaidh gur saincheist cosanta leanaí a bheidh ansin, agus ceanglófar ar an DIA na nósanna imeachta tuairiscithe atá leagtha amach i gCaibidil 5 a leanúint.

I gcás nach measfar gur cur ar cúlráid é an teagmhas, ach nach n-aontóidh an tuismitheoir nó an duine de phearsanra na scoile leis an measúnacht sin, féadfaidh sé nó sí é sin a thuairisciú do Tusla go fóill mar shaincheist cosanta leanaí.

### Srianadh Fisiciúil

I gcás go gceapfaidh duine de phearsanra na scoile go mb'fhéidir gur baineadh úsáid mhíchuí as srianadh fisiciúil sa scoil, ba cheart dó nó di é sin a thuairisciú do phríomhoide na scoile.

I gcás go gceapfaidh tuismitheoir go mb'fhéidir gur baineadh úsáid mhíchuí as srianadh fisiciúil sa scoil, ba cheart dó nó di nós imeachta gearáin na scoile a leanúint.

I gcás go measfaidh duine de phearsanra na scoile nó tuismitheoir gur ábhar imní cosanta leanaí é teagmhas a bhaineann le srianadh fisiciúil, ba cheart dó nó di an ní a thuairisciú don DIA. Ceanglófar ar an DIA ansin na nósanna imeachta tuairiscithe atá leagtha amach i gCaibidil 5 a leanúint.

I gcás nach measfar gur saincheist cosanta leanaí é an teagmhas a bhaineann le srianadh fisiciúil, ach nach n-aontóidh an tuismitheoir nó an duine de phearsanra na scoile leis an measúnacht sin, féadfaidh sé nó sí é sin a thuairisciú do Tusla mar shaincheist cosanta leanaí.

## 2.6 Ábhair Imní maidir le Duine Fásta a d'Fhéadfadh Leanaí a Chur i mBaol

Cé go dtarlaíonn sé i bhformhór na gcásanna go n-eascraíonn ábhair imní maidir le leas nó sábháilteacht linbh as breathnóireacht nó eolas duine éigin ar leanbh ar leith nó ar a theaghlach nó a teaghlach, is amhlaidh uaireanta a thagann ábhair imní chun cinn i ndáil le cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh duine fásta leanaí a chur i mbaol, fiú amháin i gcás nach sainaithnítear aon leanbh ar leith i ndáil leis an ábhar imní. Mar shampla, ar bhonn iompraíochta roimhe atá ar eolas nó a bhfuil drochamhras fúithi, d'fhéadfadh ábhar imní a bheith ann faoin bpriacal a d'fhéadfadh duine aonair a chruthú do leanaí a bhféadfadh teagmháil a bheith aige nó aici leo. Ba cheart aon ábhair imní réasúnacha den sórt sin a thuairisciú do Tusla, a dhéanfaidh iarracht a shuí cé acu atá nó nach bhfuil aon leanbh i mbaol ón duine aonair atá i gceist faoi láthair.

I gcás go mbeidh ábhair imní ag duine de phearsanra na scoile maidir le cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh duine fásta leanaí a chur i mbaol, fiú amháin i gcás nach mbeidh aon leanbh ar leith ainmnithe i ndáil leis an ábhar imní ach go mbeidh sé nó sí éiginnte faoi cé acu ba cheart nó nár cheart an ní a thuairisciú do Tusla, ba cheart comhairle a lorg ó Tusla de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i gcaibidil 5.

Dar le *Children First: Treoir Náisiúnta* 2017, cé go ndéanfaidh Tusla dianiarracht cásanna den sórt sin a scrúdú, is réimse an-chasta é seo a bhaineann le cearta bunreachtúla chun dea-chlú agus chun príobháideachta agus leis an gceart chun beatha a shaothrú. Baineann sé freisin le ceanglais an cheartais aiceanta. Ní mór do Tusla obair laistigh den Bhunreacht, den dlí, den chóras dlí agus d'éilimh an cheartais aiceanta chun cearta na ndaoine lena mbaineann a chothromú, ar cearta iad atá ag teacht salach ar a chéile. Féadfaidh go gcuirfidh sé sin teorainn leis an méid aiseolais a fhéadfaidh Tusla a thabhairt don duine a thuairiscigh an t-ábhar imní maidir le dul chun cinn nó toradh an cháis.

## 2.7 Imthosca a d'Fhéadfadh Leanaí a Dhéanamh Níos Soghonta i leith Drochúsáide agus Faillí

D'fhéadfadh roinnt leanaí a bheith níos soghonta i leith drochúsáide ná leanaí eile. D'fhéadfadh amanna nó imthosca ar leith a bheith ann freisin nuair a d'fhéadfadh leanbh a bheith níos soghonta i leith drochúsáide ina shaol nó ina saol. Rud sonrach, d'fhéadfadh leanaí faoi mhíchumas, leanaí a bhfuil deacrachtaí cumarsáide acu, leanaí atá faoi chúram nó a chónaíonn as baile, nó leanaí a bhfuil fadhbanna ina saol féin ag a dtuismitheoirí a bheith i mbaol méadaithe drochúsáide.

Ní mór do dhaoine de phearsanra na scoile a bhíonn ag déileáil le leanaí a bheith san airdeall go bhféadfadh ábhar imní leasa nó cosanta teacht chun cinn maidir le leanaí a dtagann siad i dteagmháil leo. Teastaíonn ó leanbh duine éigin as a bhfuil iontaoibh aige nó aici ionas go mbraithfidh sé nó sí go bhfuil sé nó sí in ann drochúsáid a nochtadh. Is gá do leanbh a bheith ar an eolas go gcreidfear é nó í agus go bhfaighidh sé nó sí an cúnamh a theastaíonn uaidh nó uaithi. In éagmais na rudaí sin, d'fhéadfadh an leanbh a bheith soghonta i leith drochúsáid leantach.

Tá sé mar aidhm leis an liosta seo a leanas cabhrú le sainaithint a dhéanamh ar an raon saincheisteanna i saol linbh a d'fhéadfadh é nó í a chur i mbaol méadaithe drochúsáide nó faillí. Tá sé tábhachtach a mheabhrú nach gá go gciallódh láithreacht aon cheann de na tosca seo go bhfuil drochúsáid á tabhairt do leanbh sna himthosca nó sna suíomhanna sin.

### Tosca Tuismitheora nó Cúramóra:

- Mí-úsáid drugaí agus alcóil.
- Andúil, lena n-áirítear cearrbhachas.
- Saincheisteanna meabhairshláinte.
- Saincheisteanna míchumais tuismitheora, lena n-áirítear míchumas foghlama nó intleachta.
- Caidreamh coinbhleachta.
- Foréigean baile.
- Tuismitheoirí ógánta.

### Tosca Linbh:

- Aois.
- Inscne.
- Gnéasacht.
- Míchumas.
- Saincheisteanna meabhairshláinte, lena n-áirítear féindíobháil agus féinmharú.
- Deacrachtaí cumarsáide.
- Gáininneáil/Teacht i dtír.
- Drochúsáid roimhe.
- Cúramóir óg.

Tosca Pobail:

- Noirm chultúrtha, eitneacha, reiligiúnacha nó chreideamhbhunaithe sa teaghlach nó sa phobal nach gcomhlíonann na caighdeáin leasa nó cosanta leanaí is gá sa dlínse seo
- Cleachtais atá sonrach don chultúr, lena n-áirítear iad seo a leanas:
  - Ciorrú ball giniúna ban;
  - Pósadh éigeantais;
  - Foréigean onóirbhunaithe;
  - Radacú.

Tosca Timpeallachta:

- Saincheisteanna tithíochta, lena n-áirítear i gcás go bhfuil leanaí i gcóiríocht shealadach nó ag déileáil le socruithe éiginnte tithíochta.
- Leanaí atá as baile agus nach gcónaíonn lena dtuismitheoirí, cibé acu go sealadach nó go buan.
- Bochtaineacht/déircínteacht.
- Bulaíocht.
- Ábhair imní a bhaineann leis an Idirlíon agus leis na meáin shóisialta.

Droch-inspreagadh agus Drochthoilteanas Tuismitheoirí/Caomhnóirí a bheith Rannpháirteach:

- Neamhfhreastal ar choinní.
- Easpa léargais nó tuisceana ar an tionchar a bhíonn á imirt ar an leanbh.
- Easpa tuisceana ar cad is gá tarlú chun athrú a dhéanamh.
- Seachaint teagmhála agus drogall obair i gcomhar le seirbhísí.
- Neamhábaltacht nó neamhthoilteanas déanamh de réir pleananna comhaontaithe.

Ba cheart na tosca sin a bhreithniú mar chuid de bheith san airdeall ar an bhféidearthacht go bhféadfadh leanbh a bheith i mbaol drochúsáide agus le linn ábhair imní réasúnacha a chur in iúl do Tusla.

Ba cheart láithreacht na dtosca sin sa phobal scoile a bhreithniú i gcomhthéacs an Ráitis um Choimirciú Leanaí agus na Measúnachta Priacail ón scoil, in éineacht le haon phriacail eile a shainaithnítear.

## 2.8 Saincheisteanna idir Piaraí

Is féidir le drochúsáid tarlú idir piaraí freisin – lena n-áirítear cásanna ina bhfuil mac léinn amháin os cionn 18 mbliana d'aois. I gcás go mbeidh aon éiginnteacht ann maidir le hábhair imní a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir piaraí, i gcás go mbeidh an bheirt díobh faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó gur duine fásta é nó í duine amháin nó níos mó, ba cheart dul i gcomhairle le Tusla chun comhairle a fháil.

## 2.9 Déileáil le Nochtaí ó Leanaí

Tá sé tábhachtach go mbeadh gach duine de phearsanra na scoile ar an eolas faoi conas freagairt do nochtadh ó leanbh agus go mbeadh siad ullamh dó sin.

**Déileáil le Nochtaí ó Leanaí**

> Féadfaidh leanbh nó duine óg a nochtadh do dhuine de phearsanra na scoile go ndearnadh díobháil dó nó di nó gur tugadh drochúsáid dó nó di nó go bhfuil díobháil á déanamh dó nó di nó go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di.

> Is minic a úsáidfidh leanaí bealaí difriúla chun a chur in iúl go bhfuil drochúsáid á tabhairt dóibh. Más rud é go dtabharfaidh leanbh le tuiscint nó go n-inseoidh sé nó sí do dhuine de phearsanra na scoile go bhfuil duine éigin ag déanamh díobháil dó nó di, ba cheart caitheamh leis sin ar bhealach tuisceanach.

> Is dócha go mbeidh leanbh a bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di faoi strus mór mothúchánach, agus beidh seans ann gurb é nó í duine de phearsanra na scoile an t-aon duine fásta amháin a mbeidh an leanbh sásta iontaoibh a chur ann nó inti. Ní mór a bheith an-chúramach gan damáiste a dhéanamh don iontaoibh sin.

> Féadfaidh go dtairgfear faisnéis i modh rúin, agus beidh tuiscint agus cáiréis de dhíth ar an duine de phearsanra na scoile agus é nó í ag freagairt don nochtadh.

> Beidh ar an duine de phearsanra na scoile an leanbh a chur ar a shuaimhneas nó a suaimhneas agus dianiarracht a dhéanamh iontaoibh an linbh a choinneáil. Beidh air nó uirthi an tráth céanna an gá a bheidh le gníomh a mhíniú, rud a fhágfaidh go mbeidh sé riachtanach daoine fásta eile a chur ar an eolas.

> Beidh sé tábhachtach a insint don leanbh go ndéanfar gach rud is féidir chun é nó i a chosaint agus chun tacú leis nó léi, gan aon ghealltanas a thabhairt nach féidir a choinneáil. Sampla de sin is ea gealltanas a thabhairt gan a insint d'aon duine eile faoin gcás.

Moltar an cur chuige seo a leanas mar dhea-chleachtas le haghaidh déileáil le nochtaí den sórt seo:

> Bí chomh socair agus chomh nádúrtha agus is féidir.

> Éist go cúramach agus go haireach. Tabhair am agus deis don leanbh an oiread faisnéise is féidir agus is mian leis nó léi a thabhairt.

> Creid an leanbh.

> Tabhair faoi deara gur rud an-deacair don leanbh é nochtadh a dhéanamh.

> Cuir an leanbh ar a shuaimhneas nó ar a suaimhneas go bhfuil an rud ceart á dhéanamh aige nó aici agus é nó í ag labhairt leat.

> Ná cuir aon bhrú ar an leanbh. Lig don leanbh nochtadh ar a luas féin agus ina theanga nó ina teanga féin.

> Ná geall aon rud a choinneáil faoi rún.

> Cuimhnigh go bhféadfadh an leanbh a bheith ag tástáil do chuid frithghníomhartha ar dtús agus go bhfuil seans ann nach n-osclóidh sé nó sí suas go hiomlán ach amháin thar thréimhse ama.

> Ná cuir aon tuairimí in iúl faoin drochúsáideoir líomhnaithe.

> Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir an duine a rinne an drochúsáid agus an gníomh drochúsáide féin. Tá seans ann go mbeidh an-ghean ag an leanbh/an duine óg ar an drochúsáideoir líomhnaithe agus nach dtaitníonn leis nó léi an méid a rinneadh dó nó di. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach gan aon bhreithiúnas ná aon fhearg a chur in iúl i leith an chiontóra líomhnaithe agus tú ag labhairt leis an leanbh/an duine óg.

> Tá seans ann go mbeidh sé riachtanach a chur ina luí ar an leanbh/an duine óg nár imir an méid a nocht sé nó sí aon tionchar diúltach ar an dóigh a bhféachann tú air nó uirthi.

- Ba cheart ceisteanna a bheith tacúil, agus níor cheart iad a chur ach amháin chun críche soiléirithe (mar shampla, fiafraigh "An bhfuil an ceart agam agus mé ag rá go…?").
- Ná cuir aon treoircheisteanna. Is é is treoircheisteanna ann ná ceisteanna a chuirtear ar bhealach atá ceaptha chun freagra inmhianaithe a fháil.
- Seiceáil ar ais leis an leanbh go bhfuil an méid atá cloiste agat ceart agus tuigthe.
- Cinntigh go dtuigeann an leanbh na nósanna imeachta a leanfar ina dhiaidh sin.
- Caith leis an bhfaisnéis i modh rúin, faoi réir na gceanglas atá in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* agus sa reachtaíocht iomchuí.

A luaithe is féidir:

- Déan taifead scríofa den chomhrá a luaithe is féidir, agus an oiread mionsonraí agus is féidir á dtabhairt. B'fhearr na focail iarbhír a úsáideadh a lua. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gá an taifead seo a anaithnidiú ag an am seo.
- Ba cheart tuairisc mhion a thabhairt ar chomharthaí gortaithe fhisiciúil agus, más cuí, ba cheart iad a sceitseáil.
- Cé gur cheart ligean do leanbh ráiteas scríofa a dhéanamh má tá sé nó sí ag iarraidh déanamh amhlaidh, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nár cheart a iarraidh ar an leanbh cuntas ar a nochtadh a scríobh don taifead.
- Seiceáil an taifead scríofa leis an leanbh, i gcás gur féidir.

I gcás gur gá, ba cheart gníomh láithreach a dhéanamh chun sábháilteacht an linbh a chinntiú.

Ní mór na ceanglais tuairiscithe atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo a leanúint a luaithe is féidir.

### Tacaíocht Leanúnach

Céim ollmhór do leanbh is ea nochtadh a dhéanamh. Tar éis do leanbh nochtadh a dhéanamh, tá sé tábhachtach go leanfadh an duine de phearsanra na scoile le caidreamh tacúil a chothú leis an leanbh. Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbraithfidh an leanbh go bhfuil sé nó sí sábháilte agus go ndéanfar aon ghníomhartha is gá chun an tsábháilteacht sin a áirithiú.

Ba cheart do dhaoine de phearsanra na scoile leanúint le tacaíocht a thairiscint freisin, go háirithe trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Caidreamh dearfach a chothú leis an leanbh.
- Línte cumarsáide a choinneáil ar oscailt trí éisteacht go cúramach leis an leanbh; Ba cheart caitheamh le haon nochtadh breise mar chéad nochtadh agus ba cheart freagairt dó ar an modh atá léirithe thuas.

Ba cheart caitheamh le haon nochtadh breise mar chéad nochtadh agus ba cheart freagairt dó ar an modh atá léirithe thuas. Ní mór a mheabhrú i gcónaí gurb é ról tacúil, agus ní ról imscrúdaitheach, é an ról atá ag daoine de phearsanra na scoile.

Tá sé tábhachtach déileáil le haon líomhain drochúsáide nó faillí ar bhealach tuisceanach trí éisteacht leis an leanbh agus trí é nó í a éascú chun insint faoin bhfadhb, seachas agallamh a chur ar an leanbh chun mionsonraí a fháil faoi cad a tharla.

D'fhoilsigh Tusla freisin doiciméad dar teideal "Coimirciú Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós imeachta agus Cleachtas", ina bhfuil tuilleadh treorach maidir le freagairt do leanbh a nochtfaidh drochúsáid. Tá an doiciméad sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin Tusla.

# Caibidil 3:
# Líomhaintí Cúlghabhálacha Drochúsáide

Baineann an rannán seo le líomhaintí ó dhaoine fásta faoi dhrochúsáid a d'fhulaing siad le linn a n-óige. Breithnítear ann cé acu ba cheart nó nár cheart an líomhain a thuairisciú do Tusla, agus tá comhairle ann don scoil maidir le conas freagairt i gcás líomhaintí den sórt sin.

## 3.1 Freagairt do Líomhain Chúlghabhálach Drochúsáide

Féadfaidh duine fásta drochúsáid a tharla le linn a óige nó a hóige a nochtadh do dhuine de phearsanra na scoile.

Beidh tuiscint agus cáiréis de dhíth ar an duine de phearsanra na scoile agus é nó í ag freagairt don nochtadh. Tá sé tábhachtach déileáil le haon líomhain drochúsáide nó faillí ar bhealach tuisceanach.

Tá sé tábhachtach a bheith comhbhách agus tuiscint a léiriú go mb'fhéidir gurbh fhiontar ollmhór don duine é an drochúsáid roimhe a nochtadh.

Go háirithe i gcás go ndéanfar an nochtadh trí chomhfhreagras scríofa, féadfaidh go mbeidh an scoil ag iarraidh comhairle dlí nó comhairle a fháil óna comhlacht bainistíochta, óna pátrún nó óna bord oideachais agus oiliúna sula dtabharfaidh sí aon fhreagra. Féadfaidh go mbeidh scoil ag iarraidh roinnt de na nithe seo a leanas a dhéanamh i bhfreagra scríofa:

- A bheith comhbhách agus tuiscint a léiriú go mb'fhéidir gurbh fhiontar ollmhór don duine é an drochúsáid roimhe a nochtadh.
- A chur in iúl nach bhfuil aon ról imscrúdaitheach ag daoine de phearsanra na scoile, agus go bhféadfaidh go mbeidh orthu Tusla a chur ar an eolas faoin tuarascáil.
- A chur in iúl go bhféadfadh an scoil an Garda Síochána a chur ar an eolas i gcásanna inar tharla drochúsáid ghnéasach/fhisiciúil agus ionsaithe gnéasacha/fisiciúla.
- A mhíniú gurb amhlaidh, i gcás go bhfaighidh an Garda Síochána líomhain faoi dhrochúsáid ghnéasach chúlghabhálach ó thríú páirtí, nach ndéanfaidh an Garda Síochána aon teagmháil leis an duine a nocht gur tugadh drochúsáid ghnéasach dó nó di agus é nó í ina leanbh, ach amháin i gcás go mbeidh priacal tromchúiseach láithreach ann do shábháilteacht agus leas an duine sin nó duine eile. Is amhlaidh a bheidh toisc go mbeidh a fhios ag an nGarda Síochána go bhféadfaidh nach mbeidh an duine a rinne an nochtadh ag iarraidh go ndéanfaí imscrúdú ar an ní. Féadfar gearán a dhéanamh go díreach leis an nGarda Síochána d'fhonn a shocrú go ndéanfaí imscrúdú ar an ní.
- Chun tacú leis an duine fógra a thabhairt don Gharda Síochána faoi dhrochúsáid fhisiciúil nó ghnéasach, más rud é go mbeidh sé nó sí ag iarraidh é sin a dhéanamh, féadfar mionsonraí teagmhála a sholáthar mar a leanas: Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta ag GNPSB_SCMU@Garda.ie, an tAonad Rannáin um Sheirbhísí Cosanta de chuid an Gharda Síochána is gaire don duine nó aon stáisiún de chuid an Gharda Síochána. Is é nó í garda a fhreagróidh i gcásanna den sórt sin.
- Teagmháil a dhéanamh le Líne Rúnda an Gharda Síochána ar 1800 666 11. Is é 1800 555 222 uimhir Shaorghlao an Gharda Síochána maidir le Drochúsáid Ghnéasach Leanaí.

Is féidir na hacmhainní seo a leanas a sholáthar freisin:

- An tIonad Éigeandála um Éigniú – 1800 778 888.
- Tá Toward Healing ar fáil do dhaoine a tháinig slán as drochúsáid reiligiúnach, institiúideach nó chléiriúil – Saorghlao 1800 303 416.
- An tSeirbhís Comhairleoireachta Náisiúnta do dhaoine a d'fhulaing drochúsáid nó faillí le linn a n-óige – 1800 234 111.
- Tá One in Four ina eagraíocht a thugann tacaíocht do mharthanóirí fásta drochúsáide gnéasaí leanaí, lena n-áirítear comhairle agus tacaíocht a thabhairt maidir le ráiteas a thabhairt do na Gardaí. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht trí ghlao a chur ar +353 1 6624070, trí ríomhphost a sheoladh chuig info@oneinfour.ie nó trína suíomh Gréasáin ag https://www.oneinfour.ie/contact.
- Tá Connect Counselling ina sheirbhís comhairleoireachta agus tacaíochta teileafóin de chuid FSS do dhaoine fásta a d'fhulaing drochúsáid le linn a n-óige. Poblacht na hÉireann: Saorghlao 1800 477 477, Tuaisceart Éireann agus an Ríocht Aontaithe: 00800 477 477 77 Lasmuigh de Phoblacht na hÉireann agus den Ríocht Aontaithe: 00353 (0)1 865 7495, Suíomh Gréasáin: https://connectcounselling.ie
- Tá na Samáraigh ar fáil chun tacaíocht rúnda neamhbhreithiúnach éisteachta a thabhairt. Cuir glao ar Shaorghlao 116 123, seol ríomhphost chuig jo@samaritans.ie, nó tabhair cuairt ar www.samaritans.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil.
- Cuireann MyMind.org, soláthraí comhairleoireachta ar líne agus i bpearsa, comhairleoireacht agus síciteiripe ar fáil.

## 3.2 Tuairisciú do Tusla – Daoine Sainordaithe

Féach Caibidil 4 chun mionsonraí a fháil faoin ról ginearálta atá ag daoine sainordaithe agus faoi na dualgais ghinearálta atá orthu.

### 3.2.1 Aguisín a ghabhann le *Children First*

D'fhoilsigh an tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais Aguisín a ghabhann le *Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017* i mí Aibreáin 2025. Soiléirítear ann na ceanglais tuairiscithe i ndáil le déileáil le nochtaí cúlghabhálacha ó dhaoine fásta maidir le drochúsáid le linn a n-óige.

### 3.2.2 Daoine Sainordaithe – A Shuí cé acu a Bheidh nó nach mBeidh Tuarascáil Shainordaithe ag Teastáil

Tar éis nochtadh cúlghabhálach a fháil ó dhuine fásta maidir le drochúsáid le linn a óige nó a hóige, ní mór do dhuine sainordaithe breithiúnas gairmiúil a dhéanamh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil aon duine ar leanbh é nó í faoi láthair (is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an leanbh in-sainaitheanta) i mbaol díobhála ón duine is ábhar do na líomhaintí drochúsáide. Ní mór dó nó di a bhreithniú cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh rochtain ar leanaí nó teagmháil le leanaí a bheith ag an duine is ábhar do na líomhaintí.

Beidh sé riachtanach tuarascáil a thabhairt do Tusla i gcás go bhféadfadh an duine a bhfuil líomhain déanta ina aghaidh nó ina haghaidh a bheith ina phriacal reatha nó ina priacal reatha do leanaí.

Agus iad ag cinneadh cé acu is gá nó nach gá dóibh an fhaisnéis a thuairisciú do Tusla, ní mór do mhúinteoirí cláraithe, mar dhaoine sainordaithe, a bhreithniú an bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann gur tugadh drochúsáid do dhuine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois faoi láthair nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí. Is amhlaidh a bheidh fiú amháin i gcás go mbeidh leanaí a bhféadfadh ábhar imní a bheith ann ina dtaobh fós le sainaithint.

### 3.2.3 I gCás nach mBeidh Tuairisciú Sainordaithe ag Teastáil

Ní cheanglaítear ar dhaoine sainordaithe tuarascáil a thabhairt do Tusla ar dhrochúsáid óige a tugadh do dhuine ar duine fásta é nó í anois, in imthosca nár sainaithníodh aon díobháil nó aon bhaol díobhála do leanbh nó nach bhfuil aon drochamhras ann ina leith sin.

Ina theannta sin, in éagmais aon phriacail reatha do leanbh, ní cheanglaítear ar dhuine sainordaithe céannacht an duine a líomhnaítear go ndearna sé nó sí an díobháil don duine fásta ar tugadh drochúsáid dó nó di agus é nó í ina leanbh a thuairisciú do Tusla. Mar sin féin, i gcás go dtoileoidh an duine fásta a sholáthraíonn an fhaisnéis sin le céannacht an duine a líomhnaítear go ndearna sé nó sí an díobháil a thuairisciú, féadfaidh an duine sainordaithe an líomhain a thuairisciú do Tusla agus ba cheart dó nó di déanamh amhlaidh.

### 3.2.4 I gCás go Suífear go mBeidh Tuarascáil Shainordaithe ag Teastáil

I gcás go gcreidfidh duine sainordaithe go gcomhlíonfaidh an priacal na critéir atá leagtha amach i rannán 3.2.2, ba cheart fógra a thabhairt don DIA láithreach agus ba cheart na nósanna imeachta tuairiscithe atá leagtha amach i gCaibidil 5 a leanúint.

### 3.2.5 Tuairisciú Neamh-Shainordaithe

Mar dhuine sainordaithe, féadfaidh múinteoir tuarascáil neamh-shainordaithe a thabhairt freisin, más rud é nach gcomhlíonfaidh an t-ábhar imní an tairseach díobhála do thuairisciú sainordaithe ach go mbraithfidh an duine sainordaithe go bhfuil ábhar imní réasúnach ann faoi leas nó cosaint linbh. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don mhúinteoir fógra a thabhairt don DIA agus na nósanna imeachta tuairiscithe atá leagtha amach i gCaibidil 5 a leanúint.

Mar atá leagtha amach i gCaibidil 5, i ngach cás ina mbeidh an DIA nó duine de phearsanra na scoile éiginnte faoi cé acu atá nó nach bhfuil tuarascáil ag teastáil, ba cheart dó nó di teagmháil a dhéanamh le Tusla le haghaidh comhairle.

### 3.2.6 Nochtadh do Dhuine Sainordaithe roimh an mbliain 2015

Níl feidhm ag na ceanglais tuairiscithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ach amháin maidir le faisnéis a fuair daoine sainordaithe nó ar tháinig siad ar an eolas fúithi ó tháinig an tAcht i bhfeidhm, is cuma cé acu a tharla an díobháil roimh an am sin nó ina dhiaidh.

Mar sin féin, i gcás go mbeidh ábhar imní réasúnach ann faoi dhrochúsáid san am atá thart, i gcás gur tháinig faisnéis ar aird duine shainordaithe roimh an Acht agus go mbeidh priacal leanúnach féideartha ann do leanaí, ba cheart é a thuairisciú do Tusla faoi *Children First: Treoir Náisiúnta 2017*.

## 3.3 Tuairisciú do Tusla – Daoine Neamh-Shainordaithe

Ní cheanglaítear ar dhaoine eile de phearsanra na scoile nach daoine sainordaithe iad, i.e., daoine de phearsanra na scoile nach múinteoirí cláraithe ná daoine sainordaithe eile iad, nochtaí cúlghabhálacha drochúsáide a thuairisciú do Tusla. Mar sin féin, ba cheart dóibh aon nochtadh cúlghabhálach drochúsáide a chur in iúl don DIA, a leanfaidh na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCaibidil 5 agus i gCaibidil 7, de réir mar is gá.

## 3.4 Tuairisciú don Gharda Síochána

I gcásanna áirithe, féadfaidh go mbeidh sé riachtanach an t-ábhar imní a thuairisciú go díreach don Gharda Síochána. Faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012, is cion coiriúil é faisnéis faoi chion tromchúiseach, lena n-áirítear cion gnéasach, a rinneadh in aghaidh duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois nó duine soghonta a choimeád siar.

Tagann an cion chun cinn i gcás gurb eol do dhuine nó go gcreidfidh sé nó sí go ndearnadh cion sonraithe in aghaidh linbh nó duine soghonta agus go mbeidh faisnéis aige nó aici a chabhródh le duine eile a ghabháil, a ionchúiseamh nó a chiontú sa chion sin, agus go mainneoidh sé nó sí gan leithscéal réasúnach an fhaisnéis sin a nochtadh a luaithe is indéanta déanamh amhlaidh do chomhalta den Gharda Síochána. Tá na hoibleagáidí faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012, sa bhreis ar na hoibleagáidí tuairiscithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí.

## 3.5 An Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí chuig an mBord Bainistíochta

Beidh sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí chuig an mbord bainistíochta atá leagtha amach i gCaibidil 12 tagairt d'aon líomhaintí cúlghabhálacha drochúsáide ó dhaoine reatha nó iardhaoine de phearsanra na scoile a cuireadh in iúl don scoil.

# Caibidil 4:
# Róil agus Freagrachtaí

**Príomhphrionsabail**

> I gcás ar bith ina bhfaighidh duine de phearsanra na scoile líomhain nó go mbeidh drochamhras air nó uirthi go mb'fhéidir gur tugadh drochúsáid do leanbh nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí, tuairisceoidh sé nó sí an ní don DIA gan mhoill.

> Ní mór tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus leas an linbh thar aon ábhair imní faoi dhaoine fásta a bhfuil líomhain déanta ina n-aghaidh.

> I gcás go mbeidh forais imní réasúnacha ann, ba cheart tuarascálacha a thabhairt gan mhoill do Tusla.

> Ní mór aon fhorais imní réasúnacha a thuairisciú. Más rud é go ndéanfar neamhaird de chomharthaí nó táscairí drochúsáide, d'fhéadfaí díobháil leanúnach a dhéanamh don leanbh.

> I gcás go mbeidh aon ábhar imní den sórt sin ag múinteoir cláraithe nó ag duine sainordaithe eile, ní mór, i dteannta é thuairisciú don DIA, a bhreithniú freisin an bhfuil an t-ábhar imní ag an tairseach nach mór don mhúinteoir tuarascáil shainordaithe a thabhairt do Tusla aici nó os a cionn.

> Ní mór do gach duine de phearsanra na scoile aird chuí a bheith acu ar an ngá atá le rúndacht i gcónaí.

## 4.1 Freagrachtaí gach Duine de Phearsanra na Scoile

Tá róil ag gach duine de phearsanra na scoile maidir le coimirciú leanaí, agus tá freagrachtaí orthu ina leith sin freisin. Áirítear leo sin múinteoirí cláraithe agus daoine sainordaithe eile, daoine neamh-shainordaithe de phearsanra na scoile, lena n-áirítear cúntóirí riachtanas speisialta, feighlithe agus rúnaithe, agus aon duine eile de phearsanra na scoile atá mínithe sa ghluais.

### 4.1.1 Eolas a Chur ar na Nósanna Imeachta agus Breathnú ar Dhrochúsáid

Ní mór do gach duine de phearsanra na scoile eolas a chur ar na nósanna imeachta seo, lena n-áirítear na ceithre phríomhchineál drochúsáide agus conas is féidir drochúsáid agus faillí a aithint, mar atá leagtha amach i gCaibidil 2.

Cuirfidh an DIA na nósanna imeachta seo agus *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* ar fáil do dhaoine de phearsanra na scoile. Féadfaidh go ndéanfar amhlaidh trí shuíomh ar líne na nósanna imeachta a shonrú (www.gov.ie/childprotectionschools agus/nó suíomh Gréasáin na scoile), trí nasc a sholáthar chuig *Children First: Treoir Náisiúnta 2017*, nó trí líon agus suíomh na gcruachóipeanna de na nósanna imeachta seo atá ar fáil sa scoil a lua. Cuirfear suíomh na ndoiciméad seo agus an modh trínar féidir iad a rochtain ar áireamh sa Ráiteas um Choimirciú Leanaí ón scoil. Tá mionsonraí faoi conas a dhréachtófar an Ráiteas um Choimirciú Leanaí tugtha i gCaibidil 9.

Tá daoine de phearsanra na scoile i riocht an-mhaith chun athruithe ar iompraíocht leanaí, a n-easpa forbartha nó comharthaí drochúsáide atá ar an taobh amuigh a fheiceáil. I gcás ar bith ina bhfaighidh duine de phearsanra na scoile líomhain nó go mbeidh drochamhras air nó uirthi go mb’fhéidir gur tugadh drochúsáid do leanbh nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí, tuairisceoidh an duine de phearsanra na scoile an ní don duine idirchaidrimh ainmnithe (DIA) gan mhoill, i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo.

### 4.1.2 Conas an Méid a Breathnaíodh a Thaifeadadh

Déanfaidh daoine de phearsanra na scoile nóta cúramach dá bhfuil breathnaithe acu agus cén uair a bhreathnaigh siad é. Tabharfar tuairisc mhion ar chomharthaí gortaithe fhisiciúil agus, más cuí, déanfar iad a sceitseáil. Taifeadfar aon trácht ón leanbh lena mbaineann, nó ó aon duine eile, faoi conas a tharla gortú nó teagmhas eile, agus b’fhearr na focail iarbhír a úsáideadh a lua, a luaithe is féidir tar éis an trácht a dhéanamh. Níor cheart an taifead a anaithnidiú ag an am seo. Déanfar an taifead den phlé a shíniú, a dhátú agus a thabhairt don DIA, a choinneoidh ar an gcáschomhad cosanta leanaí é. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach é ról na scoile imscrúdú a dhéanamh ar ábhair imní cosanta leanaí ná fianaise a bhailiú.

I gcás go ndéanfaidh duine fásta líomhain drochúsáide, ba cheart ráiteas scríofa a lorg ón duine sin, i gcás gur féidir.

Beidh an cumas a bheidh ag Tusla measúnacht a dhéanamh ar dhrochamhras nó líomhaintí drochúsáide ag brath ar mhéid agus cáilíocht na faisnéise a thabharfar dó.

### 4.1.3 Daoine Sainordaithe

I gcás go mbeidh aon ábhar imní den sórt sin ag duine sainordaithe, ní mór dó nó di, i dteannta é thuairisciú don DIA, a bhreithniú freisin an bhfuil an t-ábhar imní ag an tairseach nach mór tuarascáil shainordaithe a thabhairt do Tusla aici nó os a cionn. Leagtar amach i Rannán 4.2 den chaibidil seo tuilleadh mionsonraí faoi na hoibleagáidí sonracha atá ar mhúinteoirí cláraithe agus ar dhaoine sainordaithe eile.

### 4.1.4 Iarmhairtí a bhaineann le Neamhthuairisciú

Is ní an-tromchúiseach é mainneachtain aon duine de phearsanra na scoile ní a thuairisciú do Tusla i gcás go gcuirfidh Tusla in iúl dó nó di déanamh amhlaidh nó mainneachtain na nósanna imeachta seo a chomhlíonadh ar shlí eile. Féadfaidh gur ní araíonachta a bheidh ann freisin, agus ba cheart é a thuairisciú don fhostóir, agus ba cheart don fhostóir déileáil leis ar leithligh i gcomhréir leis na nósanna imeachta araíonachta iomchuí.

Faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012, is cion coiriúil é faisnéis faoi chion tromchúiseach, lena n-áirítear cion gnéasach, a rinneadh in aghaidh duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois nó duine soghonta a choimeád siar. Tagann an cion chun cinn i gcás gurb eol do dhuine nó go gcreidfidh sé nó sí go ndearnadh cion sonraithe in aghaidh linbh nó duine soghonta agus go mbeidh faisnéis aige nó aici a chabhródh le duine eile a ghabháil, a ionchúiseamh nó a chiontú sa chion sin, agus go mainneoidh sé nó sí gan leithscéal réasúnach an fhaisnéis sin a nochtadh a luaithe is indéanta déanamh amhlaidh do chomhalta den Gharda Síochána.

Tá na hoibleagáidí tuairiscithe faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in Aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012, sa bhreis ar na hoibleagáidí tuairiscithe faoi *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* agus faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

## 4.2 Na hOibleagáidí Reachtúla atá ar Dhaoine Sainordaithe, lena n-áirítear Múinteoirí Cláraithe

Baineann an rannán seo le gach múinteoir cláraithe atá ag obair i scoileanna, lena n-áirítear an DIA agus an LDIA. Leagtar amach ann na hoibleagáidí reachtúla a bhfuil feidhm acu maidir le gach múinteoir cláraithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus na bearta a bheidh le déanamh ag múinteoirí cláraithe a bhfuil ábhar imní cosanta leanaí acu. Tá sé tábhachtach go gcuirfeadh gach múinteoir cláraithe eolas ar na hoibleagáidí reachtúla atá orthu faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus ar an treoir atá sa chaibidil seo.

Cé go ndéantar tagairt anseo do mhúinteoirí cláraithe, folaíonn an rannán seo aon duine sainordaithe eile atá fostaithe ag an scoil, amhail séiplíneach nó altra, agus tá feidhm aige maidir leis nó léi freisin. Tá liosta iomlán de na daoine sin ar daoine sainordaithe iad leagtha amach in Aguisín 1.

### 4.2.1 Na hOibleagáidí Reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí

Tá dhá phríomhoibleagáid reachtúla ar mhúinteoirí cláraithe mar dhaoine sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015:

a) Aon eolas, aon chreideamh nó aon fhorais réasúnacha drochamhrais go ndearnadh díobháil do leanbh, go bhfuil díobháil á déanamh dó nó di, nó go bhfuil priacal ann go ndéanfar díobháil dó nó di, a thuairisciú do Tusla (alt 14(1) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015), *agus*

b) Cabhrú le Tusla measúnacht a dhéanamh ar ábhar imní a bhí ina ábhar do thuarascáil shainordaithe, más rud é go n-iarrfaidh Tusla go ndéanfaí amhlaidh de réir an Achta (alt 14(2) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015).

### 4.2.2 Na Freagrachtaí Sonracha atá ar Mhúinteoirí Cláraithe

Leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, cuireadh oibleagáid reachtúil ar dhaoine sonracha ábhair imní cosanta leanaí atá ag tairseach díobhála (mar atá sainithe san Acht sin) nó os a cionn a thuairisciú do Tusla. Gairtear "daoine sainordaithe" de dhaoine den sórt sin faoin Acht. Is daoine sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, iad gach múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Ceanglaítear ar aon duine de phearsanra na scoile, lena n-áirítear múinteoir cláraithe, a gheobhaidh líomhain nó a mbeidh drochamhras air nó uirthi go mb'fhéidir gur tugadh drochúsáid do leanbh nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, an ní a thuairisciú don DIA sa scoil gan mhoill.

Ina theannta sin, beidh oibleagáid reachtúil ar gach múinteoir cláraithe, mar dhuine sainordaithe, a thuarascáil shainordaithe nó a tuarascáil shainordaithe féin a thabhairt do Tusla i gcás go mbeidh an t-ábhar imní faoin leanbh ag tairseach díobhála atá sainithe san Acht nó os a cionn. Mar sin, ní mór do mhúinteoir cláraithe, i dteannta an t-ábhar imní atá aige nó aici a thuairisciú don DIA, a bhreithniú freisin an bhfuil an t-ábhar imní ag an tairseach shainithe díobhála sin ag a gceanglaítear air nó uirthi tuarascáil shainordaithe a chur faoi bhráid Tusla. Comhlíonann comhthuarascáil, mar atá leagtha amach faoi 4.2.3 thíos, an oibleagáid reachtúil sin.

### 4.2.3 Comhthuairisciú

**Comhthuairisciú**

- Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ceanglaítear ar mhúinteoirí cláraithe mar dhaoine sainordaithe tuarascáil a thabhairt do Tusla ar aon eolas, aon chreideamh nó aon fhorais réasúnacha drochamhrais go ndearnadh díobháil do leanbh, go bhfuil díobháil á déanamh dó nó di, nó go bhfuil priacal ann go ndéanfar díobháil dó nó di
- Is ar an múinteoir aonair atá an oibleagáid reachtúil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, tuarascáil shainordaithe a thabhairt do Tusla, agus tá feidhm aige sin i ngach cás, is cuma cé acu a thuairisceoidh nó nach dtuairisceoidh an DIA an t-ábhar imní atá i gceist.
- Mar sin féin, comhlíonfaidh múinteoir cláraithe a thabharfaidh tuarascáil shainordaithe do Tusla i gcomhar leis an DIA an oibleagáid reachtúil atá air nó uirthi tuarascáil a thabhairt do Tusla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.
- Más rud é nach dtuairisceoidh duine sainordaithe féin nó i gcomhar leis an DIA, i gcás go mbeidh an t-ábhar imní ag an tairseach shainithe díobhála nó os a cionn, ní bheidh na hoibleagáidí reachtúla atá air nó uirthi comhlíonta aige nó aici. Is amhlaidh an scéal fiú amháin i gcás go dtuairisceoidh an DIA an ní de bhun ábhar imní a tharraingt anuas.

Leagtar amach i gCaibidil 5 de na nósanna imeachta seo an próiseas nach mór do mhúinteoir cláraithe a leanúint i gcás go mbeidh ábhar imní cosanta leanaí aige nó aici.

### 4.2.4 Critéir maidir le Tuairisciú Sainordaithe: An Tairseach Díobhála

San Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, mínítear díobháil mar ionsaí, drochíde, faillí nó drochúsáid ghnéasach, agus cumhdaíonn sí teagmhais aonair agus roinnt teagmhas. Tá tuairisc tugtha ar na ceithre chineál drochúsáide i gcaibidil 2 de na nósanna imeachta seo.

Tá an tairseach díobhála do gach catagóir drochúsáide ag a bhfuil oibleagáid reachtúil ar mhúinteoirí cláraithe mar dhaoine sainordaithe ábhair imní a thuairisciú leagtha amach i gCaibidil 3 de *Children First: Treoir Náisiúnta 2017*. Tá sí leagtha amach thíos freisin.

#### a) Faillí

Tá faillí mínithe mar a leanas: "bia, teas, éadach, sláinteachas, maoirseacht, sábháilteacht nó cúram liachta leordhóthanach a cheilt ar an leanbh". Sroichtear an tairseach díobhála nuair is eol don duine sainordaithe, go gcreideann sé nó sí nó go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais aige nó aici go ndearnadh faillí i riachtanais linbh, go bhfuil faillí á déanamh iontu, nó go bhfuil priacal ann go ndéanfar faillí iontu, ar mhodh a rinne difear tromchúiseach, nó atá ag déanamh difear tromchúiseach, nó ar dóigh dó difear tromchúiseach a dhéanamh, do shláinte, d'fhorbairt nó do leas an linbh.

#### b) Drochúsáid Mhothúchánach/Drochíde

Tá drochíde mínithe mar a leanas: "an leanbh a thréigean nó caitheamh go cruálach leis nó léi, nó a chur faoi deara, a thabhairt chun críche nó a cheadú go dtréigfear an leanbh nó go gcaithfear go cruálach leis nó léi". Tagann drochúsáid mhothúchánach faoin míniú ar dhrochíde a úsáidtear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Sroichtear an tairseach díobhála nuair is eol don duine sainordaithe, go gcreideann sé nó sí nó go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais aige nó aici gur tugadh drochíde do leanbh, go bhfuil drochíde á tabhairt dó nó di, nó go bhfuil priacal ann go dtabharfar drochíde dó nó di, ar mhodh a rinne difear tromchúiseach, nó atá ag déanamh difear tromchúiseach, nó ar dóigh dó difear tromchúiseach a dhéanamh, do shláinte, d'fhorbairt nó do leas an linbh.

### c) Drochúsáid Fhisiciúil

Tagann drochúsáid fhisiciúil faoi na tagairtí d'ionsaí san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Sroichtear an tairseach díobhála nuair is eol don duine sainordaithe, go gcreideann sé nó sí nó go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais aige nó aici go ndearnadh ionsaí ar leanbh, go bhfuil ionsaí á dhéanamh air nó uirthi, nó go bhfuil priacal ann go ndéanfar ionsaí air nó uirthi, ar mhodh a rinne difear tromchúiseach, nó atá ag déanamh difear tromchúiseach, nó ar dóigh dó difear tromchúiseach a dhéanamh, do shláinte, d'fhorbairt nó do leas an linbh.

### d) Drochúsáid Ghnéasach

I gcás gurb eol do mhúinteoir cláraithe mar dhuine sainordaithe, go gcreideann sé nó sí, nó go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais aige nó aici gur tugadh drochúsáid ghnéasach do leanbh, go bhfuil drochúsáid ghnéasach á tabhairt dó nó di, nó go bhfuil priacal ann go dtabharfar drochúsáid ghnéasach dó nó di, beidh oibleagáid reachtúil air nó uirthi é sin a thuairisciú do Tusla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Tabharfar tuarascálacha den sórt sin i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo.

Ós rud é go dtagann gach cineál drochúsáide gnéasaí faoin gcatagóir de rudaí a dhéanann difear tromchúiseach do shláinte, do leas nó d'fhorbairt linbh, ní mór gach ábhar imní faoi dhrochúsáid ghnéasach a chur faoi bhráid Tusla mar thuarascáil shainordaithe.

Tá drochúsáid ghnéasach atá le tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 (arna leasú le halt 55 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017), mínithe mar chion in aghaidh an linbh, mar atá liostaithe i Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Tá liosta iomlán de chionta iomchuí in aghaidh an linbh a meastar gur drochúsáid ghnéasach iad leagtha amach in Aguisín 2 a ghabhann leis na nósanna imeachta seo nó in Aguisín 3 a ghabhann le *Children First: Treoir Náisiúnta 2017*.

Tá eisceacht amháin ann, rud lena ndéileáiltear le gníomhaíocht ghnéasach áirithe idir déagóirí níos sine. Tá an eisceacht sin leagtha amach i rannán 4.2.7 (a) de na nósanna imeachta seo.

## 4.2.5 Nochtaí Drochúsáide ó Leanbh

Cuirtear in iúl in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* nach mór do dhaoine sainordaithe a gheobhaidh nochtadh díobhála ó leanbh, a bheidh ag an tairseach díobhála nó os a cionn (féach rannán 4.2.4 de na nósanna imeachta seo), tuarascáil shainordaithe ar an ábhar imní a thabhairt do Tusla.

Ní cheanglófar ar dhaoine sainordaithe fírinne na n-éileamh ná creidiúnacht an linbh a mheas. Más rud é nach gcomhlíonfaidh an t-ábhar imní an tairseach le haghaidh é a thuairisciú mar ábhar imní sainordaithe ach gurb ionann é agus forais imní réasúnacha (mar atá tuairiscithe i gcaibidil 2 de na nósanna imeachta seo), tuairisceofar an t-ábhar imní do Tusla i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo.

Ar roinnt cúiseanna, féadfaidh go mbeidh drogall ar dhuine sainordaithe a gheobhaidh nochtadh díobhála ó leanbh an nochtadh sin a thuairisciú. Mar shampla, féadfaidh go ndéarfaidh an leanbh nach bhfuil sé nó sí ag iarraidh go dtuairisceofaí an nochtadh, nó féadfaidh go dtiocfaidh an duine sainordaithe ar an tuairim go bhfuil an leanbh sábháilte anois agus nach bhfuil an leanbh ná a theaghlach nó a teaghlach ag iarraidh go bpléifeadh Tusla leis an ní. Ba cheart do dhaoine sainordaithe a bheith ar an eolas, áfach, go mbeidh oibleagáid reachtúil orthu faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ábhair imní den sórt sin a thuairisciú do Tusla (mar thuarascálacha sainordaithe). Ina theannta sin, is gá Tusla a chur ar an eolas faoi gach priacal do leanaí, toisc, tar éis deireadh a chur leis an bpriacal do leanbh amháin, nach bhfágfaidh sé sin nach bhfuil aon leanaí eile i mbaol. Féadfaidh go mbeidh ríthábhacht ag baint leis an bhfaisnéis atá i nochtadh le linn aon mheasúnachta a dhéanfaidh Tusla ar phriacal do leanbh eile anois nó amach anseo.

Ní mór déileáil go tuisceanach agus go gairmiúil le nochtaí drochúsáide ó leanbh, agus moltar an cur chuige atá leagtha amach i rannán 2.9 de na nósanna imeachta seo mar dhea-chleachtas i leith déileáil le nochtaí den sórt sin.

### 4.2.6 Daoine Sainordaithe a Oibríonn le Daoine Fásta

Cuirtear in iúl in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* nach mór do ghairmithe a oibríonn le daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte, míchumais intleachta, andúile nó foréigin teaghlaigh acu nó a chuireann cóireáil ar dhaoine den sórt sin nó gairmithe a oibríonn sna seirbhísí promhaidh breithniú a dhéanamh ar leas agus sábháilteacht aon leanaí atá i dteaghlach an duine sin agus/nó aon leanaí a bhíonn i dteagmháil go tráthrialta leis an duine sin. Féadfaidh go n-oibreoidh gairmithe den sórt sin le daoine a ndearna a sláinte agus a n-iompraíocht díobháil do leanbh nó a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh dó nó di. I gcás go mbeidh aon ábhar imní den sórt sin ag múinteoir cláraithe faoi dhuine, ba cheart é a thuairisciú i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo agus, i gcás gurb infheidhme, i gcomhréir leis na nósanna imeachta maidir le tuairisciú sainordaithe i rannán 5.1 de na nósanna imeachta seo.

### 4.2.7 Eisceachtaí ón Oibleagáid atá ann Tuarascáil Shainordaithe a Thabhairt

#### a) Gníomhaíocht Ghnéasach Áirithe faoi Aois

Faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006, is é 17 mbliana an aois toilithe dhlíthiúil. Is neamhdhleathach atá aon chaidreamh gnéasach ina bhfuil páirtí amháin nó an bheirt díobh faoi bhun 17 mbliana d'aois. Mar sin féin, beidh duine sainordaithe díolmhaithe ó thuarascáil shainordaithe a thabhairt do Tusla maidir le gníomhaíocht ghnéasach faoi aois i gcás go gcomhlíonfar critéir shonraithe áirithe. Is in alt 14(3) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, a leagtar amach an díolúine sin ó ghníomhaíocht ghnéasach faoi aois a thuairisciú. Foráiltear leis nach mbeidh tuarascáil le tabhairt do Tusla más rud é gur deimhin le duine sainordaithe go bhfuil na critéir uile seo a leanas comhlíonta:

- Tá an leanbh lena mbaineann idir 15 bliana d'aois agus 17 mbliana d'aois.
- Ní mó ná 24 mhí an difríocht aoise idir é nó í agus an páirtí eile sa ghníomhaíocht ghnéasach.
- Níl aon difríocht ábhartha ann maidir le cumas nó aibíocht idir na páirtithe atá ag gabháil don ghníomhaíocht ghnéasach lena mbaineann.
- Níl an caidreamh idir na páirtithe atá ag gabháil don ghníomhaíocht ghnéasach lena mbaineann de chineál is cúis le himeagla a chur, nó teacht i dtír a dhéanamh, ar cheachtar páirtí; *agus*
- Cuireann an leanbh lena mbaineann in iúl don duine sainordaithe nach bhfuil sé nó sí ag iarraidh go nochtfaí aon fhaisnéis faoin ngníomhaíocht do Tusla.

Ní bheidh feidhm ag an díolúine thuas i gcás go gcreidfidh leanbh go ndearnadh díobháil dó nó di, go bhfuil díobháil á déanamh dó nó di nó go bhfuil priacal ann go ndéanfar díobháil dó nó di agus go nochtfaidh sé nó sí an creideamh sin don duine sainordaithe. Ina theannta sin, ní mór do gach duine, lena n-áirítear daoine sainordaithe, seasamh leis an bpríomhphrionsabal go bhfuil leas an linbh ar an rud is tábhachtaí agus, más rud é go mbeidh aon ábhair imní ag duine sainordaithe, fiú amháin i gcás go gcomhlíonfar na critéir uile thuas, féadfar tuarascáil a thabhairt do Tusla go fóill.

I gcás go dtiocfaidh scoil ar an eolas faoi chaidreamh collaí faoi aois, ba cheart don scoil na bearta cuí a dhéanamh chun tuismitheoirí an linbh a chur ar an eolas faoi.

### b) Ábhair Imní a Fhorbrófar lasmuigh de Dhualgais Ghairmiúla

Níl feidhm ag an oibleagáid reachtúil atá ann tuarascáil shainordaithe a thabhairt faoin Acht ach amháin maidir le faisnéis a fhaigheann duine sainordaithe le linn a fhostaíochta nó a fostaíochta nó a ghairme nó a gairme mar dhuine sainordaithe. Níl feidhm aici maidir le faisnéis a fhaightear lasmuigh dá chuid oibre nó dá cuid oibre ná maidir le faisnéis a thugtar dó nó di ar bhonn caidrimh phearsanta seachas caidreamh gairmiúil.

Mar sin féin, ba cheart do dhuine sainordaithe déanamh de réir an cheanglais dea-chleachtais (neamhreachtúil) atá ann faoi *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* gach foras imní réasúnach a thuairisciú do Tusla, is cuma cén áit nó cén dóigh a dtiocfaidh siad chun cinn.

### c) Ábhair Imní a Bhí ina nÁbhar do Thuarascáil Shainordaithe Cheana Féin

Más rud é go gcuirfear in iúl do thuairisceoir sainordaithe gur tugadh tuarascáil shainordaithe do Tusla nó gur tugadh cúnamh do Tusla, ní bheidh aon cheanglas ann tuarascáil eile a thabhairt ar bhonn na faisnéise sin agus ar an mbonn sin amháin.

### 4.2.8 Iarmhairtí a bhaineann le Neamhthuairisciú ag Daoine Sainordaithe

Cé nach bhforchuirtear leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, aon smachtbhannaí coiriúla ar dhaoine sainordaithe a mhainneoidh tuarascáil a thabhairt do Tusla, leagtar amach in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* go bhféadfadh iarmhairtí a bheith ann do dhaoine sainordaithe a mhainneoidh tuarascáil a thabhairt. I gcás múinteoirí cláraithe, is ann do roinnt gníomhartha riaracháin a fhéadfaidh Tusla a dhéanamh más rud é go dtiocfaidh sé chun solais, tar éis imscrúdú a dhéanamh, nár thug múinteoir cláraithe tuarascáil shainordaithe agus gur fágadh leanbh i mbaol nó go ndearnadh díobháil dó nó di ina dhiaidh sin.

Féadfaidh Tusla:

a) gearán a dhéanamh faoin múinteoir cláraithe faoi bhun na bhforálacha um Fheidhmiúlacht chun Múineadh de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go 2015.

b) faisnéis maidir leis an mainneachtain tuarascáil a thabhairt a chur ar aghaidh chuig Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. D’fhéadfaí an fhaisnéis sin a nochtadh d’fhostóirí reatha nó d’fhostóirí amach anseo an chéad uair eile a dhéanfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar an múinteoir cláraithe.

### 4.2.9 Cúnamh Sainordaithe

Foráiltear le halt 16 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, go bhféadfaidh Tusla a iarraidh ar dhuine sainordaithe aon fhaisnéis agus cúnamh atá riachtanach agus comhréireach a sholáthar chun cabhrú le Tusla measúnacht a dhéanamh ar an bpriacal do leanbh de bhun tuarascáil shainordaithe. Leis an Acht, leagtar oibleagáid reachtúil ar gach duine sainordaithe iarraidh arna déanamh ag Tusla de réir alt 16 den Acht a chomhlíonadh a luaithe is indéanta. Ní mór do dhuine sainordaithe an iarraidh sin a chomhlíonadh, is cuma cé a thug an tuarascáil shainordaithe.

Féadfaidh go n-áireofar le cúnamh sainordaithe iarraidh chun tuilleadh faisnéise a sholáthar thar an teileafón, tuarascáil ó bhéal nó i scríbhinn a thabhairt ar aird nó freastal ar chruinniú. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi chúnamh sainordaithe, lena n-áirítear an prótacal atá i bhfeidhm ag Tusla le haghaidh cúnamh den sórt sin a iarraidh, a fháil ar shuíomh Gréasáin Tusla, www.tusla.ie.

Cuirtear in iúl in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* go nglacann Tusla leis na teorainneacha ama agus na brúnna atá ar ghairmithe eile agus nach mbainfidh sé leas as cúnamh sainordaithe ach amháin i gcás gur gá, agus sa mhéid is gá, déanamh amhlaidh i ngach cás sonrach.

### 4.2.10 Faisnéis a Chomhroinnt

Leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), ní chuirtear aon chosc ar fhaisnéis a chomhroinnt ar bhonn réasúnach agus comhréireach chun críocha cosanta leanaí. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil sa rannán maidir leis an gCreat Dlíthiúil i gCaibidil 1.

Maidir le faisnéis arna comhroinnt ag Tusla le múinteoir cláraithe, lena n-áirítear DIA, i gcás go mbeidh an múinteoir sin ag tabhairt cúnamh do Tusla measúnacht a dhéanamh, ní ceadmhach don mhúinteoir cláraithe í a chomhroinnt le tríú páirtí, ach amháin i gcás go measfaidh Tusla é sin a bheith cuí agus go dtabharfaidh sé údarú i scríbhinn á rá go bhféadfar an fhaisnéis a chomhroinnt. Tá sé sin ag teacht leis na prionsabail um chosaint sonraí, lena n-aithnítear go bhféadfar, in imthosca áirithe, faisnéis a chomhroinnt ar mhaithe le cosaint leanaí, ach lena n-aithnítear freisin nach mór an chomhroinnt sin a bheith riachtanach agus comhréireach.

### 4.2.11 An Cion arb éard é Nochtadh Neamhúdaraithe

Faoi alt 17 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, is cion é faisnéis a nochtadh do thríú páirtí is faisnéis ar chomhroinn Tusla í i gcúrsa measúnachta de dhroim tuarascáil shainordaithe, ach amháin de réir an dlí nó i gcás gur thug Tusla údarú scríofa don duine sin chun é sin a dhéanamh. Aon duine a mhainneoidh an t-alt sin a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear fíneáil, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi. Tá tuilleadh mionsonraí faoin gceanglas rúndachta leagtha amach i rannán 1.1.13.

### 4.2.12 Cosaint ar Dhliteanas Sibhialta

Foráiltear le halt 16(3) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, go ndéanfar duine sainordaithe, lena n-áirítear múinteoir cláraithe a chomhroinnfidh faisnéis le Tusla de bhun iarraidh ar chúnamh sainordaithe arna déanamh ag Tusla de réir alt 16 den Acht, a chosaint ar dhliteanas sibhialta i ndáil leis an bhfaisnéis sin a chomhroinnt le Tusla. Tá tuilleadh mionsonraí faoi na cosaintí a bheidh ar fáil do dhaoine a thuairisceoidh drochúsáid leanaí leagtha amach i rannáin 1.1.3 agus 1.1.12.

## 4.3 Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIA)

### 4.3.1 DIA a Cheapadh

Ní mór do gach bord bainistíochta comhalta sinsearach lánaimseartha d'fhoireann teagaisc chláraithe na scoile a ainmniú mar dhuine idirchaidrimh ainmnithe (DIA) don scoil.

Táthar ag súil leis gurb é nó í an príomhoide a bheidh sa DIA de ghnáth, agus moltar gurbh é nó í an príomhoide a bheadh sa DIA, i gcás gur féidir. I gcás go gceapfaidh an bord bainistíochta duine eile mar DIA, ba cheart don údarás scoile socruithe a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoinneoidh an DIA an príomhoide ar an eolas go cuí faoi nithe cosanta leanaí. Ba cheart don údarás scoile taifead a choinneáil freisin ar an gcúis nár ainmníodh an príomhoide mar DIA.

Is é an ról atá ag an DIA gníomhú mar dhuine acmhainne d'aon duine de phearsanra na scoile a bhfuil ábhar imní cosanta leanaí aige nó aici. Ba cheart don DIA a bheith eolach ar chosaint leanaí, agus ba cheart aon oiliúint a mheasfar a bheith riachtanach chun an ról sin a chomhlíonadh a chur air nó uirthi.

### 4.3.2 DIA a Cheapadh

Freagracht eile atá ar an mbord bainistíochta is ea comhalta amháin eile d'fhoireann teagaisc chláraithe lánaimseartha na scoile (dá ngairfear an leasduine idirchaidrimh ainmnithe/LDIA) a cheapadh chun freagrachtaí an DIA a ghlacadh air nó uirthi féin i gcás go mbeidh an DIA as láthair. Táthar ag súil leis gur leas-phríomhoide na scoile a bheidh san LDIA, i gcás gur féidir.

Níl aon cheanglas ann LDIA a cheapadh i gcás scoil aon mhúinteora, áit nach bhfuil aon chomhalta lánaimseartha eile den fhoireann teagaisc ann ar féidir an ról sin a shannadh dó nó di. I scoileanna den sórt sin, i gcás go mbeidh an príomhoide as láthair, glacfaidh an t-ionadaí a fhostófar chun áit an phríomhoide a ghlacadh na dualgais iomchuí a bhaineann le ról an DIA air nó uirthi féin. Is ar an scoil is fostóir a bheidh an fhreagracht as a chinntiú go gcuirfear aon ionadaí a fhostófar in imthosca den sórt sin ar an eolas go hiomlán faoi na dualgais a bhaineann le ról an DIA agus go bhféadfaidh sé nó sí na freagrachtaí atá i gceist a ghlacadh go héifeachtach air nó uirthi féin.

Cinnteoidh an bord bainistíochta go mbeidh socruithe i bhfeidhm chun an LDIA a chumasú na freagrachtaí a bheidh air nó uirthi a ghlacadh go héifeachtach air nó uirthi féin i gcás go mbeidh an DIA as láthair agus chun a chinntiú go mbeidh an LDIA in ann na taifid iomchuí a rochtain, nuair is gá.

### 4.3.3 I gCás go mBeidh an DIA agus an LDIA araon as Láthair

I gcás go mbeidh an DIA agus an LDIA araon as láthair agus nach mbeidh siad ar fáil, agus i gcás nach mbeidh aon chomhalta foirne ag gníomhú go foirmiúil ina ról, glacfaidh cathaoirleach an bhoird bainistíochta nó, i scoil boird oideachais agus oiliúna, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó a thoscaire nó a toscaire an ról a chomhlíonann an DIA de ghnáth air nó uirthi féin.

### 4.3.4 Ról an DIA

**Ról an DIA**

> Ceanglais Tuairiscithe

Tá an DIA freagrach as a chinntiú go leantar i gceart agus go pras na ceanglais tuairiscithe atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo.

> Duine Iomchuí

Ceapfar an DIA mar an "duine iomchuí" faoi alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, chun go mbeidh sé nó sí mar chéad phointe teagmhála i leith an Ráitis um Choimirciú Leanaí ón scoil.

> Duine Idirchaidrimh Ainmnithe

Is é nó í an DIA a bheidh sa duine idirchaidrimh ainmnithe don scoil agus í ag déileáil le Tusla, leis an nGarda Síochána agus le páirtithe eile, i ndáil le líomhaintí agus/nó ábhair imní faoi dhrochúsáid agus faillí leanaí. Cuirfidh an DIA in iúl do na páirtithe eile sin gur tríd an DIA a sheolfaidh siad gach ní a bhaineann le próiseáil nó measúnacht/imscrúdú ar dhrochúsáid líomhnaithe leanaí.

> Ról an DIA agus an Phríomhoide

Cé gur róil ar leith iad ról an DIA agus ról an phríomhoide, táthar ag súil leis gurb é nó í an príomhoide a bheidh sa DIA de ghnáth. I gcás gurb é nó í an DIA an príomhoide freisin, ba cheart don DIA ról an phríomhoide, mar atá leagtha amach i Rannán 4.4, a chomhlíonadh freisin.

> *Children First: Treoir* agus Cóipeanna de na Nósanna Imeachta seo a Chur ar Fáil do Dhaoine den Phearsanra

Cuirfidh an DIA cóipeanna de na nósanna imeachta seo agus de *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* ar fáil do dhaoine de phearsanra na scoile, mar atá leagtha amach i rannán 4.1.1 de na nósanna imeachta seo.

Is seanbhunaithe san earnáil scoileanna atá an ról lárnach a imríonn an DIA maidir le cosaint leanaí agus, mar gheall ar na scileanna suntasacha ceannaireachta a theastaíonn don ról, is é nó í príomhoide na scoile a ghníomhaíonn mar DIA de ghnáth.

Tá tábhacht ar leith ag baint le ról an DIA maidir le bainistiú agus maoirseacht laethúil a dhéanamh ar thuairisciú cosanta leanaí. Chuige sin, gníomhaíonn an DIA mar phríomhdhuine acmhainne d'aon duine de phearsanra na scoile a bhfuil ábhar imní cosanta leanaí aige nó aici, agus cinntíonn sé nó sí go leantar ceanglais tuairiscithe na nósanna imeachta seo i gceart agus go pras agus go gcoimeádtar gach taifead cuí i gceart. Toisc gurb é nó í príomhoide na scoile an DIA i gcásanna den sórt sin, beidh sé nó sí freagrach as an tuarascáil ón bpríomhoide a sholáthar do gach cruinniú den bhord bainistíochta. Ar leithligh ón tuarascáil ón bpríomhoide, is amhlaidh, mar mhír aonair, a sholáthróidh an príomhoide Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí. Tá tuilleadh mionsonraí ina leith sin leagtha amach i rannán 12.3.

### 4.3.5 Ról an LDIA

**Ról an LDIA**

> In Éagmais an DIA

In éagmais an DIA, glacfaidh an LDIA freagrachtaí an DIA air nó uirthi féin, lena n-áirítear cabhrú lena chinntiú go leanfar le tacaíocht chuí a thabhairt do leanbh agus/nó do theaghlach.

> Tacú leis an DIA

Tacóidh an LDIA le hobair an DIA maidir leis an ról sin a chomhlíonadh. Áireofar na nithe seo a leanas leis sin:

- tacú leis an DIA a chinntiú go leantar na nósanna imeachta um chosaint leanaí;
- tacú leis an DIA taifid chruinne a choimeád agus a chinntiú go gcloítear leis na prótacail tuairiscithe uile.

> Coinneáil ar an Eolas

Coinneofar an LDIA ar an eolas faoi chásanna gníomhacha ionas go mbeidh sé nó sí in ann gabháil go réidh do ról an DIA i gcás go mbeidh an DIA as láthair.

D'ainneoin na tacaíochta a thugann an LDIA mar atá leagtha amach thuas, tá an méid seo a leanas fíor i ngach cás:

- Ba cheart teagmháil a dhéanamh i gcónaí leis an oibrí sóisialach ar dualgas de chuid Tusla nuair a theastaíonn comhairle ón DIA.
- Níl sé fíor go bhféadfaidh an DIA agus an LDIA araon líomhain a fháil. Má tá an DIA agus an LDIA araon ar an láthair, is é nó í an DIA a gheobhaidh an tuarascáil i gcónaí.
- Tá DIA amháin agus LDIA amháin ann sa scoil.
- Ní fhéadfar an tacaíocht ón LDIA a úsáid mar phróiseas scagtha ná ní fhéadfaidh sí aon mhoill ama a chur ar an tuairisciú.
- I gcás líomhain in aghaidh an LDIA, ní fhéadfaidh an DIA tacaíocht a lorg ón LDIA agus an cás sin á bhainistiú aige nó aici.

> I gcás go mbeidh líomhain drochúsáide ann in aghaidh an DIA, glacfaidh cathaoirleach an bhoird bainistíochta nó, i scoileanna inarb é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó a thoscaire nó a toscaire an ról a chomhlíonann an DIA de ghnáth air nó uirthi féin. Tacóidh an LDIA leis an gcathaoirleach nó leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ina ról mar DIA i gcás den sórt sin.

Taifeadfar sa Ráiteas um Choimirciú Leanaí ainm an DIA, an LDIA agus an duine iomchuí (is é sin, an duine arb é nó í an chéad phointe teagmhála i leith an Ráitis um Choimirciú Leanaí ón soláthraí (i suíomh scoile, is é nó í sin an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe)).

## 4.4 Ról an Phríomhoide

Is gnách gurb é nó í an Príomhoide a ghníomhóidh mar Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe.

I dteannta an róil atá aige nó aici mar DIA, agus fiú amháin in imthosca nach é nó í an príomhoide an DIA iontu, tá ról ag an bpríomhoide maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chosaint leanaí.

Ag gach cruinniú den bhord bainistíochta, is amhlaidh, mar mhír aonair, a sholáthróidh an príomhoide Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí. Tá mionsonraí faoina mbeidh sa tuarascáil sin leagtha amach i rannáin 12.3.4 go 12.3.8 de na nósanna imeachta seo.

## 4.5 Ról an Bhoird Bainistíochta

### 4.5.1 Oibleagáidí Reachtúla

Is iad seo a leanas na príomhoibleagáidí reachtúla atá ar bhord bainistíochta faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015:

> a chinntiú, a mhéid is indéanta, go mbíonn leanaí slán ó dhíobháil le linn dóibh leas a bhaint as seirbhísí na scoile (i.e., le linn dóibh freastal ar an scoil nó le linn dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile).

> measúnacht a ghabháil de láimh ar aon bhaol díobhála do leanaí le linn dóibh freastal ar an scoil nó le linn dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile (gairtear measúnacht phriacail den mheasúnacht sin).

> Ráiteas scríofa um Choimirciú Leanaí a ullmhú agus a thaispeáint (lena n-áirítear measúnacht phriacail), de réir cheanglais an Achta.

> "duine iomchuí" a cheapadh mar chéad phointe teagmhála i leith an Ráitis um Choimirciú Leanaí ón scoil. Ceanglaítear le *Children First: Treoir 2017* go gceapfaí an DIA chuig an ról sin.

> cóip den Ráiteas um Choimirciú Leanaí uaidh a sholáthar do dhaoine de phearsanra na scoile agus, i gcás go n-iarrfar air déanamh amhlaidh, do thuismitheoirí, don phobal agus do Tusla.

### 4.5.2 Na Nósanna Imeachta a Chur Chun Feidhme

Tá boird bhainistíochta freagrach as a chinntiú go gcuirfear chun feidhme ina n-iomláine na ceanglais maidir le coimirciú leanaí sna nósanna imeachta seo, agus ní mór dóibh maoirseacht chuí a dhéanamh ina leith sin. Cinnteoidh an bord bainistíochta freisin go gcomhlíonfaidh sé ceanglais mhaoirseachta uile na nósanna imeachta seo, lena n-áirítear iad sin atá leagtha amach i gcaibidil 12.

### 4.5.3 Rúndacht

Meabhraítear do chomhaltaí den bhord bainistíochta freisin go bhfuil dualgas orthu cruinnithe boird a choinneáil faoi rún agus nach ceadmhach dóibh nithe a phléitear ag cruinnithe boird a nochtadh ná a phlé ach amháin i gcás go dtabharfaidh an bord bainistíochta údarú sainráite dóibh déanamh amhlaidh. Féadfaidh an pátrún aon chomhalta den bhord bainistíochta a sháróidh an ceanglas sin a bhaint den bhord, de réir na bhforálacha iomchuí d'alt 16 den Acht Oideachais, 1998. Féadfaidh nach gcosnófar é nó í in aon imeachtaí dlí a thionscnófar ina aghaidh nó ina haghaidh leis an tslánaíocht ghinearálta a thugtar do chomhaltaí de bhord bainistíochta faoi alt 14(7) den Acht Oideachais, 1998.

Níor cheart aon fhaisnéis ná aon mhionsonraí lena bhféadfaí leanbh nó duine de phearsanra na scoile a shainaithint a thaifeadadh sna miontuairiscí ar chruinnithe den bhord bainistíochta.

## 4.6 Ról Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

### 4.6.1 Líomhain Drochúsáide in Aghaidh an DIA

I gcás go mbeidh líomhain drochúsáide ann in aghaidh an DIA, glacfaidh cathaoirleach an bhoird bainistíochta nó, i scoileanna inarb é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó a thoscaire nó a toscaire an ról a chomhlíonann an DIA de ghnáth faoi rannán 5.3 air nó uirthi féin, agus leanfaidh sé nó sí na nósanna imeachta atá leagtha amach sa rannán sin.

## 4.7 Ról an Phátrúin

### 4.7.1 Líomhaintí in Aghaidh Comhaltaí den Bhord Bainistíochta

I gcás go ndéanfaidh an DIA nó an fostóir líomhain nó drochamhras faoi dhrochúsáid leanaí maidir le comhalta den bhord bainistíochta a thuairisciú do Tusla, cuirfidh an DIA in iúl don phátrún gan mhoill gur cuireadh tuarascáil a bhaineann le comhalta den bhord faoi bhráid Tusla, agus coinneoidh sé nó sí taifead ar an méid sin a dhéanamh ar an gcáschomhad iomchuí. Is faoin bpátrún a bheidh sé a chinneadh cé acu a bheidh nó nach mbeidh aon ghníomh ag teastáil maidir le ról leantach an chomhalta ar an mbord bainistíochta, lena n-áirítear cé acu a fheidhmeoidh nó nach bhfeidhmeoidh an pátrún na cumhachtaí atá aige faoi alt 16 den Acht Oideachais, 1998.

### 4.7.2 Faisnéis a Bheidh le Soláthar don Phátrún

De réir alt 14 den Acht Oideachais, 1998, bainistíonn an bord bainistíochta an scoil thar ceann an phátrúin. Le halt 14 den Acht, ceanglaítear ar an mbord bainistíochta dul i gcomhairle leis an bpátrún agus é a choinneáil ar an eolas maidir le cinntí agus tograí de chuid an bhoird. Tá feidhm ag an gceanglas sin maidir le raon cinntí agus tograí de chuid an bhoird, lena n-áirítear aon chinn a bhaineann le cosaint leanaí.

Ní mór cóip den Ráiteas um Choimirciú Leanaí agus an fógra maidir leis an athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Choimirciú Leanaí a sholáthar don phátrún.

Cuirfear taifid ar an athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Choimirciú Leanaí agus toradh an athbhreithnithe ar fáil don phátrún, más rud é go n-iarrfar iad.

Ní mór an pátrún a chur ar an eolas freisin i gcás nár chomhlíon an bord bainistíochta na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCaibidil 12 agus nár thuairiscigh sé líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí do Tusla, ná nár thug sé ordú don DIA líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí a thuairisciú do Tusla, i gcás gur chuir Tusla in iúl dó déanamh amhlaidh. I gcásanna den sórt sin, breithneoidh an pátrún cén gníomh a dhéanfar, agus féadfaidh go n-ordóidh sé don bhord bainistíochta agus/nó don DIA na nósanna imeachta atá leagtha amach sa doiciméad seo a leanúint.

## 4.8 Ról Tusla agus an Gharda Síochána

Tá sé de fhreagracht ar dhaoine de phearsanra na scoile, ar an DIA agus ar an mbord bainistíochta a chinntiú go ndéantar ábhair imní cosanta leanaí a thaifeadadh agus a thuairisciú, de réir mar is gá, trí na céimeanna atá leagtha amach sna nósanna imeachta seo a leanúint. Leanfaidh Tusla agus an Garda Síochána a nósanna imeachta féin le linn dóibh imscrúdú agus gníomh leantach a dhéanamh ar chásanna a thuairiscítear dóibh.

### 4.8.1 Cosaint agus Leas Leanaí

Is ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach atá an phríomhfhreagracht as sábháilteacht agus folláine leanaí a chur chun cinn. Is ar an nGarda Síochána freisin atá freagrachtaí reachtúla as sábháilteacht agus leas leanaí.

### 4.8.2 An Garda Síochána: Ról agus Freagrachtaí

Is as an bpríomhfhreagracht atá air as an bpobal a chosaint agus as ciontóirí a thabhairt chun an dlí a eascraíonn rannpháirtíocht an Gharda Síochána i gcásanna líomhnaithe drochúsáide agus faillí leanaí. I gcás go mbeidh drochamhras ann go ndearnadh coir, is ar an nGarda Síochána a bheidh an fhreagracht fhoriomlán as aon imscrúdú coiriúil. Tá sé mar fheidhm ag an nGarda Síochána agallamh a chur ar dhaoine agus aon ráitis a ghlacadh uathu a bheidh ina gcuid den chomhad imscrúdaithe choiriúil.

Is é ról an Gharda Síochána imscrúdú a dhéanamh ar choireanna líomhnaithe, agus is ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí atá an fhreagracht as cinneadh a dhéanamh ar ionchúisimh agus iad a sheoladh.

### 4.8.3 Comhoibriú idir Tusla agus an Garda Síochána

Tá Comhphrótacal Oibre i bhfeidhm don Gharda Síochána agus do Tusla. Tá sé ar fáil ar shuíomh Gréasáin Tusla, www.tusla.ie.

# Caibidil 5:
# Ábhair Imní a Thuairisciú

**Príomhphrionsabail**

> Tá daoine de phearsanra na scoile i riocht an-mhaith chun athruithe ar iompraíocht leanaí, a n-easpa forbartha nó comharthaí drochúsáide atá ar an taobh amuigh a fheiceáil.

> I gcás ar bith ina bhfaighidh duine de phearsanra na scoile líomhain nó go mbeidh drochamhras air nó uirthi go mb'fhéidir gur tugadh drochúsáid do leanbh nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí, tuairisceoidh sé nó sí an ní don duine idirchaidrimh ainmnithe (DIA) gan mhoill.

> I ngach imthoisc ina mbeidh an DIA éiginnte faoi cé acu atá nó nach bhfuil tuarascáil ag teastáil, ba cheart dó nó di teagmháil a dhéanamh le Tusla chun comhairle a fháil.

> I gcás go mbainfidh ábhar imní leis an DIA, déanfaidh an duine de phearsanra na scoile an ní a thuairisciú do chathaoirleach an bhoird bainistíochta nó, i gcás scoileanna inarb é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir, do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an bhoird oideachais agus oiliúna nó dá thoscaire nó dá toscaire.

> Ní mór do gach duine de phearsanra na scoile aird chuí a bheith acu ar an ngá atá le rúndacht i gcónaí. Leis na ceanglais rúndachta atá leagtha amach in áit eile sa doiciméad seo, ní chuirtear aon chosc ar an DIA cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí maidir lena leanbh.

> Ba cheart do gach duine de phearsanra na scoile a bheith ar an eolas gur cion é faoi alt 17 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, faisnéis a nochtadh do thríú páirtí is faisnéis ar chomhroinn Tusla í i gcúrsa measúnachta de dhroim tuarascáil shainordaithe, ach amháin de réir an dlí nó i gcás gur thug Tusla údarú scríofa don duine sin chun é sin a dhéanamh. Aon duine a mhainneoidh an t-alt sin a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear fíneáil, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

> I gcás go n-aistreoidh leanbh ó scoil nó go bhfágfaidh sé nó sí scoil, agus i gcás go mbeidh tuarascáil cosanta leanaí a bhaineann leis an leanbh sin tugtha ag an DIA roimhe sin, nó go mbeidh sé nó sí ar an eolas go bhfuil tuarascáil cosanta leanaí a bhaineann leis an leanbh sin tugtha ag duine de phearsanra na scoile do Tusla san am atá thart, ba cheart don DIA Tusla a chur ar an eolas faoi aistriú/imeacht an linbh.

> **Is ní tromchúiseach é mainneachtain aon duine de phearsanra na scoile ní a thuairisciú do Tusla i gcás go gcuirfidh Tusla in iúl dó nó di déanamh amhlaidh nó mainneachtain na nósanna imeachta seo a chomhlíonadh ar shlí eile. Féadfaidh gur ní araíonachta a bheidh ann freisin, agus ba cheart é a thuairisciú don fhostóir, agus ba cheart don fhostóir déileáil leis ar leithligh i gcomhréir leis na nósanna imeachta araíonachta iomchuí.**

**Beartais Eile**

> **Ní dhéileálfar le hábhair imní cosanta leanaí faoi nósanna imeachta na scoile le haghaidh gearáin ó thuismitheoirí.**

> Níor cheart don scoil breithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta iomchuí áitiúla a úsáid chun déileáil leis an tsaincheist ach amháin i gcás go measfar nach bhfuil aon ábhar imní cosanta leanaí ann, lena n-áirítear nós imeachta na scoile le haghaidh gearáin ó thuismitheoirí, *Bí Cineálta: Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna, Iompraíochtaí Imní a Thuiscint agus Freagairt do Chásanna Géarchéime do Scoileanna*, beartais araíonachta nó beartas folláine na scoileanna, ach gan a bheith teoranta dóibh.

## 5.1 I gCás go mBeidh Ábhar Imní Cosanta Leanaí ag Múinteoir Cláraithe nó ag Duine Sainordaithe Eile

Mar atá luaite i gCaibidil 4, is daoine sainordaithe iad múinteoirí cláraithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, rud a fhágann go bhfuil oibleagáidí reachtúla sonracha orthu. Cé go ndéantar tagairt do mhúinteoirí cláraithe, folaíonn an rannán seo aon duine sainordaithe eile atá fostaithe ag an scoil, amhail séiplíneach nó altra, agus tá feidhm aige maidir leis nó léi freisin. Tugtar in Aguisín 1 liosta iomlán de dhaoine sainordaithe.

### 5.1.1 Tuairisciú don DIA

I gcás ar bith ina bhfaighidh múinteoir cláraithe líomhain nó go mbeidh drochamhras air nó uirthi go mb'fhéidir gur tugadh drochúsáid do leanbh nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí, tuairisceoidh sé nó sí an ní don duine idirchaidrimh ainmnithe (DIA) gan mhoill.

Déanfaidh an múinteoir nóta cúramach dá bhfuil breathnaithe aige nó aici agus cén uair a bhreathnaigh sé nó sí é. Tabharfar tuairisc mhion ar chomharthaí gortaithe fhisiciúil. Níor cheart grianghraif a ghlacadh.

Taifeadfar aon trácht ón leanbh lena mbaineann, nó ó aon duine eile, faoi imthosca na drochúsáide líomhnaithe nó faoi conas a tharla gortú, agus b'fhearr na focail iarbhír a úsáideadh a lua, a luaithe is féidir tar éis an trácht a dhéanamh.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach é ról na scoile imscrúdú a dhéanamh ar ábhair imní cosanta leanaí ná tuilleadh fianaise a bhailiú.

Níor cheart an taifead a anaithnidiú ag an am seo. Déanfar an taifead den phlé a shíniú, a dhátú agus a thabhairt don DIA. Coinneofar ar an gcáschomhad cosanta leanaí é.

I gcás go ndéanfaidh duine fásta líomhain drochúsáide, ba cheart ráiteas scríofa a lorg ón duine sin agus é a choinneáil sa cháschomhad cosanta leanaí.

### 5.1.2 Forais Imní Réasúnacha

Ní mór don DIA agus don mhúinteoir cláraithe a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil forais imní réasúnacha ann faoi leas agus cosaint an linbh.

### 5.1.3 Tuairisciú Sainordaithe agus Comhthuairisciú

Más rud é go n-aontóidh an DIA agus an múinteoir cláraithe araon go bhfuil forais imní réasúnacha ann, breithneoidh siad i gcomhar le chéile ansin cé acu atá nó nach bhfuil an t-ábhar imní atá i gceist ag an tairseach shainithe díobhála nach mór tuarascáil a chur faoi bhráid Tusla mar thuarascáil shainordaithe aici (mar atá leagtha amach i gCaibidil 4 de na nósanna imeachta seo) nó os a cionn.

Más rud é go n-aontóidh an DIA agus an múinteoir cláraithe araon go bhfuil an t-ábhar imní ag an tairseach shainithe díobhála nach mór tuarascáil shainordaithe a thabhairt aici nó os a cionn, cuirfidh an DIA agus an múinteoir cláraithe, a luaithe is indéanta, an t-ábhar imní faoi bhráid Tusla i gcomhar le chéile mar thuarascáil shainordaithe.

Comhlíonfaidh múinteoir cláraithe a thabharfaidh tuarascáil shainordaithe do Tusla i gcomhar leis an DIA an oibleagáid reachtúil atá air nó uirthi tuarascáil a thabhairt do Tusla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Mar sin féin, más rud é nach dtuairisceoidh duine sainordaithe féin nó i gcomhar leis an DIA, i gcás go mbeidh an t-ábhar imní ag an tairseach shainithe díobhála nó os a cionn, ní bheidh na hoibleagáidí reachtúla atá air nó uirthi comhlíonta aige nó aici. Is amhlaidh an scéal fiú amháin i gcás go dtuairisceoidh an DIA an ní de bhun ábhar imní a tharraingt anuas.

### 5.1.4 Éiginnteacht maidir le Cé Acu Ba Cheart nó Nár Cheart Tuairisciú

I gcás go mbeidh an DIA éiginnte faoi cé acu ba cheart nó nár cheart ábhar imní a thuairisciú do Tusla nó faoi cé acu ba cheart nó nár cheart tuarascáil a chur isteach mar thuarascáil shainordaithe, lorgóidh an DIA comhairle ó Tusla, mar atá leagtha amach i rannán 5.3.3. Cuirfidh an DIA in iúl don mhúinteoir cláraithe go bhfuil comhairle den sórt sin á lorg agus, tar éis í a fháil, cuirfidh sé nó sí an múinteoir cláraithe ar an eolas faoin gcomhairle a tugadh agus coimeádfaidh sé nó sí taifead ar an méid sin.

I gcás go gcuirfidh Tusla in iúl gur cheart tuarascáil a thabhairt, gníomhóidh an DIA agus an múinteoir cláraithe de réir na comhairle sin, agus cuirfidh an DIA agus an múinteoir cláraithe, a luaithe is indéanta, tuarascáil shainordaithe faoi bhráid Tusla i gcomhar le chéile.

I gcás go mbeidh amhras fós ar an DIA nó ar an múinteoir cláraithe (lena n-áirítear i gcás gur lorg an DIA comhairle ó Tusla agus gur bhreithnigh sé nó sí an chomhairle sin) maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an t-ábhar imní ag an tairseach shainithe díobhála le haghaidh tuarascáil shainordaithe nó os a cionn, cuirfidh an DIA nó an múinteoir cláraithe (nó an bheirt acu, i gcás gurb infheidhme) an tuarascáil faoi bhráid Tusla mar thuarascáil shainordaithe.

### 5.1.5 Ábhair Imní nach gComhlíonann an Tairseach Shainithe Díobhála

I gcás gur deimhin leis an DIA agus leis an múinteoir cláraithe araon nach bhfuil an t-ábhar imní ag an tairseach shainithe díobhála le haghaidh tuarascáil shainordaithe ná os a cionn (lena n-áirítear i gcás gur lorg an DIA comhairle ó Tusla agus gur bhreithnigh sé nó sí an chomhairle sin), ní gá é a chur isteach mar thuarascáil shainordaithe.

Más rud é, áfach, go measfaidh an bheirt gurb ionann an t-ábhar imní agus forais imní réasúnacha, tuairisceoidh an DIA an t-ábhar imní do Tusla a luaithe is indéanta.

I gcás go mbeidh tuarascáil á cur isteach ag an DIA i gcásanna den sórt sin, ní cheanglófar ar an múinteoir tuarascáil a chur faoi bhráid Tusla, agus ní bheidh aon cheanglas ann comhthuarascáil a thabhairt.

### 5.1.6 Gan Tuairisciú do Tusla

I gcás go gcinnfidh an DIA gan tuairisciú do Tusla nó gan an tuarascáil a chur isteach mar thuarascáil shainordaithe, cuirfidh an DIA in iúl don mhúinteoir cláraithe go bhféadfaidh an múinteoir go fóill comhairle a lorg ó Tusla agus an t-ábhar imní a thuairisciú, nó an t-ábhar imní a thuairisciú mar thuarascáil shainordaithe, i gcás go measfaidh sé nó sí go fóill go bhfuil údar le tuarascáil den sórt sin.

Tabharfaidh an DIA ráiteas soiléir i scríbhinn don mhúinteoir cláraithe maidir leis na cúiseanna nach bhfuil an tuarascáil á tabhairt, agus coinneoidh an DIA cóip den ráiteas sin.

Más rud é go gcinnfidh an múinteoir cláraithe an t-ábhar imní a thuairisciú do Tusla, cibé acu mar thuarascáil shainordaithe nó mar thuarascáil neamh-shainordaithe, soláthróidh sé nó sí cóip d'fhoirm thuairisce Tusla don DIA, a choinneoidh an chóip sin ar an gcáschomhad cosanta leanaí.

### 5.1.7 Líomhaintí in Aghaidh Daoine de Phearsanra na Scoile

I gcás go mbainfidh líomhain le duine de phearsanra na scoile, cuirfidh an DIA an fostóir (an bord bainistíochta nó an bord oideachais agus oiliúna, de réir mar is cuí) ar an eolas faoi sin i gcomhréir le Caibidil 7 de na nósanna imeachta seo.

### 5.1.8 Tuarascálacha a Chur faoi Bhráid Tusla

Cuirfear gach tuarascáil faoi bhráid Tusla i gcomhréir le Caibidil 6 de na nósanna imeachta seo. Déanfar an tuarascáil do Tusla agus an ríomhphost admhála a chur ar an gcáschomhad cosanta leanaí.

### 5.1.9 I gCás go mBainfidh an Líomhain leis an DIA

I gcás go mbainfidh líomhain nó ábhar imní leis an DIA, déanfaidh an múinteoir cláraithe, gan mhoill, an ní a thuairisciú do chathaoirleach an bhoird bainistíochta nó, i gcás scoileanna inarb é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir, do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an bhoird oideachais agus oiliúna lena mbaineann nó dá thoscaire nó dá toscaire. I gcásanna den sórt sin, glacfaidh an cathaoirleach nó, i scoileanna inarb é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó a thoscaire nó a toscaire an ról a chomhlíonann an DIA de ghnáth air nó uirthi féin, agus leanfaidh sé nó sí na nósanna imeachta tuairiscithe atá leagtha amach i rannán 5.3 den chaibidil seo le haghaidh déileáil leis an líomhain nó leis an ábhar imní.

## 5.2 An Gníomh a Bheidh le Déanamh ag Daoine de Phearsanra na Scoile (Daoine Neamh-Shainordaithe)

Tá oibleagáidí tuairiscithe freisin ar dhaoine de phearsanra na scoile nach múinteoirí nó daoine sainordaithe eile iad, lena n-áirítear feighlithe, rúnaithe, agus cúntóirí riachtanas speisialta, ach gan a bheith teoranta dóibh.

### 5.2.1 Tuairisciú don DIA

I gcás ar bith ina bhfaighidh duine de phearsanra na scoile líomhain nó go mbeidh drochamhras air nó uirthi go mb'fhéidir gur tugadh drochúsáid do leanbh nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí, tuairisceoidh sé nó sí an ní don duine idirchaidrimh ainmnithe (DIA) gan mhoill.

Déanfaidh an duine de phearsanra na scoile nóta cúramach dá bhfuil breathnaithe aige nó aici agus cén uair a bhreathnaigh sé nó sí é. Tabharfar tuairisc mhion ar chomharthaí gortaithe fhisiciúil.

Taifeadfar aon trácht ón leanbh lena mbaineann, nó ó aon duine eile, faoi imthosca na drochúsáide líomhnaithe nó faoi conas a tharla gortú, agus b'fhearr na focail iarbhír a úsáideadh a lua, a luaithe is féidir tar éis an trácht a dhéanamh.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach é ról na scoile imscrúdú a dhéanamh ar ábhair imní cosanta leanaí ná tuilleadh fianaise a bhailiú.

Níor cheart an taifead a anaithnidiú ag an am seo. Déanfar an taifead den phlé a shíniú, a dhátú agus a thabhairt don DIA. Coinneofar ar an gcáschomhad cosanta leanaí é.

I gcás go ndéanfaidh duine fásta líomhain drochúsáide, ba cheart ráiteas scríofa a lorg ón duine sin agus é a choinneáil sa cháschomhad cosanta leanaí.

### 5.2.2 Forais Imní Réasúnacha

Más rud é go measfaidh an DIA go bhfuil forais imní réasúnacha ann, cuirfidh sé nó sí tuarascáil faoi bhráid Tusla.

### 5.2.3 Éiginnteacht maidir le Cé Acu Ba Cheart nó Nár Cheart Tuairisciú

I gcás go mbeidh an DIA éiginnte faoi cé acu ba cheart nó nár cheart ábhar imní a thuairisciú do Tusla nó faoi cé acu ba cheart nó nár cheart tuarascáil a chur isteach mar thuarascáil shainordaithe, lorgóidh an DIA comhairle ó Tusla, mar atá leagtha amach i rannán 5.3.3 thíos. Cuirfidh an DIA in iúl don duine de phearsanra na scoile go bhfuil comhairle den sórt sin á lorg agus, tar éis í a fháil, cuirfidh sé nó sí an duine sin ar an eolas faoin gcomhairle a tugadh agus coimeádfaidh sé nó sí taifead ar an méid sin. I gcás go gcuirfidh Tusla in iúl gur cheart tuarascáil a thabhairt, gníomhóidh an DIA de réir na comhairle sin, agus cuirfear tuarascáil shainordaithe faoi bhráid Tusla.

I gcás go mbeidh amhras fós ar an DIA (lena n-áirítear i gcás gur lorg an DIA comhairle ó Tusla agus gur bhreithnigh sé nó sí an chomhairle sin) maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an t-ábhar imní ag an tairseach shainithe díobhála le haghaidh tuarascáil shainordaithe nó os a cionn, cuirfidh an DIA an tuarascáil faoi bhráid Tusla mar thuarascáil shainordaithe.

### 5.2.4 Ábhair Imní nach gComhlíonann an Tairseach Shainithe Díobhála

I gcás gur deimhin leis an DIA nach bhfuil an t-ábhar imní ag an tairseach shainithe díobhála le haghaidh tuarascáil shainordaithe ná os a cionn (lena n-áirítear i gcás gur lorg an DIA comhairle ó Tusla agus gur bhreithnigh sé nó sí an chomhairle sin) ach go measfaidh sé nó sí gurb ionann an t-ábhar imní agus forais imní réasúnacha, tuairisceoidh an DIA an t-ábhar imní do Tusla a luaithe is indéanta.

### 5.2.5 Gan Tuairisciú do Tusla

I gcás go gcinnfidh an DIA gan tuairisciú do Tusla nó gan an tuarascáil a chur faoi bhráid Tusla mar thuarascáil shainordaithe, cuirfidh an DIA in iúl don duine de phearsanra na scoile go bhféadfaidh an duine sin go fóill comhairle a lorg ó Tusla agus an t-ábhar imní atá aige nó aici a thuairisciú.

Tabharfaidh an DIA ráiteas soiléir i scríbhinn don duine de phearsanra na scoile maidir leis na cúiseanna nach bhfuil aon ghníomh á dhéanamh, agus coinneoidh an DIA cóip den ráiteas sin. Más rud é go gcinnfidh an duine de phearsanra na scoile an t-ábhar imní a thuairisciú do Tusla, soláthróidh sé nó sí cóip d'fhoirm thuairisce Tusla don DIA freisin.

### 5.2.6 Líomhaintí in Aghaidh Daoine de Phearsanra na Scoile

I gcás go mbainfidh líomhain le duine de phearsanra na scoile, cuirfidh an DIA an fostóir (an bord bainistíochta nó an bord oideachais agus oiliúna, de réir mar is cuí) ar an eolas faoi sin freisin i gcomhréir le Caibidil 7 de na nósanna imeachta seo.

### 5.2.7 Tuarascálacha a Chur faoi Bhráid Tusla

Cuirfear gach tuarascáil faoi bhráid Tusla i gcomhréir le Caibidil 6 de na nósanna imeachta seo.

### 5.2.8 I gCás go mBainfidh an Líomhain leis an DIA

I gcás go mbainfidh an líomhain nó an t-ábhar imní leis an DIA, déanfaidh an duine de phearsanra na scoile, gan mhoill, an ní a thuairisciú do chathaoirleach an bhoird bainistíochta nó, i gcás scoileanna inarb é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir, do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an bhoird oideachais agus oiliúna lena mbaineann nó dá thoscaire nó dá toscaire. I gcásanna den sórt sin, glacfaidh an cathaoirleach nó, i scoileanna inarb é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó a thoscaire nó a toscaire an ról a chomhlíonann an DIA de ghnáth air nó uirthi féin, agus leanfaidh sé nó sí na nósanna imeachta tuairiscithe atá leagtha amach i rannán 5.3 den chaibidil seo le haghaidh déileáil leis an líomhain nó leis an ábhar imní.

## 5.3 An Gníomh a Bheidh le Déanamh ag an DIA

Leagtar amach sa rannán seo na nósanna imeachta nach mór don DIA a leanúint i gcás go gcuirfear ábhair imní faoi leanbh in iúl dó nó di nó i gcás go mbeidh a ábhair imní nó a hábhair imní féin ag an DIA faoi leanbh.

### 5.3.1 I gCás go mBeidh Ábhair Imní ag DIA faoi Leanbh

Más rud é go mbeidh an DIA den tuairim go bhfuil forais imní réasúnacha ann, cuirfidh sé nó sí tuarascáil faoi bhráid Tusla.

I gcás go gcreidfidh an DIA go bhfuil an tairseach le haghaidh tuarascáil shainordaithe sroichte, cuirfidh sé nó sí an tuarascáil isteach mar thuarascáil shainordaithe.

### 5.3.2 I gCás go gCuirfear Ábhar Imní Cosanta Leanaí in Iúl don DIA

Déanfaidh an DIA taifead scríofa d'aon ábhar imní a gcuirfidh aon duine de phearsanra na scoile in iúl dó nó di, agus cuirfidh sé nó sí an taifead sin i suíomh slán.

Ní mór don DIA a chinntiú go leanfar i gceart agus go pras na ceanglais tuairiscithe atá leagtha amach i rannán 5.1 (I gcás go mbeidh ábhar imní cosanta leanaí ag múinteoir cláraithe nó ag duine sainordaithe eile) agus i rannán 5.2 (An gníomh a bheidh le déanamh ag daoine de phearsanra na scoile (daoine neamh-shainordaithe)) den chaibidil seo.

### 5.3.3 Comhairle a Lorg ó Tusla

I gcás go mbeidh ábhair imní ann faoi leanbh ach nach mbeidh an DIA cinnte faoi cé acu ba cheart nó nár cheart an ní a thuairisciú do Tusla nó faoi cé acu ba cheart nó nár cheart tuarascáil a chur faoi bhráid Tusla mar thuarascáil shainordaithe, lorgóidh an DIA comhairle ó Tusla. Agus é nó í ag dul i gcomhairle le Tusla, cuirfidh an DIA in iúl go han-soiléir go bhfuil comhairle agus comhairliúchán á lorg aige nó aici agus nach bhfuil aon tuarascáil á tabhairt aige nó aici. Ag an gcéim neamhfhoirmiúil seo, ní gá don DIA aon mhionsonraí sainaitheanta a thabhairt.

I gcás go gcuirfidh Tusla in iúl gur cheart tuarascáil a chur isteach mar thuarascáil shainordaithe nó mar thuarascáil neamh-shainordaithe, gníomhóidh an DIA de réir na comhairle sin.

### 5.3.4 Coimeád Taifead agus Cumarsáid le Daoine de Phearsanra na Scoile

I ngach cás inar lorg an DIA comhairle ó Tusla, coinneoidh an DIA taifead ar an gcomhairliúchán ina luafar an dáta, ainm iomlán an oifigigh de chuid Tusla agus an chomhairle a tugadh.

I gcás gur tharraing duine de phearsanra na scoile an t-ábhar imní anuas, lena n-áirítear múinteoir cláraithe, cuirfidh an DIA in iúl don duine sin go bhfuil comhairle á lorg ó Tusla, cuirfidh sé nó sí é nó í ar an eolas faoin gcomhairle tar éis í a fháil agus coimeádfaidh sé nó sí taifead ar an méid sin. Más rud é go gcinnfidh an DIA nár cheart an t-ábhar imní atá ag an duine de phearsanra na scoile, lena n-áirítear ábhar imní atá ag múinteoir cláraithe, a thuairisciú do Tusla, tabharfaidh an DIA ráiteas soiléir i scríbhinn don duine de phearsanra na scoile maidir leis na cúiseanna nach bhfuil aon ghníomh á dhéanamh. Coinneoidh an DIA cóip den ráiteas sin agus cuirfear í ar an gcáschomhad cosanta leanaí.

Cuirfidh an DIA in iúl don duine de phearsanra na scoile freisin go bhféadfaidh sé nó sí dul i gcomhairle le Tusla nó tuarascáil a thabhairt dó más rud é go mbeidh imní air nó uirthi faoin gcás go fóill. Más rud é go gcinnfidh an duine de phearsanra na scoile an t-ábhar imní a thuairisciú do Tusla, soláthróidh sé nó sí cóip den tuarascáil sin don DIA.

### 5.3.5 Ábhair imní faoi dhaoine de phearsanra na scoile

I gcás go mbainfidh tuarascáil le duine de phearsanra na scoile, cuirfidh an DIA an fostóir (an bord bainistíochta nó an bord oideachais agus oiliúna, de réir mar is cuí) ar an eolas faoi sin freisin i gcomhréir le Caibidil 7 de na nósanna imeachta seo.

### 5.3.6 Tuismitheoirí a Chur ar an Eolas faoi Ábhar Imní Cosanta Leanaí

Ba cheart don DIA tuismitheoirí/cúramóirí a chur ar an eolas nuair a thagann ábhar imní cosanta leanaí chun cinn maidir lena leanbh a luaithe is indéanta tar éis dó nó di teacht ar an eolas faoin ábhar imní. Tá sé tábhachtach déileáil le haon chumarsáid den sórt sin ar bhealach tuisceanach cáiréiseach.

Féadfaidh DIA a roghnú gan tuismitheoirí/cúramóirí a chur ar an eolas i gcás go mbeidh feidhm ag na himthosca atá leagtha amach i rannán 5.3.8 maidir leis an gcás.

Leis na ceanglais rúndachta atá leagtha amach in áit eile sa doiciméad seo, ní chuirtear aon chosc ar an DIA cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí maidir lena leanbh.

Féadfaidh go ndéanfar an chumarsáid sin thar an teileafón, i gcruinniú nó i scríbhinn. Ba cheart taifead a choimeád ar an gcumarsáid sin.

### 5.3.7 Tuismitheoir/Cúramóir a Chur ar an Eolas go bhFuil Tuarascáil á Tabhairt do Tusla maidir lena Leanbh

Cuirtear in iúl in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* gur dea-chleachtas é an tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas go bhfuil tuarascáil á tabhairt do Tusla maidir lena leanbh agus é nó í a chur ar an eolas faoi na cúiseanna atá leis an gcinneadh chun an tuarascáil a thabhairt.

I gcás go mbeidh tuarascáil á cur faoi bhráid Tusla ag múinteoir cláraithe, glacfaidh an DIA, seachas an múinteoir lena mbaineann, freagracht air nó uirthi féin as an tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas faoi sin.

### 5.3.8 I gCás nár Cheart Tuismitheoir/Cúramóir a Chur ar an Eolas go bhFuil Tuarascáil á Tabhairt do Tusla

Ní gá tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas go bhfuil tuarascáil á tabhairt:

> más rud é go gcuirfear an leanbh i mbaol breise mar thoradh air sin; *nó*

> i gcásanna ina bhféadfadh eolas an teaghlaigh ar an tuarascáil cur as don chumas a bheidh ag Tusla measúnacht phriacail a dhéanamh; *nó*

> más rud é go mbeidh an tuairisceoir den tuairim réasúnach go bhféadfaí an tuairisceoir a chur i mbaol díobhála ón teaghlach mar thoradh air sin.

In imthosca áirithe, b’fhéidir gur chuir Tusla in iúl don DIA gan an tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas agus, i gcásanna den sórt sin, ba cheart an chomhairle sin a leanúint.

Déanfaidh an DIA nóta sa cháschomhad cosanta leanaí i gcás nach mbeidh aon fhógra faighte ag an tuismitheoir/cúramóir ar na cúiseanna thuasluaite.

I gcás go mbeidh an DIA éiginnte faoi cé acu ba cheart nó nár cheart tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas, ba cheart dó nó di comhairle a lorg ó Tusla.

## 5.4 An Gníomh a Bheidh le Déanamh i gCás go dTuairisceoidh Tuismitheoir Ábhar Imní Cosanta Leanaí faoina Leanbh Féin

### 5.4.1 Tuairisciú don DIA

I gcás ar bith ina dtuairisceoidh tuismitheoir do dhuine de phearsanra na scoile ábhar imní go mb’fhéidir gur tugadh drochúsáid dá leanbh nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí, tuairisceoidh an duine de phearsanra na scoile an ní don DIA gan mhoill, agus na próisis tuairiscithe atá leagtha amach sa chaibidil seo á leanúint aige nó aici. Áirítear leis sin tuarascálacha á rá gur thug mac léinn nó mic léinn drochúsáid do mhac léinn eile.

I gcás go dtuairisceoidh tuismitheoir go díreach don DIA ábhar imní go mb’fhéidir gur tugadh drochúsáid dá leanbh nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí, leanfaidh an DIA na próisis tuairiscithe atá leagtha amach sa chaibidil seo.

### 5.4.2 Comhairle a Lorg ó Tusla

I gcás go mbeidh ábhair imní ann faoi leanbh ach nach mbeidh an DIA cinnte faoi cé acu ba cheart nó nár cheart an ní a thuairisciú do Tusla nó faoi cé acu ba cheart nó nár cheart tuarascáil a chur faoi bhráid Tusla mar thuarascáil shainordaithe, lorgóidh an DIA comhairle ó Tusla.

I gcás go mbeidh aon amhras ar an DIA faoi cé acu ba cheart nó nár cheart tuismitheoir a chur ar an eolas go bhfuil tuarascáil á tabhairt do Tusla maidir lena leanbh, i gcásanna ina mbeidh feidhm ag aon cheann de na coinníollacha atá leagtha amach i rannán 5.3.8 thuas nó in imthosca ar bith eile, lorgóidh an DIA comhairle ó Tusla. Beidh feidhm aige sin freisin i gcás go mbeidh ceanglas ann fógra a thabhairt do thuismitheoirí leanaí faoi líomhaintí á rá gur thug mac léinn nó mic léinn drochúsáid do mhac léinn eile.

### 5.4.3 I gCás go mBainfidh an Líomhain leis an DIA

I gcás go mbainfidh líomhain nó ábhar imní cosanta leanaí leis an DIA, féadfaidh an tuismitheoir/cúramóir an ní a thuairisciú go díreach do chathaoirleach an bhoird bainistíochta nó, i gcás scoileanna inarb é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir, do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an bhoird oideachais agus oiliúna lena mbaineann nó dá thoscaire nó dá toscaire.

I gcás gur chuir tuismitheoir/cúramóir duine de phearsanra na scoile ar an eolas faoi ábhar imní cosanta leanaí a bhaineann leis an DIA, tuairisceoidh an duine de phearsanra na scoile, gan mhoill, an ní do chathaoirleach an bhoird bainistíochta nó do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an bhoird oideachais agus oiliúna lena mbaineann nó dá thoscaire nó dá toscaire.

I gcásanna den sórt sin, glacfaidh an cathaoirleach nó, i scoileanna inarb é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó a thoscaire nó a toscaire an ról a chomhlíonann an DIA de ghnáth air nó uirthi féin, agus leanfaidh sé nó sí na nósanna imeachta tuairiscithe atá leagtha amach i rannán 5.3 den chaibidil seo le haghaidh déileáil leis an líomhain nó leis an ábhar imní.

### 5.4.4 Tuairisciú go Díreach do Tusla

Sna himthosca atá leagtha amach i rannáin 5.4.1 agus 5.4.3 thuas, féadfaidh an tuismitheoir/cúramóir an t-ábhar imní cosanta leanaí atá aige nó aici a thuairisciú go díreach do Tusla freisin.

### 5.4.5 Cumarsáid a Dhéanamh le Tuismitheoirí/Cúramóirí tar éis Líomhain faoi Ábhar Imní Cosanta Leanaí a Fháil faoina Leanbh

Ba cheart don DIA a admháil go bhfuarthas líomhain faoi ábhar imní cosanta leanaí ó thuismitheoir/cúramóir a luaithe is indéanta.

Ina theannta sin, déanfaidh an DIA, a luaithe is indéanta, agus i gcás ar bith laistigh de chúig lá scoile ón lá a rinne an tuismitheoir/cúramóir an líomhain (cibé acu a rinneadh í leis an DIA, leis an mbord bainistíochta nó le duine eile de phearsanra na scoile), fógra scríofa a eisiúint chuig an tuismitheoir lena mbaineann ina leagfar an méid seo a leanas amach:

a) I gcomhréir le ceanglais na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025:
   1) thuairiscigh an DIA an ní do Tusla; *nó*
   2) lorg an DIA comhairle ó Tusla i leith an ní agus, de bhun na comhairle sin, níor tuairiscíodh an ní do Tusla; *nó*
   3) chinn an DIA nárbh ionann an ní agus forais imní réasúnacha, mar atá leagtha amach faoi na nósanna imeachta seo, agus, dá bhrí sin, nár ghá an ní a thuairisciú do Tusla, agus na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin á dtabhairt.

b) Féadfaidh an tuismitheoir lena mbaineann teagmháil dhíreach a dhéanamh le Tusla i ndáil leis an ní más rud é go mbeidh sé nó sí ag iarraidh déanamh amhlaidh.

c) Is faoi na nósanna imeachta iomchuí atá leagtha amach i gcaibidil 7 "Líomhaintí nó Drochamhras faoi Dhrochúsáid Leanaí maidir le Fostaithe Scoile" de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* a dhéileálfar le haon líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí scoile a thuairisceofar do Tusla*.*

### 5.4.6 I gCás nach mBeidh aon Fhógra Faighte ag an Tuismitheoir laistigh den Chreat Ama Riachtanach

I gcás nach mbeidh an fógra scríofa faighte ag tuismitheoir ón DIA laistigh de chúig lá scoile ón lá a rinne an tuismitheoir an líomhain, féadfaidh an tuismitheoir an ní a tharraingt anuas go díreach leis an DIA. Más rud é nach bhfaighidh an tuismitheoir an fógra scríofa ansin laistigh de chúig lá scoile eile ón lá a tarraingíodh an ní anuas leis an DIA, féadfaidh an tuismitheoir fógra a thabhairt i scríbhinn do chathaoirleach an bhoird bainistíochta faoin méid sin. In imthosca den sórt sin, ordóidh an bord bainistíochta don DIA a chinntiú go ndéanfar fógra ina mbeidh an fhaisnéis atá sonraithe i rannán 5.4.5 de na nósanna imeachta a eisiúint chuig an tuismitheoir laistigh de dheich lá scoile ón lá a fuair an bord bainistíochta an chumarsáid scríofa ón tuismitheoir.

## 5.5 An Gníomh a Bheidh le Déanamh i gCás go dTarraingeoidh Duine, nach Duine de Phearsanra na Scoile é nó í, Ábhar Imní Cosanta Leanaí nach mBaineann lena Leanbh Féin

Féadfaidh duine atá lasmuigh den phobal scoile ábhar imní cosanta leanaí a tharraingt anuas le duine de phearsanra na scoile i ndáil le leanbh atá ag freastal ar an scoil.

Féadfaidh tuismitheoir linbh sa scoil ábhar imní a tharraingt anuas i ndáil le leanbh nach leis nó léi féin é nó í.

Féadfaidh mac léinn atá ag freastal ar an scoil ábhar imní a tharraingt anuas i ndáil le leanbh atá ag freastal ar an scoil.

### 5.5.1 Tuairisciú don DIA

I gcás ar bith ina dtuairisceoidh duine do dhuine de phearsanra na scoile ábhar imní go mb'fhéidir gur tugadh drochúsáid do leanbh nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí, tuairisceoidh an duine sin de phearsanra na scoile an ní don DIA gan mhoill, i gcomhréir leis na próisis tuairiscithe atá leagtha amach sa chaibidil seo. Áirítear leis sin tuarascálacha maidir le drochúsáid idir mic léinn.

Leanfaidh an DIA ansin na nósanna imeachta atá leagtha amach i rannán 5.3 den chaibidil seo.

I gcás go dtuairisceoidh duine go díreach don DIA ábhar imní go mb'fhéidir gur tugadh drochúsáid do leanbh atá ag freastal ar an scoil nó go ndearnadh faillí ann nó inti, go bhfuil drochúsáid á tabhairt dó nó di nó go bhfuil faillí á déanamh ann nó inti, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol drochúsáide nó faillí, leanfaidh an DIA na próisis tuairiscithe atá leagtha amach sa chaibidil seo.

### 5.5.2 I gCás go mBainfidh an Líomhain leis an DIA

I gcás go mbainfidh líomhain nó ábhar imní leis an DIA, féadfaidh an duine an ní a thuairisciú go díreach do chathaoirleach an bhoird bainistíochta nó, i gcás scoileanna inarb é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir, do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an bhoird oideachais agus oiliúna lena mbaineann nó dá thoscaire nó dá toscaire.

I gcás gur chuir duine duine de phearsanra na scoile ar an eolas faoi líomhain a bhaineann leis an DIA, tuairisceoidh an duine de phearsanra na scoile, gan mhoill, an ní do chathaoirleach an bhoird bainistíochta nó do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an bhoird oideachais agus oiliúna lena mbaineann nó dá thoscaire nó dá toscaire.

I gcásanna den sórt sin, glacfaidh an cathaoirleach nó, i scoileanna inarb é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó a thoscaire nó a toscaire an ról a chomhlíonann an DIA de ghnáth air nó uirthi féin, agus leanfaidh sé nó sí na nósanna imeachta tuairiscithe atá leagtha amach i rannán 5.3 den chaibidil seo le haghaidh déileáil leis an líomhain nó leis an ábhar imní.

### 5.5.3 Cumarsáid le Duine a Thuairiscigh Líomhain

Ós rud é gurb é nó í tríú páirtí a tharraing aird duine de phearsanra na scoile nó an DIA ar an tuarascáil, níl aon cheanglas ann an t-eolas is deireanaí a thabhairt i ndáil le gníomhartha a rinneadh i leith na líomhna, lena n-áirítear cé acu a lorgaíodh nó nár lorgaíodh comhairle ó Tusla nó cé acu a tugadh nó nár tugadh tuarascáil do Tusla.

Mar sin féin, is dea-chleachtas ar thaobh an DIA é a admháil go bhfuarthas an t-ábhar imní agus an duine a chur ar an eolas go leanfaidh sé nó sí na nósanna imeachta bunaithe um chosaint leanaí. Coinneofar cóip d’aon admháil den sórt sin ar comhad.

### 5.5.4 Tuairisciú go Díreach do Tusla

Sna himthosca atá leagtha amach i rannáin 5.5.1 agus 5.5.2 thuas, féadfaidh an duine an t-ábhar imní cosanta leanaí atá aige nó aici a thuairisciú go díreach do Tusla freisin.


## 5.6 An Fostóir a Chur ar an Eolas

I gcás go ndéanfar líomhain drochúsáide in aghaidh duine de phearsanra na scoile, cuirfidh an DIA an fostóir (an bord bainistíochta nó an bord oideachais agus oiliúna, de réir mar is cuí) ar an eolas i ngach cás, mar atá leagtha amach i gcaibidil 7 de na nósanna imeachta seo. Beidh feidhm aige sin i ngach cás, is cuma cé acu a thuairisceofar nó nach dtuairisceofar an ní do Tusla. Ina theannta sin, leanfar na nósanna imeachta iomchuí maidir le líomhaintí drochúsáide a dhéantar in aghaidh daoine de phearsanra na scoile atá leagtha amach i gcaibidil 7 de na nósanna imeachta seo.

## 5.7 Leanaí a Aistreoidh chuig Scoil Eile

I gcás go n-aistreoidh leanbh ó scoil nó go bhfágfaidh sé nó sí scoil (lena n-áirítear aistrithe ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil nó i gcás go dtuigfear go mbeidh an leanbh ag imeacht ón dlínse), agus i gcás go mbeidh tuarascáil cosanta leanaí a bhaineann leis an leanbh sin tugtha ag an DIA roimhe sin, nó go mbeidh sé nó sí ar an eolas go bhfuil tuarascáil cosanta leanaí a bhaineann leis an leanbh sin tugtha ag duine de phearsanra na scoile do Tusla san am atá thart, ba cheart don DIA Tusla a chur ar an eolas faoi aistriú/imeacht an linbh. Ba cheart taifead air sin a choinneáil ar an gcomhad cosanta leanaí a bhaineann leis an atreorú bunaidh.

## Ábhair Imní a Thuairisciú - Príomhchéimeanna



# Caibidil 6:<br>Conas Tuarascáil a Thabhairt do Tusla

**Príomhphrionsabail**

> Ba cheart gach ábhar imní cosanta agus coimircithe leanaí a thuairisciú do Tusla trína thairseach shlán Gréasáin a úsáid.

> **I gcás go mbeidh idirghabháil phráinneach ag teastáil chun sábháilteacht linbh a chinntiú, ní mór tuarascáil a thabhairt do Tusla thar an teileafón, agus í dírithe ar an bPointe Teagmhála Tiomnaithe.** Is féidir na teagmhálaithe náisiúnta do Tusla a fháil ar shuíomh Gréasáin Tusla, www.tusla.ie. Ba cheart cur amach a bheith ag gach scoil ar mhionsonraí teagmhála fhoireann Tusla ina limistéar nó ina réigiún féin. Ba cheart tuarascáil scríofa a thabhairt ina dhiaidh sin.

> **Más rud é go measfar go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir teagmháil a dhéanamh le Tusla, ba cheart teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána gan mhoill. Ba cheart taifead ar an teagmháil sin a choinneáil ar comhad.**

## 6.1 Tuairisciú do Tusla

### 6.1.1 Modh Tuairiscithe

Ba cheart gach ábhar imní cosanta agus coimircithe leanaí a thuairisciú do Tusla trína thairseach shlán Gréasáin a úsáid, rud atá ar fáil ag www.tusla.ie.

Maidir le gach tagairt d’fhoirm thuairisce Tusla sa rannán seo agus i rannáin eile, ba cheart do dhaoine atá ag tabhairt tuarascála féachaint orthu sin mar thagairtí do thairseach shlán Gréasáin Tusla a úsáid. Féadfar ábhar imní a chur in iúl do Tusla ar dtús i bpearsa, thar an teileafón nó i scríbhinn, agus é dírithe ar an tseirbhís áitiúil oibre sóisialaí ar dualgas sa limistéar ina gcónaíonn an leanbh.

Thug Tusla le fios gur fearr go ndéanfadh daoine atá ag iarraidh ábhair imní faoi dhrochúsáid leanaí a thuairisciú teagmháil phearsanta leis. Chabhródh sé sin leis an oibrí sóisialach ar dualgas an oiread faisnéise agus is féidir a bhailiú faoin leanbh agus faoi thuismitheoirí/cúramóirí an linbh.

### 6.1.2 Mionsonraí Teagmhála do Tusla

Is féidir na teagmhálaithe náisiúnta do Tusla a fháil ar a shuíomh Gréasáin, www.tusla.ie. Ba cheart cur amach a bheith ag gach scoil ar mhionsonraí teagmhála fhoireann Tusla ina limistéar nó ina réigiún féin. Ba cheart cruachóip de na mionsonraí teagmhála sin a choinneáil in éineacht le cóip de na nósanna imeachta seo, agus ba cheart iad a nuashonrú go tráthrialta.

### 6.1.3 Foirm Thuairisce Tusla

I gcás aon ábhair imní (cibé acu a cuireadh an t-ábhar imní in iúl do Tusla nó don Gharda Síochána ar dtús i bpearsa, thar an teileafón nó i scríbhinn), comhlánófar foirm Thuairisce Tusla atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Tusla, www.tusla.ie, agus cuirfear í ar aghaidh chuig Tusla a luaithe is

féidir ina dhiaidh sin. Cé go bhféadfaidh nach mbeidh an fhaisnéis iarrtha ar fad ar fáil don duine atá ag tabhairt tuarascála, comhlánófar foirm Thuairisce Tusla ar an mbealach is cuimsithí is féidir. Ba cheart an fhoirm a phriontáil ón tairseach Gréasáin díreach tar éis an tuarascáil a thabhairt, toisc go bhféadfaidh nach mbeidh sí ar fáil ina dhiaidh sin.

### 6.1.4 I gCás nach mBeifear in ann Tairseach Gréasáin Tusla a Rochtain

Más rud é, ar chúis éigin, nach mbeidh an tuairisceoir in ann tairseach Gréasáin Tusla a rochtain, féadfaidh sé nó sí an Fhoirm Thuairisce ar Chosaint agus Leas Leanaí a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin Tusla agus í a sheoladh leis an bpost cláraithe chuig an bPointe Teagmhála Tiomnaithe don limistéar ina gcónaíonn an leanbh.

### 6.1.5 I gCás go mBeidh Idirghabháil Phráinneach ag Teastáil

I gcás go mbeidh idirghabháil phráinneach ag teastáil chun sábháilteacht linbh a chinntiú, ní mór tuarascáil a thabhairt do Tusla thar an teileafón, agus í dírithe ar an bPointe Teagmhála Tiomnaithe. Ba cheart tuarascáil scríofa a thabhairt ina dhiaidh sin tríd an Tairseach Gréasáin nó leis an bpost cláraithe, ar an modh a bhfuil tuairisc tugtha air thuas.

Níor cheart in aon imthosca leanbh a fhágáil i suíomh ina bhfuil sé nó sí neamhchosanta ar dhíobháil nó ina bhfuil sé nó sí i mbaol díobhála ar feitheamh idirghabhála ó Tusla. Más rud é go measfar go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir teagmháil a dhéanamh le Tusla, ba cheart teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána gan mhoill.


### 6.1.6 Daoine Sainordaithe

Leis na modhanna tuairiscithe uile, tugtar rogha bealaí inar féidir le daoine sainordaithe a thabhairt le fios gur tuarascáil shainordaithe í an tuarascáil.

Ba cheart do dhaoine sainordaithe an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara freisin:

- Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ceanglaítear ar dhaoine sainordaithe tuarascáil scríofa a thabhairt a luaithe is indéanta trí fhoirm Thuairisce Tusla a úsáid. Ba cheart don duine sainordaithe a thabhairt le fios, ar an modh a cheanglaítear ar an bhfoirm, gur tuarascáil shainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, í an tuarascáil.
- Gheobhaidh gach tuarascáil shainordaithe a gheobhaidh duine údaraithe de chuid Tusla admháil fhoirmiúil á rá go bhfuair Tusla í.
- Ní cheanglaítear ar dhaoine sainordaithe an t-aon ábhar imní amháin a thuairisciú níos mó ná uair amháin. Mar sin féin, más rud é go dtiocfaidh duine sainordaithe ar an eolas faoi aon fhaisnéis bhreise, tabharfar tuarascáil eile.
- Níl aon cheanglas ar dhuine sainordaithe tuarascáil a thabhairt do Tusla ar an mbonn gur cuireadh in iúl dó nó di gur thug duine eile tuarascáil, nó gur thug duine eile cúnamh, do Tusla, cibé acu mar dhuine sainordaithe nó i gcomhar le duine sainordaithe, agus ar an mbonn sin amháin.
- I gcás, ag gníomhú dó nó di i gcúrsa a fhostaíochta nó a fostaíochta nó a ghairme nó a gairme mar dhuine sainordaithe, gurb eol do dhuine sainordaithe, go gcreideann sé nó sí nó go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais aige nó aici go bhféadfadh leanbh a bheith i mbaol díobhála láithreach agus gur cheart an leanbh a aistriú chuig áit shábháilte, féadfaidh sé nó sí tuarascáil a thabhairt do Tusla ar bhealaí eile seachas foirm Thuairisce Tusla a úsáid. I gcásanna den sórt sin, ní mór foirm Thuairisce Tusla a chur isteach a luaithe is féidir ina dhiaidh sin ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná 3 lá ón lá a tugadh an tuarascáil chéadluaite.


## Conas tuarascáil a thabhairt do Tusla



## 6.2 Cad a Tharlóidh tar éis do Tusla Tuarascáil a Fháil

Léirítear sa léaráid thíos an cur chuige ginearálta a ghlacann Tusla tar éis ábhar imní a fháil faoi leanbh. Tá raon acmhainní ar fáil ar shuíomh Gréasáin Tusla freisin chun an cur chuige a ghlactar a mhíniú.

Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ag www.tusla.ie.



# Caibidil 7: Líomhaintí nó Drochamhras faoi Dhrochúsáid Leanaí maidir le Fostaithe Scoile

**Príomhphrionsabail**

> Ní mór cosaint leanaí, agus a sábháilteacht agus a bhfolláine, a bheith mar thosaíocht, agus níor cheart aon leanbh a chur faoi réir aon phriacail gan ghá.

> Cinnteoidh an fostóir mar ábhar práinne go ndéanfar aon bhearta cosanta riachtanacha, lena n-áirítear i gcás go mbeidh riachtanas práinneach coimircithe leanaí ann lena ordú d'fhostaí fanacht ón scoil láithreach.

> I gcomhthéacs líomhaintí nó drochamhrais faoi dhrochúsáid leanaí maidir le fostaithe scoile, is é an phríomhsprioc ná na leanaí laistigh den scoil a chosaint.

> Tá dualgas cúraim ar gach údarás scoile, mar fhostóir, i leith a chuid fostaithe.

> Caithfear go cothrom leis an bhfostaí, lena n-áirítear an ceart nach dtabharfaí aon bhreithiúnas air nó uirthi roimh phróiseas iomlán cothrom agus, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir leis na nósanna imeachta araíonachta iomchuí.

> Ba cheart d'fhostóirí a bheith ar an eolas faoin reachtaíocht fostaíochta agus aon bheartais iomchuí eile maidir le caidreamh fostaithe agus ba cheart dóibh iad a chomhlíonadh.

> **Ba cheart d'fhostóirí a thabhairt faoi deara gur cheart comhairle dlí a lorg i gcónaí sna himthosca sin, toisc nach ionann na himthosca do gach cás agus nach féidir aghaidh a thabhairt ar gach cás sna nósanna imeachta seo.**

> Tá sé ríthábhachtach go gcaithfí leis an ní faoi chuing rúin i gcónaí agus nach nochtfaí céannacht an fhostaí, seachas a mhéid a cheanglaítear faoi na nósanna imeachta laistigh den doiciméad seo.

> Leis an gceanglas atá ann caitheamh le nithe i modh rúin, ní chuirtear aon chosc ar DIA tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas faoi líomhain drochúsáide a bhaineann lena leanbh.

## 7.1 Réamhrá

Is é is aidhm don chaibidil seo treoir a thabhairt do scoileanna i gcás go ndéanfar líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí scoile, lena n-áirítear i gcás go gcuirfidh an fostaí sin in iúl don DIA go bhfuil líomhain nó imscrúdú leanúnach ann faoi nó fúithi féin. Tá sé mar aidhm léi cabhrú le fostóirí aird chuí a bheith acu ar chearta agus leasanna na leanaí atá faoina gcúram agus ar chearta agus leasanna an fhostaí a bhfuil líomhain déanta ina aghaidh nó ina haghaidh.

Is ionann an téarma "daoine de phearsanra na scoile", mar a úsáidtear sna nósanna imeachta seo, agus téarma cineálach a thagraíonn do dhaoine atá nó a bhí páirteach in oibriú na scoile. Folaíonn sé seo fostaithe agus oibrithe deonacha, comhaltaí den bhord bainistíochta, múinteoirí faoi oiliúint, agus daoine atá ar thaithí oibre. Úsáidtear an téarma "fostaí" sa chaibidil seo chun an caidreamh idir an fostóir agus an fostaí a léiriú a mhéid a bhaineann leis an údarás scoile agus le duine de phearsanra na scoile.

Cé nach fostaí é nó í oibrí deonach, úsáidfear na nósanna imeachta atá leagtha amach thíos, i gcás gurb iomchuí agus gur cuí, freisin i gcás go ndéanfar líomhain drochúsáide in aghaidh oibrí deonach.

I gcás bunscoileanna (seachas bunscoileanna a oibríonn faoi bhord oideachais agus oiliúna), meánscoileanna deonacha agus scoileanna pobail agus cuimsitheacha, is é an bord bainistíochta an fostóir. I gcás scoileanna eile a oibríonn faoi bhord oideachais agus oiliúna, is é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir. Sa chaibidil seo, úsáidtear an frása "an fostóir" chun tagairt a dhéanamh don bhord bainistíochta nó don bhord oideachais agus oiliúna, de réir mar is cuí.

I gcás líomhaintí drochúsáide in aghaidh fostaithe boird oideachais agus oiliúna, beidh na forálacha den chaibidil seo ina léiriú ar na socruithe iomchuí rialachais agus fostaíochta is infheidhme maidir le scoileanna boird oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear, de réir mar is cuí, ról an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin nó a thoscaire nó a toscaire maidir le nithe fostaíochta.

Níl aon ról ag pátrún na scoile maidir le nithe fostóra/fostaí, ach amháin in imthosca inarb é an pátrún an fostóir freisin. Níl aon ról ag an roinn ach oiread maidir le nithe fostóra/fostaí.

### 7.1.1 Na Nósanna Imeachta a Bheidh le Leanúint

Beidh dhá thacar nósanna imeachta le leanúint i gcás go mbeidh líomhain ann in aghaidh fostaí scoile:

- an t-ábhar imní cosanta leanaí a thuairisciú do Tusla (mar atá leagtha amach i rannán 7.2);
- an nós imeachta le haghaidh déileáil le nithe fostaíochta (mar atá leagtha amach i rannáin 7.3 agus 7.4).

I gcás go mbeidh líomhain ann in aghaidh duine de phearsanra na scoile, moltar nach mbeadh an t-aon duine amháin freagrach as déileáil leis an tsaincheist tuairiscithe agus leis an tsaincheist fostaíochta araon. Beidh an duine idirchaidrimh ainmnithe (DIA) freagrach as an ní a thuairisciú do Tusla. Beidh an fostóir freagrach as aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna fostaíochta.

## 7.2 An Nós Imeachta Tuairiscithe

I gcás go ndéanfar líomhain in aghaidh fostaí scoile, gníomhóidh an DIA láithreach i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo.

Más rud é go ndéanfaidh leanbh nochtadh, déanfaidh an duine a gheobhaidh é taifead scríofa ar an nochtadh a luaithe is féidir. Más rud é go mbeidh leanbh ag iarraidh ráiteas scríofa a dhéanamh, ba cheart é sin a cheadú.

Más rud é go ndéanfaidh duine fásta líomhain drochúsáide, ba cheart ráiteas scríofa a lorg uaidh nó uaithi. Beidh an cumas a bheidh ag Tusla nó ag an bhfostóir chun measúnacht a dhéanamh ar dhrochamhras nó líomhaintí drochúsáide ag brath ar cháilíocht na faisnéise a thabharfar dó.

### 7.2.1 Tuairisciú don DIA

Aon duine de phearsanra na scoile a gheobhaidh líomhain nó a mbeidh drochamhras air nó uirthi faoi dhrochúsáid in aghaidh fostaí scoile, tuairisceoidh sé nó sí an ní gan mhoill don DIA, mar atá leagtha amach i gCaibidil 5 de na nósanna imeachta seo.

Leanfaidh an DIA na nósanna imeachta iomchuí atá leagtha amach i gcaibidil 5 de na nósanna imeachta seo. Tuairisceoidh an DIA an ní don fhostóir freisin, a ghníomhóidh ansin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bhaineann le fostaíocht atá leagtha amach sa chaibidil seo.

### 7.2.2 Tuairisciú do Tusla

I gcás go gcuirfear an DIA ar an eolas faoi líomhain nó ábhar imní a bhaineann le fostaí scoile, déanfaidh sé nó sí an méid seo a leanas, i gcomhréir le caibidil 5:

- dul i gcomhairle le Tusla.
- más deimhin leis nó léi go bhfuil forais réasúnacha ann leis an drochamhras, an ní a thuairisciú do Tusla láithreach.
- i gcás gurb infheidhme, an tuarascáil a chur isteach mar thuarascáil shainordaithe nó mar chomhthuarascáil shainordaithe.

Leanfaidh múinteoirí cláraithe freisin na nósanna imeachta atá leagtha amach i rannán 5.1 de na nósanna imeachta seo, lena n-áirítear, i gcás gur cuí, na nósanna imeachta sin a bhaineann le tuarascálacha sainordaithe agus le comhthuarascálacha sainordaithe.

### 7.2.3 An Fostóir a Chur ar an Eolas

I ngach cás, cuirfidh an DIA an bord bainistíochta nó, i scoileanna inarb é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an bhoird oideachais agus oiliúna nó a thoscaire nó a toscaire ar an eolas faoi líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí scoile. Déanfar é sin láithreach:

- I gcás go ngairfear an prótacal éigeandála atá leagtha amach i rannán 7.3.6.
- I gcás nach mbeidh líomhain in aghaidh fostaí scoile á tuairisciú do Tusla, in imthosca inar chuir Tusla in iúl gur cheart an líomhain a thuairisciú dó nó i gcás nár lorgaíodh aon chomhairle ó Tusla (mar atá leagtha amach i rannán 12.3.4(f) agus (g)).

In imthosca eile, is trí na nósanna imeachta maoirseachta atá leagtha amach i rannán 12.3.4 a chuirfear an fostóir ar an eolas.

### 7.2.4 Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta – Comhairle a Lorg ó Tusla

Lorgóidh an cathaoirleach comhairle ó Tusla thar ceann an bhoird bainistíochta sna himthosca seo a leanas, mar atá leagtha amach sna nósanna imeachta maoirseachta i gCaibidil 12.

- I gcás nach mbeidh líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí scoile tuairiscithe ag an DIA do Tusla agus nach mbeidh aon chomhairle lorgtha aige nó aici ó Tusla maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart an ní a thuairisciú; *nó*
- I gcás nach mbeidh líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí scoile tuairiscithe ag an DIA do Tusla, i gcás gur chuir Tusla in iúl dó nó di gur cheart an ní a thuairisciú.

I gcás go gcuirfidh Tusla in iúl gur cheart an ní a thuairisciú, cuirfidh an cathaoirleach an tuarascáil isteach nó ordóidh sé nó sí don DIA déanamh amhlaidh.

I gcás nach mbeidh na nósanna imeachta seo comhlíonta ag an mbord bainistíochta agus nach mbeidh an ní tuairiscithe aige do Tusla, i gcás gur chuir Tusla in iúl gur cheart tuarascáil den sórt sin a thabhairt, nó nach mbeidh ordú tugtha aige don DIA an ní a thuairisciú do Tusla, tabharfaidh an cathaoirleach fógra i scríbhinn do phátrún na scoile faoin méid sin. Breithneoidh an pátrún cé na gníomhartha a dhéanfar, a bhféadfaidh go n-áireofar leo a ordú don bhord bainistíochta agus/nó don DIA na nósanna imeachta seo a chomhlíonadh.

### 7.2.5 I gCás go mBainfidh an Líomhain leis an DIA

I gcás go mbainfidh líomhain nó ábhar imní leis an DIA, déanfaidh an duine de phearsanra na scoile, gan mhoill, an ní a thuairisciú do chathaoirleach an bhoird bainistíochta nó, i gcás scoileanna inarb é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir, do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an bhoird oideachais agus oiliúna lena mbaineann nó dá thoscaire nó dá toscaire. I gcásanna den sórt sin, glacfaidh an cathaoirleach nó an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó a thoscaire nó a toscaire an ról a chomhlíonann an DIA de ghnáth air nó uirthi féin, agus leanfaidh sé nó sí na nósanna imeachta iomchuí atá leagtha amach i gcaibidil 5 le haghaidh déileáil leis an líomhain nó leis an ábhar imní.

### 7.2.6 Líomhaintí in Aghaidh Comhaltaí den Bhord Bainistíochta

I gcás go ndéanfaidh an DIA nó an fostóir líomhain nó drochamhras faoi dhrochúsáid leanaí maidir le comhalta den bhord bainistíochta a thuairisciú do Tusla, cuirfidh an DIA in iúl don phátrún nó do na pátrúin gan mhoill gur cuireadh tuarascáil den sórt sin faoi bhráid Tusla, agus coinneoidh sé nó sí taifead ar an méid sin a dhéanamh ar an gcáschomhad iomchuí cosanta leanaí.

Is faoin bpátrún nó faoi na pátrúin a bheidh sé a chinneadh cé acu a bheidh nó nach mbeidh aon ghníomh ag teastáil maidir le ról leantach an chomhalta ar an mbord bainistíochta, lena n-áirítear maidir le rochtain ar mhaoin na scoile nó bearta maolaithe eile, agus cé acu a fheidhmeoidh nó nach bhfeidhmeoidh an pátrún nó na pátrúin na cumhachtaí atá aige nó acu faoi alt 16 den Acht Oideachais, 1998. Féadfaidh go mbeidh an scoil ag iarraidh comhairle a lorg ón bpátrún agus/nó comhairle dlí maidir leis an ní sin.

### 7.2.7 Líomhaintí in Aghaidh Duine atá Bainteach leis an Scoil ach nach Fostaí Scoile é nó í

I gcás go dtiocfaidh DIA ar an eolas faoi ábhar imní cosanta leanaí i ndáil le duine atá bainteach leis an scoil ach nach duine de phearsanra na scoile é nó í, tarraingeoidh an DIA an ní anuas leis an mbord bainistíochta agus/nó leis an mbord oideachais agus oiliúna, ag brath ar na himthosca, d'fhonn a bhreithniú cé acu a bheidh nó nach mbeidh aon ghníomh breise ag teastáil. Féadfaidh go ndéanfar é sin mar chuid de ghnáthchruinniú den bhord bainistíochta nó, i gcás gur gá déanamh amhlaidh sna himthosca, féadfaidh go ngairfear cruinniú éigeandála den bhord. Ba cheart don scoil comhairle ó Tusla agus comhairle dlí a lorg maidir leis an tsaincheist sin.

### 7.2.8 Idirchaidreamh le Tusla nó leis an nGarda Síochána

Coinneoidh an fostóir dlúth-idirchaidreamh ar bun le Tusla nó leis an nGarda Síochána, agus stádas aon imscrúduithe atá ar siúl á fhiosrú aige go leanúnach agus uair amháin sa téarma ar a laghad. Chomh maith leis sin, coinneoidh an fostóir Tusla ar an eolas faoi aon ghníomhartha coimircithe leanaí a bheidh déanta aige nó a mbeidh sé beartaithe aige iad a dhéanamh i leith an fhostaí. Agus aon chinntí á ndéanamh maidir le post an fhostaí scoile, tabharfar aird chuí ar aon fhaisnéis nó aon chomhairle a fuair an fostóir ó na húdaráis sin.

### 7.2.9 I gCás go bhFágfaidh Duine de Phearsanra na Scoile an Scoil

Más rud é, roimh mheasúnacht ó Tusla nó imscrúdú ón nGarda Síochána ar ábhar imní cosanta leanaí a tarraingíodh anuas in aghaidh duine de phearsanra na scoile a chríochnú:

- go bhfágfaidh an duine sin de phearsanra na scoile a fhostaíocht nó a fostaíocht leis an scoil, mar shampla trí éirí as, trí dhul ar scor, nó trí dheireadh a chur leis an gcaidreamh fostaíochta,
- go rachaidh an duine sin de phearsanra na scoile i mbun saoire cheadaithe,
- nach mbeidh an duine sin de phearsanra na scoile ag freastal ar an scoil ar chúis ar bith eile,

cuirfidh an DIA Tusla ar an eolas faoi sin agus soláthróidh sé nó sí dó an fhaisnéis sin agus aon fhaisnéis iomchuí eile, lena n-áirítear cé acu a cuireadh nó nár cuireadh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar an eolas.

Ina theannta sin, ar aon dul leis na ceanglais faoi na *Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Faisnéis a bheidh le tabhairt ag fostóir i gcás múinteoir cláraithe a dhífhostú nó i gcás go n-éireoidh sé nó sí as a phost nó as a post), 2023,* i gcás go mbeidh an fostaí ina mhúinteoir cláraithe nó ina múinteoir cláraithe agus go n-éireoidh sé nó sí as tar éis gearán a bheith déanta ina aghaidh nó ina haghaidh, nó go ndéanfar an fostóir é nó í a dhífhostú, ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta faoi sin. Tá an fhoclaíocht iomlán agus an fhaisnéis a bheidh le soláthar don Chomhairle Mhúinteoireachta leagtha amach sna rialacháin sin.

## 7.3 An Gníomh a Bheidh le Déanamh ag an bhFostóir i ndáil leis an bhFostaí

Is faoin bhfostóir, agus faoin bhfostóir amháin, a bheidh aon ghníomhartha atá leagtha amach sa rannán seo a dhéanamh i ndáil leis an bhfostaí. I gcás na gciorclán is infheidhme maidir le nithe araíonachta agus le saincheisteanna iomchuí eile, beidh feidhm acu go fóill in imthosca den sórt sin.

### 7.3.1 Rúndacht

Is leis an bhfostóir agus leis an bhfostaí atá i gceist a bhainfidh aon ghníomhartha a dhéanfaidh an fostóir i leith an fhostaí, lena n-áirítear imeachtaí araíonachta a thionscnamh nó an fostaí a chur ar shaoire riaracháin, ach gan a bheith teoranta dóibh, agus ní mór iad a láimhseáil faoi chuing rúin. Ní nochtfar céannacht an fhostaí, ach amháin i gcás gur gá déanamh amhlaidh faoin bprótacal lena n-údaraítear gníomh láithreach agus faoi nósanna imeachta araíonachta na scoile.

Ní bheidh aon ról ag tríú páirtí ná ag an duine a rinne an líomhain i leith duine de phearsanra na scoile sna himeachtaí sin, seachas faisnéis a sholáthar d’aon imscrúdú a dhéanfaidh an fostóir nó fianaise a thabhairt le linn éisteacht araíonachta, i gcás gurb infheidhme. Ní bheidh ag an duine sin aon teidlíocht chun faisnéis a fháil maidir le dul chun cinn nó seoladh aon imscrúduithe nó imeachtaí.

Leis an gceanglas sin maidir le rúndacht, ní chuirtear aon chosc ar DIA tuismitheoir a chur ar an eolas faoi ábhar imní cosanta leanaí a tháinig chun cinn i ndáil lena leanbh.

### 7.3.2 Comhairle Dlí

Ba cheart comhairle dlí a ghlacadh i gcónaí maidir le haon ghníomhartha a bhfuil sé beartaithe iad a dhéanamh i leith an fhostaí.

Beidh aird ag an bhfostóir ar an gcomhairle dlí a gheofar agus ar na hoibleagáidí a bheidh air nósanna imeachta cothroma a thabhairt dá fhostaí.

### 7.3.3 An Fostaí a Chur ar an Eolas

I gcás go dtiocfaidh DIA ar an eolas faoi líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí scoile, déanfaidh an DIA socrú chun na nithe seo a leanas a chur in iúl go príobháideach don fhostaí:

a) An fíoras go ndearnadh líomhain ina aghaidh nó ina haghaidh.

b) Cineál na líomhna.

c) Cé acu a tuairiscíodh nó nár tuairiscíodh an ní do Tusla (cibé acu a thug an DIA, an fostóir nó duine eile an tuarascáil).

d) Mionsonraí faoi na tacaí a bheidh ar fáil don fhostaí, lena n-áirítear, i gcás gurb iomchuí, an Clár Cúnaimh agus Folláine Fostaithe do Mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

Tabharfar cóip den taifead scríofa agus/nó den líomhain don fhostaí, mar aon le haon doiciméid ghaolmhara eile.

### 7.3.4 An Deis chun Freagra a Thabhairt

I gcás go dtuairisceofar líomhain do Tusla, tabharfar deis don fhostaí freagra a thabhairt ar an líomhain i scríbhinn don fhostóir laistigh de thréimhse ama shonraithe. Inseofar don fhostaí go gcuirfear an freagra uaidh nó uaithi don fhostóir ar aghaidh chuig Tusla freisin, agus cuirfear in iúl dó nó di go mbeidh sé de rogha aige nó aici gan aon fhreagra a thabhairt ag an bpointe seo.

### 7.3.5 Bearta Coimircithe

I gcás go ndéanfar líomhain maidir le duine de phearsanra na scoile, is é a bheidh sa chéad tosaíocht ná a chinntiú nach mbeidh aon leanbh neamhchosanta ar phriacal gan ghá. Breithneoidh an fostóir aon bhearta cosanta agus coimircithe is gá chun srian a chur leis an bpriacal sin. Féadfaidh an fostóir treoir a fháil ó Tusla maidir le haon bhearta coimircithe a bheidh le cur chun feidhme.

### 7.3.6 An Prótacal lena nÚdaraítear Gníomh Láithreach – An Gá atá le Coimirciú Láithreach

Féadfaidh go dtiocfaidh an DIA ar an eolas, nó go gcuirfidh Tusla nó an Garda Síochána é nó í ar an eolas, faoi phriacal do leanbh nó leanaí ar gá gníomhartha práinneacha coimircithe a dhéanamh ina leith. Féadfaidh go dtarlóidh sé sin le linn lá scoile nó díreach roimh thús an lae scoile.

I gcásanna ina mbeidh sé riachtanach a ordú d'fhostaí fanacht ón scoil láithreach, ní mór d'fhostóirí prótacal scríofa a bheith i bhfeidhm acu chun gníomh láithreach a údarú (féach Aguisín 3 – An prótacal lena n-údaraítear gníomh láithreach). Ba cheart don fhostóir an prótacal sin a chur i bhfeidhm, agus ba cheart don bhord bainistíochta é a dhaingniú mar chuid de chomhlánú an Ráitis um Choimirciú Leanaí.

I gcás, mar thoradh ar cheanglas práinneach coimircithe den sórt sin, go mbeidh sé riachtanach a ordú d'fhostaí fanacht ón scoil láithreach, leanfar na céimeanna atá leagtha amach in Aguisín 3.

Ós rud é go bhfuil cosaint agus leas leanaí ar an rud is tábhachtaí, beag beann ar gach toisc eile, féadfaidh, chun leanaí a choinneáil sábháilte sna himthosca sin, go mbeidh sé riachtanach an prótacal a ghníomhachtú láithreach. In imthosca den sórt sin, níor cheart gníomhachtú an phrótacail a mhoilliú ar feitheamh cruinniú den bhord bainistíochta a chomóradh nó comhairle dlí a fháil ná ag brath ar chruinniú den bhord bainistíochta a chomóradh nó ar chomhairle dlí a fháil.

### 7.3.7 I gcás go nOrdófar d'Fhostaí Fanacht ón Scoil

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil na gníomhartha faoin bprótacal beartaithe le bheith ina ngníomhartha réamhchúraim, agus ní ina ngníomhartha araíonachta. I gcás go n-ordófar d'fhostaí fanacht ón scoil, ní thabharfaidh aon neamhláithreacht den sórt sin le tuiscint go bhfuil an fostaí scoile ciontach ar aon slí.

### 7.3.8 Na Céimeanna a Bheidh le Leanúint tar éis a Ordú don Fhostaí Fanacht ón Scoil

A luaithe a chuirfear i bhfeidhm an gníomh coimircithe a bhaineann lena ordú don fhostaí fanacht ón scoil faoin bprótacal:

- Cuirfear in iúl do Tusla gur cuireadh an prótacal i ngníomh agus go mbeidh an fostaí as láthair ón scoil ar feitheamh cruinniú éigeandála den bhord bainistíochta nó den bhord oideachais agus oiliúna, de réir mar is cuí. Féadfaidh go ndéanfar é sin i gcomhthráth leis an líomhain a thuairisciú do Tusla nó trí fhógra ar leith a thabhairt do Tusla.
- I gcás gurb í an roinn an pámháistir, ba cheart teagmháil a dhéanamh léi láithreach chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:
    1. ceadú foirmiúil a lorg chun leanúint de phá a íoc ar feadh tréimhse theoranta go dtí go gcomórfar an cruinniú éigeandála; *agus*
    2. ceadú a lorg chun ionadaí a fhostú i gcás gur gá déanamh amhlaidh ar feadh tréimhse theoranta go dtí go gcomórfar cruinniú éigeandála.

    In imthosca den sórt sin, féadfar teagmháil a dhéanamh leis an roinn trí ríomhphost a sheoladh chuig teachersna@education.gov.ie.
- Comórfar cruinniú éigeandála den fhostóir.

### 7.3.9 Cruinniú Éigeandála den Fhostóir

Tar éis an prótacal a ghníomhachtú, tionólfar cruinniú éigeandála den fhostóir, áit a ndéanfaidh an fostóir breithniú ar an bhfostaí a chur go foirmiúil ar shaoire riaracháin.

Tabharfar cuireadh don fhostaí freastal ar an gcruinniú, agus féadfaidh duine cuí de rogha an fhostaí féin (mar shampla, comhghleacaí, cara, ionadaí ceardchumainn, nó duine tacaíochta) an fostaí a thionlacan.

Is iad seo a leanas na haon chuspóirí amháin a bheidh leis an gcruinniú éigeandála:

- Breithniú a dhéanamh ar an bhfostaí a chur ar shaoire riaracháin nó ar scor de shaoire riaracháin.
- Breithniú a dhéanamh ar bhearta eile coimircithe, nach é a bheidh i gceist leo an fostaí a chur ar shaoire riaracháin.

Ag an gcruinniú seo, ní dhéanfar aon imscrúdú i ndáil le substaint, creidiúnacht nó neamhchreidiúnacht na líomhna, agus ní iarrfar ar an bhfostaí freagra a thabhairt ar an líomhain.

### 7.3.10 Tusla a Chur ar an Eolas faoi Thoradh an Chruinnithe Éigeandála

Díreach tar éis an chruinnithe éigeandála den fhostóir, cuirfear Tusla ar an eolas faoi cé acu a cuireadh nó nár cuireadh an fostaí go foirmiúil ar shaoire riaracháin.

I gcás go gcinnfear gan an fostaí a chur ar shaoire riaracháin, lorgófar comhairle ó Tusla maidir le bearta malartacha coimircithe leanaí a bheidh le déanamh. Cuirfear Tusla ar an eolas faoi aon ghníomhartha malartacha coimircithe leanaí a bheidh déanta.

### 7.3.11 An Roinn a Chur ar an Eolas faoi Thoradh an Chruinnithe Éigeandála

I gcás gurb í an roinn an pámháistir, cuirfear an roinn ar an eolas láithreach faoin gcinneadh ón bhfostóir i ndáil leis an bhfostaí a chur go foirmiúil ar shaoire riaracháin.

I gcás go gcuirfear an fostaí ar shaoire riaracháin, lorgóidh an fostóir ceadú foirmiúil ón roinn chun leanúint de phá a íoc, agus lorgóidh sé ceadú uaithi chun ionadaí a fhostú, i gcás gur gá déanamh amhlaidh. Ba cheart don fhostóir saoire riaracháin a athbhreithniú uair amháin sa téarma ar a laghad.

## 7.4 Gníomh Araíonachta

Beidh aon ghníomh araíonachta is gá ag teacht le nósanna imeachta araíonachta bunaithe, agus ní dhéanfar é ach amháin tar éis dul i gcomhairle le Tusla agus, i gcás gur cuí, leis an nGarda Síochána.

I gcás go mbeifear ag déileáil le líomhain in aghaidh duine den fhoireann teagaisc faoi na nósanna imeachta araíonachta do mhúinteoirí, déileálfar leis an ní faoin nós imeachta a bhaineann le hobair, iompar agus nithe seachas inniúlacht ghairmiúil.

### 7.4.1 An Gaol Idir Nósanna Imeachta Araíonachta agus Próisis Tusla nó an Gharda Síochána

Cé go mbeidh sé de cheart ag an bhfostóir a imscrúdú araíonachta féin a sheoladh i gcomhréir leis na nósanna imeachta araíonachta fostaithe iomchuí, a bheidh neamhspleách ar aon mheasúnacht ó Tusla nó ar aon imscrúdú ón nGarda Síochána, ba cheart don fhostóir a chinntiú nach gcuirfidh na gníomhartha a dhéanfar an bonn d’aon mheasúnacht atá ar bun ag Tusla nó d’aon imscrúdú atá ar bun ag an nGarda Síochána agus nach gcuirfidh siad aon mheasúnacht nó aon imscrúdú den sórt sin ó rath.

Ba cheart don fhostóir dlúth-idirchaidreamh a choinneáil ar bun leis na húdaráis sin chun an méid sin a bhaint amach, agus ba cheart dó comhairle dlí a ghlacadh i leith an chéanna.

I ngach cás, ba cheart don fhostóir comhairle dlí a ghlacadh maidir le cé acu ba cheart leanúint ar aghaidh le himeachtaí araíonachta nó bac a chur orthu go dtí go gcríochnófar an mheasúnacht ó Tusla nó an t-imscrúdú ón nGarda Síochána. Is i bhfianaise na comhairle sin ba cheart aon chinneadh a dhéanamh maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart leanúint ar aghaidh le himeachtaí araíonachta.

### 7.4.2 Bac a Chur ar Imeachtaí Araíonachta

I gcás go gcinnfear bac a chur ar imeachtaí araíonachta ar feitheamh thoradh aon mheasúnachta ó Tusla nó aon imscrúdaithe ón nGarda Síochána, cuirfear an méid seo a leanas in iúl don fhostaí:

- Rinneadh cinneadh bac a chur ar imeachtaí araíonachta.
- Na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin.
- Coimeádfaidh an fostóir an ceart chun leanúint le himeachtaí araíonachta tráth níos déanaí nó a luaithe a bheidh an mheasúnacht ó Tusla nó an t-imscrúdú ón nGarda Síochána críochnaithe, beag beann ar thoradh na measúnachta nó an imscrúdaithe sin.
- Féadfaidh an fostóir aird a bheith aige ar thoradh aon mheasúnachta nó aon imscrúdaithe den sórt sin agus cinneadh á dhéanamh ar an ngníomh araíonachta a dhéanfar, más ann.

Más rud é go ndéanfar cinneadh bac a chur ar imeachtaí araíonachta ar feitheamh thoradh aon mheasúnachta ó Tusla nó aon imscrúdaithe ón nGarda Síochána, ba cheart an fostaí a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn na measúnachta ó Tusla nó an imscrúdaithe ón nGarda Síochána (a mhéid is féidir déanamh amhlaidh).

Más rud é go n-ordófar don fhostaí fanacht ón obair, ba cheart an riachtanas atá leis an bhfostaí a bheith as láthair ón obair a choinneáil faoi athbhreithniú freisin, i gcomhairle le Tusla, agus aird á tabhairt ar chomhairle dlí.

### 7.4.3 Leanúint le hImeachtaí Araíonachta

Ní gá bac a chur ar imeachtaí araíonachta i gcónaí ar feitheamh thoradh aon mheasúnachta ó Tusla nó aon imscrúdaithe ón nGarda Síochána.

I gcás go mbeidh sé beartaithe leanúint le himeachtaí araíonachta, déanfaidh an fostóir na nithe seo a leanas sula gcinnfidh sé é sin a dhéanamh:

- Comhairle dlí a ghlacadh.
- Aird a bheith aige ar an oibleagáid atá ann gan an mheasúnacht ó Tusla ná an t-imscrúdú ón nGarda Síochána a chur ó rath.
- Aird a bheith aige ar an oibleagáid atá ann nósanna imeachta cothroma a thabhairt don fhostaí.
- A chur in iúl don fhostaí go bhfuil sé beartaithe leanúint le himeachtaí araíonachta.
- Aird a bheith aige ar an mbunús atá le haon agóid a fhéadfaidh an fostaí a dhéanamh in aghaidh an togra chun leanúint le himeachtaí araíonachta.

### 7.4.4 Faisnéis arna Soláthar le haghaidh Éisteacht Araíonachta

Ag brath ar na himthosca, féadfaidh go mbeidh srian ar Tusla maidir leis an bhfaisnéis a fhéadfaidh sé a chomhroinnt leis an bhfostóir. Dá réir sin, in imthosca áirithe, féadfaidh go mbeidh ar an bhfostóir glaoch ar leanbh, ar thuismitheoir nó ar dhuine fásta eile chun fianaise a thabhairt, agus féadfaidh go mbeidh sé riachtanach an leanbh, an tuismitheoir nó an duine fásta eile a chroscheistiú mar chuid d'éisteacht araíonachta. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil sé de chumhacht ag fostóir iallach a chur ar dhuine den sórt sin fianaise a thabhairt mar chuid de phróiseas araíonachta.

In aon chás ina mbeidh leanbh le fianaise den sórt sin a thabhairt, caithfear go han-chúramach agus go han-tuisceanach leis an leanbh. (Tugtar i rannán 7.6 tuilleadh faisnéise maidir leis an bhfaisnéis a fhéadfaidh agus nach bhféadfaidh Tusla a chomhroinnt leis an bhfostóir scoile.)

## 7.5 An Gníomh a Bheidh le Déanamh i gCás go dTarraingeoidh Tuismitheoir/Cúramóir Ábhar Imní Cosanta Leanaí Anuas faoi Dhuine de Phearsanra na Scoile

I gcás go ndéanfaidh tuismitheoir/cúramóir linbh sa scoil líomhain drochúsáide in aghaidh duine de phearsanra na scoile, leanfaidh an DIA agus an bord bainistíochta na nósanna imeachta breise seo a leanas, de réir mar is infheidhme.

### 7.5.1 Fógra a Thabhairt do Thuismitheoir

Is dea-chleachtas ar thaobh an DIA é a admháil go bhfuarthas líomhain a luaithe is indéanta tar éis í a fháil.

Ina theannta sin, déanfaidh an DIA, laistigh de chúig lá scoile ón lá a rinne an tuismitheoir/cúramóir an líomhain (cibé acu a rinneadh í leis an DIA, leis an mbord bainistíochta nó le duine eile de phearsanra na scoile), fógra scríofa a eisiúint chuig an tuismitheoir lena mbaineann ina leagfar an méid seo a leanas amach:

> I gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025*:
  ~ thuairiscigh an DIA an ní do Tusla; *nó*
  ~ lorg an DIA comhairle ó Tusla i leith an ní agus, de bhun na comhairle sin, níor tuairiscíodh an ní do Tusla; *nó*
  ~ chinn an DIA nárbh ionann an ní agus forais imní réasúnacha, mar atá leagtha amach faoi na nósanna imeachta seo, agus, dá bhrí sin, nár ghá an ní a thuairisciú do Tusla, agus na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin á dtabhairt.
> Féadfaidh an tuismitheoir/cúramóir lena mbaineann teagmháil dhíreach a dhéanamh le Tusla i ndáil leis an ní más rud é go mbeidh sé nó sí ag iarraidh déanamh amhlaidh.
> Is faoi na nósanna imeachta iomchuí atá leagtha amach i gcaibidil 7 "Líomhaintí nó Drochamhras faoi Dhrochúsáid Leanaí maidir le Fostaithe Scoile" de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* a dhéileálfar le haon líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí scoile a thuairisceofar do Tusla.

### 7.5.2 I gCás nach mBeidh aon Fhógra Faighte

I gcás nach mbeidh an fógra scríofa faighte ag tuismitheoir/cúramóir ón DIA laistigh den chreat ama riachtanach, féadfaidh sé nó sí an ní a tharraingt anuas go díreach leis an DIA. Más rud é nach bhfaighidh an tuismitheoir/cúramóir an fógra scríofa ansin laistigh de chúig lá scoile eile ón lá a tarraingíodh an ní anuas leis an DIA, féadfaidh an tuismitheoir/cúramóir fógra a thabhairt i scríbhinn do chathaoirleach an bhoird bainistíochta faoin méid sin.

In imthosca den sórt sin, ordóidh an bord bainistíochta don DIA a chinntiú go ndéanfar fógra ina mbeidh an fhaisnéis atá sonraithe i rannán 7.5.1 de na nósanna imeachta seo a eisiúint chuig an tuismitheoir laistigh de dheich lá scoile ón lá a fuair an bord bainistíochta an fógra scríofa ón tuismitheoir. Féadfaidh go mbeidh sé riachtanach cruinniú den bhord bainistíochta a chomóradh ar gearrfhógra chun déileáil leis an ní. Is é an t-aon chuspóir amháin a bheidh leis an gcruinniú sin ná a ordú don DIA an fógra a eisiúint chuig an tuismitheoir.

### 7.5.3 I gCás go nDéanfar Líomhain Drochúsáide in Aghaidh an DIA

I gcás go ndéanfaidh tuismitheoir linbh sa scoil líomhain drochúsáide in aghaidh an DIA, glacfaidh cathaoirleach an bhoird bainistíochta nó, i scoileanna inarb é an bord oideachais agus oiliúna an fostóir, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó a thoscaire nó a toscaire an ról a chomhlíonann an DIA de ghnáth faoi rannán 5.3 air nó uirthi féin, agus leanfaidh sé nó sí na nósanna imeachta atá leagtha amach sa rannán sin.

## 7.6 Comhroinnt Faisnéise ag Tusla

Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag Tusla nach mór dá bhaill foirne iad a leanúint agus iad ag freagairt do líomhaintí drochúsáide agus faillí leanaí, lena n-áirítear nósanna imeachta le haghaidh faisnéis a chomhroinnt le fostóir i gcás go ndéanfar líomhain den sórt sin i leith fostaí.

Is faoin bhfostóir, agus faoin bhfostóir amháin, a bheidh sé a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart a ordú don duine fanacht ón scoil, agus ní bheidh aon ról ag Tusla ina leith sin. I gcás go ndéanfar líomhain drochúsáide leanaí i leith fostaí scoile, áfach, féadfaidh Tusla comhairle a chur ar fhostóir scoile maidir lena leordhóthanaí atá aon bhearta a bhfuil sé beartaithe ag an bhfostóir scoile iad a dhéanamh chun leanaí a chosaint.

Fad a bheidh measúnacht ar bun ag Tusla, ní fhéadfaidh Tusla an t-eolas is deireanaí a thabhairt don fhostóir scoile ar dhul chun cinn na measúnachta sin ach amháin i gcás nach ndéanfaidh sé sin aon dochar don cheart a bheidh ag an duine aonair chun nós imeachta cothrom a fháil. Chun déanamh amhlaidh, is amhlaidh de ghnáth a bheidh ar Tusla agus ar an duine is ábhar don líomhain, sula gcuirfear an fostóir scoile ar an eolas, an fhaisnéis a bheidh le comhroinnt le fostóir scoile a aontú. Féadfaidh duine aonair is ábhar do mheasúnacht a iarraidh nach gcomhroinnfí aon fhaisnéis agus, in imthosca den sórt sin, ach amháin i gcás go mbeidh Tusla den tuairim go bhféadfaí leanaí a chur i mbaol i gcás nach gcomhroinnfí faisnéis, beidh ar Tusla mianta an duine aonair lena mbaineann a urramú. I gcásanna den sórt sin, mar sin, féadfaidh go mbeidh srian mór ar Tusla maidir leis an bhfaisnéis a fhéadfaidh sé a sholáthar d’fhostóir scoile, agus féadfaidh nach mbeidh sé in ann ach a dheimhniú go bhfuil measúnacht fós ar siúl.

Más rud é, tar éis an imscrúdaithe uaidh, go dtiocfaidh Tusla ar an gconclúid go bhfuil bunús le líomhain, cuirfidh sé é sin in iúl don fhostóir scoile agus don chomhlacht clárúcháin iomchuí (mar shampla, an Chomhairle Mhúinteoireachta i gcás múinteoirí cláraithe).

I gcás go dtiocfaidh Tusla ar an gconclúid go bhfuil bunús leis an líomhain, soláthróidh Tusla cóip (a bhféadfaidh go mbeidh roinnt ábhair atá istigh inti folaithe, i gcás nach mbainfidh an t-ábhar sin le próiseas araíonachta na scoile) den tuarascáil deiridh ar na cinntí uaidh, más rud é go n-iarrfaidh an fostóir scoile air déanamh amhlaidh.

Más rud é go dtiocfaidh Tusla ar an gconclúid nach bhfuil aon bhunús leis an líomhain, ní chomhroinnfidh sé aon fhaisnéis eile leis an bhfostóir scoile seachas a dheimhniú gurb é an chonclúid uaidh i leith an ní nach raibh aon bhunús leis an líomhain.

I gcás go ndéanfar líomhain drochúsáide in aghaidh duine de phearsanra na scoile go díreach le Tusla, i.e., i gcás nach dtuairisceoidh an scoil í do Tusla, déanfaidh Tusla teagmháil leis an bhfostóir scoile iomchuí i gcás go measfaidh sé go bhfuil priacal ann do leanaí.

Sula gcuirfidh sé an fostóir scoile iomchuí ar an eolas, is amhlaidh de ghnáth a chuirfidh Tusla in iúl don fhostaí scoile ar dtús go bhfuil sé beartaithe aige déanamh amhlaidh. Mar sin féin, in imthosca ina bhféadfadh priacal láithreach a bheith ann d’aon leanbh, beidh sábháilteacht an linbh ar an rud is tábhachtaí agus, in imthosca den sórt sin, féadfaidh go measfaidh Tusla é a bheith riachtanach teagmháil a dhéanamh leis an bhfostóir scoile ar dtús, sula ndéanfaidh sé teagmháil le duine is ábhar don líomhain drochúsáide, ar mhaithe le sábháilteacht aon linbh a mheastar a bheith i mbaol láithreach a chinntiú.

Déanfar gníomhartha den sórt sin ar an mbonn nach dtiocfar ar aon chonclúid maidir le cruinneas na líomhaintí a rinneadh in aghaidh duine aonair go dtí go mbeidh an mheasúnacht oibre sóisialaí ó Tusla críochnaithe. Cuirfidh Tusla an fostaí scoile ar an eolas i ngach cás ina gcomhroinnfidh sé faisnéis faoi líomhain le fostóir. Maidir lena mhéid a fhéadfaidh Tusla mionsonraí faoi líomhaintí a rinneadh in aghaidh an fhostaí scoile a chomhroinnt in imthosca den sórt sin, beidh sé sin ag brath ar an leibhéal imní lena mbaineann agus ar a iomchuí atá sainiúlachtaí na líomhaintí dá phleanáil cosanta leanaí.

# Caibidil 8:
# Coimeád Taifead

**Príomhphrionsabail**

> I gcás go mbeidh drochamhras ann faoi dhrochúsáid nó faillí leanaí, beidh sé riachtanach taifead scríofa a bheith i bhfeidhm ar an bhfaisnéis ar fad atá ar fáil.

> **Ginfear cáschomhad i ngach cás ina dtarraingeofar ábhar imní a bhaineann le cosaint leanaí anuas leis an DIA.**

> Ní mór don DIA comhad cruachóipe ina bhfuil páipéir/taifid bhunaidh a choimeád le haghaidh gach ábhair imní cosanta leanaí.

> **Ní mór gach páipéar/taifead bunaidh, agus iad i riocht neamhathraithe agus neamhfholaithe, a choinneáil ina n-iomláine ar an gcomhad cruachóipe iomchuí, agus ní mór féachaint orthu mar nithe an-rúnda. Ní mór don DIA iad a stóráil i suíomh slán, áit nach bhféadfaidh ach an DIA nó an LDIA iad a rochtain.**

> Ní gá folú a dhéanamh ach amháin nuair a dhéantar cóipeanna de thaifid shonraithe, agus déantar na cóipeanna sin a fholú/a anaithnidiú lena ndáileadh ar an mbord bainistíochta chun críocha maoirseachta sa Tuarascáil Maoirseachta ar Chosaint Leanaí ón bpríomhoide.

## 8.1 Bainistíocht Taifead

I gcás go dtarraingeofar ábhar imní/líomhain cosanta leanaí anuas leis an DIA, ní mór cáschomhad cruachóipe cosanta leanaí a oscailt.

Féachfar ar gach taifead a chruthófar mar nithe an-rúnda, agus cuirfear i suíomh slán iad. Féach rannán 1.1.11 de na nósanna imeachta seo chun faisnéis a fháil maidir le ceanglais cosanta sonraí agus ceanglais RGCS.

Is dea-chleachtas ar thaobh an DIA é tacar de cháschomhaid/doiciméid bhána cosanta leanaí atá réidh lena n-úsáid a bheith i bhfeidhm aige nó aici. Tá siad sin ar fáil ar www.gov.ie/childprotectionschools, agus is féidir iad a fhótachóipeáil nó a phriontáil ó chóip dhigiteach.

### 8.1.1 Comhaid Cosanta Leanaí a Stóráil

Ní mór don DIA comhad cruachóipe ina bhfuil páipéir/taifid bhunaidh a choimeád le haghaidh gach ábhair imní cosanta leanaí. I gcás gur cruthaíodh aon taifid go digiteach, ní mór iad sin a phriontáil amach agus a chur ar an gcomhad cruachóipe. Ní mór gach cóip dhigiteach agus gach dréacht digiteach a scriosadh go slán agus go buan.

Ní mór gach páipéar/taifead bunaidh, agus iad i riocht neamhathraithe agus neamhfholaithe, a choinneáil ina n-iomláine ar an gcáschomhad iomchuí cosanta leanaí. Ní mór don DIA an cáschomhad cosanta leanaí a stóráil i suíomh slán, áit nach bhféadfaidh ach an DIA nó an LDIA é a rochtain.

## 8.2 Cáschomhad Cosanta Leanaí

I gcás go dtarraingeofar ábhar imní/líomhain cosanta leanaí anuas leis an DIA, ní mór cáschomhad cruachóipe cosanta leanaí a oscailt.

### 8.2.1 Uimhreacha Cáschomhaid

Ní mór uimhir uathúil cháschomhaid a shannadh do gach cáschomhad cosanta leanaí. Ar an tslí sin, beifear in ann taifid agus gníomhartha iomchuí a thaifeadadh agus a rianú go héifeachtach.

### 8.2.2 Cóid agus Sraithuimhreacha Uathúla

Ní mór cód nó sraithuimhir uathúil atá sannta do pháirtithe iomchuí a bheith in aon cháschomhaid a chuirtear faoi bhráid an bhoird le haghaidh maoirseachta mar chuid den Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí.

Ní bheidh cóid ná sraithuimhreacha uathúla ag teastáil i gcás nach mbeidh an cáschomhad á chur faoi bhráid an bhoird bainistíochta le haghaidh maoirseachta mar chuid den Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí.

Úsáideann an príomhoide na cóid chun tacú le rúndacht agus é nó í ag déanamh tagairt do chás ag cruinniú den bhord bainistíochta. Éascaítear leo anaithnidiú agus folú éifeachtach, de réir mar is gá, chun a chinntiú nach ndéanfar céannacht aon leanaí ná aon pháirtithe eile, lena n-áirítear duine de phearsanra na scoile lena mbaineann ábhar imní nó tuarascáil, a nochtadh don bhord mar chuid dá mhaoirseacht cosanta leanaí.

Ba cheart na cóid a úsáid i gcónaí agus aon tagairtí do chás nó do pháirtí á dtaifeadadh sna miontuairiscí ar chruinniú den bhord bainistíochta. Níor cheart páirtithe a shainaithint sna miontuairiscí sin in am ar bith.

Agus céannacht duine de phearsanra na scoile á hanaithnidiú, úsáidfidh an DIA cód nó sraithuimhir uathúil nach mór a athúsáid más rud é go ndéanfar líomhain drochúsáide ina dhiaidh sin in aghaidh an duine sin de phearsanra na scoile.

Ní bheidh sé riachtanach cód a shannadh do gach duine atá ainmnithe nó atá luaite i gcomhad nó i dtaifead. Is é an cheist ná an bhféadfadh céannacht an duine, dá mbeadh sí ar eolas nó dá nochtfaí í, a bheith ina cúis leis an leanbh nó na leanaí lena mbaineann ábhar imní nó tuarascáil nó an duine a bhfuil líomhain déanta ina aghaidh nó ina haghaidh a shainaithint, in imthosca ar leith an cháis.

### 8.2.3 Liosta de Chóid agus Sraithuimhreacha Uathúla

Seo a leanas liosta de na cóid uile a úsáidtear sa chomhad, áit a nasctar gach cód go soiléir leis an leanbh nó leis an bpáirtí ar sannadh é dó nó di. Is fearr an liosta a chur ar chlúdach laistigh an cháschomhaid, agus ba cheart é a nuashonrú de réir mar a chuirtear taifid bhreise lena dtagraítear d’aon pháirtithe nua ar an gcomhad.

Seo a leanas sampla de liosta den sórt sin:

An liosta cód atá i gCáschomhad 01/Bliain

Sannadh na cóid seo a leanas don leanbh nó na leanaí nó do na páirtithe sa chomhad seo:

- Ann Adams is ea ‘Leanbh A’.
- An tUas. Adam Adams is ea ‘Duine Fásta A’.

### 8.2.4 Conas Cód a Shannadh

Níl aon mhodh ná córas ar leith ann le haghaidh cóid a shannadh nach mór a úsáid faoi na nósanna imeachta seo, agus tá cead ag scoileanna córais atá ann cheana a úsáid nó a gcórais féin a fhorbairt agus a úsáid.

Níor cheart na cóid a shanntar a bheith de chineál lena gcumasófaí na páirtithe a shainaithint. Ba cheart a thabhairt faoi deara, go háirithe, nár cheart na nithe seo a leanas a úsáid mar chóid:

- Uimhir POD nó P-POD, toisc go bhféadfaí an leanbh atá i gceist a shainaithint leis an uimhir sin.
- Inisealacha an linbh nó na bpáirtithe eile a bhaineann leis an gcás.
- Uimhreacha PSP.

Cinnteoidh an DIA go mbeidh an LDIA sách eolach ar an gcóras comhdaithe agus códaithe atá i bhfeidhm chun go mbeidh an LDIA in ann taifid a rochtain agus tuairisciú, coimeád taifead agus dualgais eile an DIA a ghabháil de láimh, i gcás gur gá dó nó di déanamh amhlaidh i gcás go mbeidh an DIA as láthair.

### 8.2.5 Folú

Ní gá folú a dhéanamh ach amháin nuair a dhéantar cóipeanna de thaifid shonraithe, agus déantar na cóipeanna sin a fholú/a anaithnidiú lena ndáileadh ar an mbord bainistíochta chun críocha maoirseachta sa Tuarascáil Maoirseachta ar Chosaint Leanaí ón bpríomhoide, a bhfuil mionsonraí fúithi leagtha amach i gCaibidil 12. Is chun céannacht leanaí agus páirtithe eile a chosaint, agus chuige sin amháin, a dhéantar leasú/anaithnidiú, agus níor cheart iad a úsáid ach amháin de réir mar is gá chun a chinntiú nach nochtfar céannacht na ndaoine sin. Níor cheart faisnéis eile a bhaineann leis an gcás a fholú.

## 8.3 An Máistirliosta Cosanta Leanaí

Beidh sa Mháistirliosta mionsonraí faoi gach uimhir cháschomhaid agus mionsonraí faoin leanbh nó faoin duine de phearsanra na scoile ar ina leith a cruthaíodh an comhad.

Seo a leanas sampla de liosta den sórt sin:

| Uimhir Cháschomhaid | Cásuimhir Tusla (má bhaineann) | Catagóir ábhair imní, i.e., duine de phearsanra na scoile, ábhair imní eile cosanta leanaí, nó iompraíocht líomhnaithe bhulaíochta i measc daltaí | An bhfuil sé amhlaidh gur cuireadh doiciméid fholaithe cháschomhaid faoi bhráid an bhoird le haghaidh maoirseachta? Tá/ Ní bhaineann | Ainm an Linbh/an Duine de Phearsanra na Scoile ar ina leith a cruthaíodh an comhad | Seoladh |
|---|---|---|---|---|---|
| Cáschomhad Samplach 01/2025 | | | | Ann Adams, | 4 An Phríomhshráid, Baile an Chaisleáin |

## 8.4 Tuarascálacha do Tusla a Choinneáil

Coinneoidh an DIA cóip de gach tuarascáil a chuirfidh sé nó sí faoi bhráid Tusla, lena n-áirítear an ríomhphost a fuarthas ó Tusla á admháil go bhfuarthas an tuarascáil.

Beidh sé tábhachtach a chinntiú go ndéanfar cruachóip den Fhoirm Thuairisce ar Chosaint agus Leas Leanaí arna cur faoi bhráid Tusla a phriontáil ón tairseach Gréasáin láithreach agus an tuarascáil á cur isteach agus go gcuirfear ar an gcomhad í. Is é a bheidh i gceist leis sin comhlíonadh na nósanna imeachta seo a chinntiú, mar aon lena chinntiú go mbeidh taifid ar fáil go fóill i gcás go mbeidh athrú tagtha ar an DIA nó ar an LDIA, toisc nach bhféadfaidh ach an duine a chuir an tuarascáil faoi bhráid Tusla an tuarascáil sin a rochtain.

Ina theannta sin, coimeádfaidh an DIA taifead ar aon ghníomhartha breise a rinneadh, lena n-áirítear cumarsáid le Tusla, leis an nGarda Síochána nó le páirtithe eile maidir leis an tuarascáil a bheidh le coinneáil.

## 8.5 Cáschomhaid a Bhaineann le hÁbhair Imní a mBeidh Maoirseacht Boird ag Teastáil ina leith

Beidh maoirseacht boird ag teastáil i leith cáschomhaid a bhaineann le hábhair imní faoi dhaoine de phearsanra na scoile, le hábhair imní nár thuairiscigh an DIA do Tusla, agus le hábhair imní a d'eascair as iompraíocht líomhnaithe bhulaíochta i measc mic léinn. Sannfar uimhir cháschomhaid do na cáschomhaid sin. Sannfar cód nó sraithuimhir uathúil do gach páirtí iomchuí.

Beidh na nithe seo a leanas sa cháschomhad:

- Taifead scríofa ar conas a tháinig an DIA ar an eolas faoin ábhar imní cosanta leanaí.
- I gcás gurb infheidhme, taifead ar ghlao teileafóin an DIA le Tusla agus ar an gcomhairle a tugadh.
- I gcás gurb infheidhme, taifead ar an duine de phearsanra na scoile, lena n-áirítear múinteoir cláraithe, a chur ar an eolas go raibh comhairle á lorg ó Tusla agus ar an gcomhairle a tugadh.
- I gcás gurb infheidhme, cruachóip den Fhoirm Thuairisce ar Chosaint agus Leas Leanaí a cuireadh faoi bhráid Tusla. Ba cheart an fhoirm sin a phriontáil ón Tairseach Gréasáin díreach tar éis í a chur isteach.
- I gcás gurb infheidhme, cóip den admháil a fuarthas ó Tusla á rá go bhfuarthas an fhoirm.
- Gach taifead ar aon ghníomhartha breise a rinne an DIA agus ar aon chumarsáid bhreise le Tusla, leis an nGarda Síochána nó le páirtithe eile maidir leis an ábhar imní a tuairiscíodh.
- I gcás gurb infheidhme, taifead scríofa ina ndeimhnítear gur chuir an DIA tuismitheoir/cúramóir an linbh ar an eolas go raibh tuarascáil á tabhairt do Tusla maidir lena leanbh agus gur chuir an DIA tuismitheoir/cúramóir an linbh ar an eolas faoi na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh a rinneadh tuarascáil a thabhairt NÓ taifead scríofa ar an gcinneadh a rinne an DIA gan an tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas go raibh tuarascáil á tabhairt do Tusla maidir lena leanbh agus na cúiseanna nach ndearnadh amhlaidh.
- In aon chás ina ndéanfaidh tuismitheoir/cúramóir líomhain drochúsáide in aghaidh duine de phearsanra na scoile, cóip den fhógra scríofa a eiseofar chuig an tuismitheoir sin faoi rannán 7.5.1 de na nósanna imeachta seo.
- In aon chás ina dtarraingeoidh tuismitheoir/cúramóir ábhar imní cosanta leanaí anuas i leith a linbh (is é sin, ábhar imní nach bhfuil aon líomhain drochúsáide in aghaidh duine de phearsanra na scoile i gceist leis), cóip den fhógra scríofa a eiseofar chuig an tuismitheoir sin faoi rannán 5.4.5 de na nósanna imeachta seo, rud ba cheart a choinneáil/a thaifeadadh.

- Cóip aonair de na taifid fholaithe a cuireadh faoi bhráid an bhoird le haghaidh maoirseachta.
- Nóta sínithe ina dtugtar cuntas ar gach cóip de na taifid fholaithe a cuireadh faoi bhráid an bhoird le haghaidh maoirseachta.

## 8.6 Comhaid a Bhaineann le hÁbhair Imní nach mBeidh Maoirseacht Boird ag Teastáil ina leith

Ní bheidh maoirseacht boird ag teastáil i leith cáschomhaid nach mbaineann le hábhair imní faoi dhaoine de phearsanra na scoile, le hábhair imní nár thuairiscigh an DIA do Tusla, ná le hábhair imní a d'eascair as iompraíocht líomhnaithe bhulaíochta i measc mic léinn. Sannfar uimhir cháschomhaid do na cáschomhaid sin.

Beidh na nithe seo a leanas sna cáschomhaid sin:

- Taifead scríofa ar conas a tháinig an DIA ar an eolas faoin ábhar imní cosanta leanaí.
- I gcás gurb infheidhme, taifead ar ghlao teileafóin an DIA le Tusla agus ar an gcomhairle a tugadh.
- I gcás gurb infheidhme, taifead ar an duine de phearsanra na scoile, lena n-áirítear múinteoir cláraithe, a chur ar an eolas go raibh comhairle á lorg ó Tusla agus ar an gcomhairle a tugadh.
- Cruachóip den Fhoirm Thuairisce ar Chosaint agus Leas Leanaí a cuireadh faoi bhráid Tusla.
  Ba cheart an fhoirm sin a phriontáil ón Tairseach Gréasáin díreach tar éis í a chur isteach.
- Cóip den admháil a fuarthas ó Tusla á rá go bhfuarthas an fhoirm.
- Gach taifead ar aon ghníomhartha breise a rinne an DIA agus ar aon chumarsáid bhreise le Tusla, leis an nGarda Síochána nó le páirtithe eile maidir leis an ábhar imní a tuairiscíodh.
- Taifead scríofa ina ndeimhnítear gur chuir an DIA tuismitheoir/cúramóir an linbh ar an eolas go raibh tuarascáil á tabhairt do Tusla maidir lena leanbh agus gur chuir an DIA tuismitheoir/cúramóir an linbh ar an eolas faoi na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh a rinneadh tuarascáil a thabhairt NÓ taifead scríofa ar an gcinneadh a rinne an DIA gan an tuismitheoir/cúramóir a chur ar an eolas go raibh tuarascáil á tabhairt do Tusla maidir lena leanbh agus na cúiseanna nach ndearnadh amhlaidh.
- In aon chás ina dtarraingeoidh tuismitheoir/cúramóir ábhar imní cosanta leanaí anuas i leith a linbh (is é sin, ábhar imní nach bhfuil aon líomhain drochúsáide in aghaidh duine de phearsanra na scoile i gceist leis), taifead ar an bhfógra scríofa a eiseofar chuig an tuismitheoir/cúramóir sin faoi rannán 5.4.5 de na nósanna imeachta seo.

## 8.7 Taifid Cosanta Leanaí a Stóráil go Sábháilte

Féachfar ar gach taifead cosanta leanaí a chruthófar mar thaifid atá faoi rún daingean, agus cuirfear i suíomh slán iad.

- Is é is suíomh slán ann ná suíomh láidir inghlasáilte nach bhfuil rochtain ag daoine den phearsanra air, seachas an DIA agus an LDIA.
- Ní suíomh slán é tarraiceán comhadchaibinéid atá tiomnaithe do chomhaid cosanta leanaí, atá suite laistigh de chomhadchaibinéad a bhfuil rochtain ag daoine den phearsanra air, seachas an DIA agus an LDIA.
- In imthosca ina bhfuil méid an-teoranta spáis stórála agus líon an-teoranta comhadchaibinéad ag scoil, d'fhéadfadh an scoil smaoineamh ar bhosca glais slán ina mbeadh comhaid cosanta leanaí a stóráil laistigh de tharraiceán de chomhadchaibinéad. Chinnteodh sé sin nach mbeadh rochtain ach ag an DIA agus ag an LDIA ar na comhaid.

Níor cheart taifid cosanta leanaí a stóráil go digiteach. I gcás gur cruthaíodh taifid go digiteach, ní mór iad a phriontáil agus a chur ar áireamh sa chomhad cruachóipe. Ní mór gach leagan digiteach agus gach dréacht digiteach a scriosadh go slán agus go buan.

## 8.8 Maoirseacht Boird Bainistíochta

I gcás go soláthrófar cóipeanna folaithe agus anaithnidithe de thaifid don bhord bainistíochta chun críocha maoirseachta, mar atá leagtha amach i gcaibidil 12, ní mór gach cóip a aisghabháil tar éis an chruinnithe.

Faoi phrionsabail an íoslaghdaithe sonraí, cuirfidh an DIA nóta sínithe ar an gcáschomhad ina léirítear an líon cóipeanna a dáileadh agus a aisghabhadh, agus cóip fholaithe amháin á coinneáil aige nó aici sa cháschomhad cuí (e.g., dáileadh ocht gcóip, tugadh ocht gcóip ar ais, agus stialladh seacht gcóip). Stiallfaidh an DIA na cóipeanna breise. Cinnteoidh sé sin go mbeidh cuntas ann ar gach cóip.

## 8.9 Doiciméid Tacaíochta arna Soláthar ag an Roinn

Tá tacar teimpléad agus acmhainní ar fáil ón roinn chun tacú le scoileanna (agus saoráidí cónaithe atá bainteach le scoileanna aitheanta) na hoibleagáidí atá orthu faoin reachtaíocht um Thús Áite do Leanaí agus faoi na nósanna imeachta seo um chosaint leanaí a chomhlíonadh. Tá siad sin ar fáil ar www.gov.ie/childprotectionschools.

## 8.10 Rochtain na Cigireachta ar Dhoiciméid

Le linn cigireachtaí scoile, teastóidh ó chigirí rochtain ar roinnt nó gach ceann de na doiciméid agus na taifid a gceanglaítear ar an scoil iad a úsáid agus a choinneáil faoi na nósanna imeachta seo. Nithe a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo is ea na doiciméid atá ar fáil don bhord bainistíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar thuairisciú agus ar choimirciú. Is chomh tábhachtach céanna atá na miontuairiscí ar chruinnithe den bhord bainistíochta ina bhfuil fianaise á léiriú gur chuir an bord na freagrachtaí rialachais atá air i gcrích. Doiciméadófar sna miontuairiscí go ndearna an bord bainistíochta scrúdú ar na taifid iomchuí agus gur tháinig sé ar chonclúidí lena ndeimhnítear go bhfuil na nósanna imeachta seo á gcomhlíonadh ag an scoil. I gcás go sainaithneofar aon neamhchomhlíonadh, ba cheart an ceartú nó an cleachtas athraithe a d'ordaigh an bord a thaifeadadh sna miontuairiscí.

Dá réir sin, ba cheart na doiciméid sin, lena n-áirítear miontuairiscí ar chruinnithe den bhord bainistíochta, a bheith ar fáil sa scoil i gcónaí, agus ní mór do scoileanna iad a chur ar fáil don chigire nó do na cigirí arna iarraidh sin. Más rud é go n-iarrfaidh cigire amhlaidh, cuirfidh an scoil cáschomhaid ar fáil chun go mbeidh an cigire in ann a dheimhniú dó nó di féin gur cloíodh leis na nósanna imeachta.

# Caibidil 9:
# Ceanglais maidir le Coimirciú Leanaí

Ceann de na príomhchuspóirí atá leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, is ea a chinntiú go ndéanfaidh eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí (dá ngairtear "soláthraithe seirbhíse iomchuí" san Acht) leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil le linn dóibh leas a bhaint as seirbhísí na n-eagraíochtaí sin. Chuige sin, leagtar leis an Acht oibleagáidí reachtúla áirithe ar gach soláthraí den sórt sin. Áirítear leo sin na hoibleagáidí atá ann a chinntiú, a mhéid is indéanta, go mbíonn leanaí slán ó dhíobháil le linn dóibh leas a bhaint as seirbhísí an tsoláthraí, measúnacht a ghabháil de láimh ar aon bhaol díobhála do leanbh le linn dó nó di leas a bhaint as seirbhísí na heagraíochta (dá ngairtear "priacal") agus Ráiteas um Choimirciú Leanaí a thabhairt ar aird de réir an Achta.

Tagann gach scoil aitheanta faoin míniú ar "soláthraí" seirbhíse iomchuí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, rud a fhágann go bhfuil oibleagáidí reachtúla sonracha orthu faoin Acht.

Is é cuspóir na caibidle seo ná treoir a thabhairt do bhoird bhainistíochta scoile (lena n-áirítear boird bhainistíochta ar scoileanna boird oideachais agus oiliúna) i ndáil leis na hoibleagáidí reachtúla sin a chomhlíonadh. Ní mór do bhoird oideachais agus oiliúna aonair breithniú a dhéanamh freisin ar na hoibleagáidí coimircithe leanaí atá ar an mbord oideachais agus oiliúna i leith na seirbhísí iomchuí uile a sholáthraíonn an bord oideachais agus oiliúna. Tá sa chaibidil seo freisin faisnéis faoin ról atá ag an soláthar curaclaim. Leis an bpróiseas measúnachta priacail atá leagtha amach i rannán 9.5 de na nósanna imeachta seo, cabhrófar le sainaithint a dhéanamh ar na tosca cosanta agus leasa leanaí is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí, beartais, nósanna imeachta agus cleachtais eile scoile.

## 9.1 A Chinntiú go mBíonn Leanaí Slán ó Dhíobháil

I dteannta na n-oibleagáidí atá orthu faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, tá dualgas cúraim ar gach scoil i leith a gcuid mac léinn, agus ba cheart d'údaráis scoile aird a bheith acu i gcónaí ar an ngá atá le cleachtas stuama ó thaobh cosaint leanaí de. Tá tosca cosanta agus leasa leanaí ina gcuid de gach gné de shaol na scoile. Dá bhrí sin, ní mór iad a bheith léirithe go cuí i mbeartais, nósanna imeachta agus cleachtais uile na scoile.

Faoi alt 10 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, tá oibleagáid reachtúil ar bhoird bhainistíochta a chinntiú, a mhéid is indéanta, go mbíonn leanaí slán ó dhíobháil (mar atá mínithe san Acht) le linn dóibh freastal ar an scoil nó le linn dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile.

## 9.2 Soláthar Curaclaim, agus Drochúsáid Leanaí a Chosc

Tá sé de fhreagracht ar gach scoil rannchuidiú le drochúsáid agus faillí leanaí a chosc tríd an soláthar curaclaim. Sa chomhthéacs sin, tá an clár Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) ina chuid éigeantach den churaclam do gach dalta i mbunscoileanna agus do gach dalta Sraithe Sóisearaí in iar-bhunscoileanna, agus ní mór é a chur chun feidhme ina iomláine.

## 9.3 Forbairtí Curaclaim

Osclaíodh dréachtsonraíocht Folláine Bunscoile, a chuimsíonn OSPS agus Corpoideachas, le haghaidh comhairliúchán poiblí sa bhliain 2024, agus foilsíodh tuarascáil ar an gcomhairliúchán sin i mí na Nollag.

Chuir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) a cuid oibre ar an gcuraclam i gcrích le déanaí. Tá sé beartaithe an tsonraíocht curaclaim a sheoladh i mí Mheán Fómhair 2025.

Tugadh curaclam nuashonraithe Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte don tSraith Shóisearach isteach i mí Mheán Fómhair 2023, agus foilsíodh curaclam nuashonraithe don tSraith Shinsearach i mí Mheán Fómhair an bhliain seo caite, rud atá le tabhairt isteach i ngach scoil faoin mbliain 2027. San am i láthair, ceanglaítear ar gach iar-bhunscoil clár Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) a bheith i bhfeidhm acu sa tSraith Shinsearach freisin ar feitheamh curaclam OSPS na Sraithe Sinsearaí a thabhairt isteach.

Cumhdaítear OCG laistigh de na curaclaim OSPS sin.

Is leagtha amach i gciorclán atá na socruithe le haghaidh an curaclam a chur chun feidhme.

## 9.4 Ráiteas um Choimirciú Leanaí

### 9.4.1 Oibleagáidí Reachtúla

Le halt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, leagtar oibleagáid reachtúil ar sholáthraithe seirbhíse iomchuí, lena n-áirítear gach scoil aitheanta, Ráiteas um Choimirciú Leanaí a ullmhú. De réir an Achta, is ráiteas scríofa é sin:

- nach mór na seirbhísí a bheidh á soláthar ag an soláthraí (i.e., scoil) a bheith sonraithe ann.
- nach mór na prionsabail agus na nósanna imeachta a bheidh le hurramú chun a chinntiú, a mhéid is indéanta, go mbeidh leanbh a bhaineann leas as seirbhísí na scoile slán ó dhíobháil a bheith sonraithe ann.
- nach mór measúnacht phriacail scríofa arna déanamh de réir an Achta a bheith ar áireamh ann.
- nach mór na nósanna imeachta a bheidh i bhfeidhm chun aon phriacal a shainaithneofar a bhainistiú a bheith sonraithe ann; *agus*
- nach mór nósanna imeachta a bheith sonraithe ann is nósanna imeachta a bheidh i bhfeidhm:
    - maidir le haon chomhalta foirne is ábhar d'aon imscrúdú (cibé tuairisc atá air) i leith aon ghníomh, neamhghníomh nó imthoisc maidir le leanbh a bheidh ag baint leas as an tseirbhís iomchuí;
    - chun aon duine a roghnú nó a earcú mar chomhalta foirne de chuid an tsoláthraí ag féachaint d'oiriúnacht an duine sin chun bheith ag obair le leanaí;
    - chun faisnéis agus, más gá, teagasc agus oiliúint a sholáthar do chomhaltaí foirne de chuid an tsoláthraí i ndáil le tarlú díobhála a shainaithint;
    - chun go ndéanfaidh an soláthraí nó comhalta foirne de chuid an tsoláthraí (cibé acu is duine sainordaithe nó duine eile é nó í) tuairisciú do Tusla de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, nó de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire faoi alt 6 den Acht (i.e., *Children First: Treoir Náisiúnta 2017*);
    - chun liosta de na daoine sa tseirbhís iomchuí is daoine sainordaithe a chothabháil; *agus*
    - chun duine iomchuí a cheapadh mar chéad phointe teagmhála i leith an Ráitis um Choimirciú Leanaí ón soláthraí.

Ceanglaítear leis an Acht go mbeadh sa Ráiteas um Choimirciú Leanaí aird chuí ar *Children First: Treoir Náisiúnta 2017*, ar aon treoirlínte eile cosanta leanaí arna n-eisiúint ag an Aire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, nó ar aon treoirlínte a bhaineann le ráitis um choimirciú leanaí arna n-eisiúint ag Tusla faoi alt 11(4) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

### 9.4.2 Suíomh na gCóipeanna de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí agus de *Children First: Treoir*

Ní mór suíomh na gcóipeanna de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* agus de *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* agus an modh trínar féidir iad a rochtain a bheith sonraithe sa Ráiteas um Choimirciú Leanaí freisin. Féadfaidh go ndéanfar amhlaidh trí shuíomh ar líne na nósanna imeachta a shonrú (suíomh Gréasáin na Roinne Oideachais agus Óige agus/nó suíomh Gréasáin na scoile), trí nasc a sholáthar chuig *Children First: Treoir Náisiúnta 2017*, nó trí líon agus suíomh na gcruachóipeanna de na nósanna imeachta seo atá ar fáil sa scoil a lua.

## 9.5 Measúnacht Phriacail sa Ráiteas um Choimirciú Leanaí

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, tá oibleagáid ar gach bord bainistíochta measúnacht phriacail a dhéanamh de réir an Achta. Is é atá i gceist leis an measúnacht sin ná breithniú agus doiciméadú a dhéanamh ar an mbaol go ndéanfaí díobháil do leanaí (dá ngairtear priacal) agus iad faoi chúram na scoile.

In alt 11(1)(a) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, tá priacal mínithe mar "aon bhaol díobhála do leanbh le linn dó nó di leas a bhaint as an tseirbhís". Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuirtear in iúl in *Children First* gurb ionann priacal sa chomhthéacs seo agus an baol "díobhála" atá mínithe san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, seachas priacal ginearálta sláinte agus sábháilteachta.

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015:

- ciallaíonn "díobháil", i ndáil le leanbh, ionsaí a dhéanamh ar leanbh, drochíde a thabhairt do leanbh nó faillí a dhéanamh i leanbh ar mhodh a dhéanann difear tromchúiseach, nó ar dóigh dó difear tromchúiseach a dhéanamh, do shláinte, d'fhorbairt nó do leas an linbh, nó drochúsáid ghnéasach an linbh, cibé acu is gníomh, neamhghníomh nó imthoisc aonair, nó sraith nó teaglaim de ghníomhartha, de neamhghníomhartha nó d'imthosca, nó ní eile, is cúis léi.
- ciallaíonn "drochíde", i ndáil le leanbh, an leanbh a thréigean nó caitheamh go cruálach leis nó léi, nó a chur faoi deara, a thabhairt chun críche nó a cheadú go dtréigfear an leanbh nó go gcaithfear go cruálach leis nó léi.
- ciallaíonn "faillí", i ndáil le leanbh, bia, teas, éadach, sláinteachas, maoirseacht, sábháilteacht nó cúram liachta leordhóthanach a cheilt ar an leanbh.
- folaíonn "leas", i ndáil le leanbh, leas morálta, intleachtúil, fisiciúil, mothúchánach agus sóisialach an linbh.

Mar atá leagtha amach i rannán 4.2.4 de na nósanna imeachta seo, tá díobháil mínithe mar ionsaí, drochíde, faillí nó drochúsáid ghnéasach linbh atá ag tairseach shainithe nó os a cionn. Tá an tairseach díobhála do gach catagóir drochúsáide leagtha amach freisin i rannán 4.2.4 de na nósanna imeachta seo.

### 9.5.1 Cuspóir na Measúnachta Priacail

Is é is measúnacht phriacail ann ná cleachtadh trína scrúdaíonn eagraíocht gach gné dá cuid gníomhaíochtaí chun a shuí cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh aon chleachtais nó aon ghnéithe de na gníomhaíochtaí sin leanaí a chur i mbaol díobhála. Is é is aidhm don phróiseas measúnachta priacail eagraíocht a chumasú na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Priacail fhéideartha díobhála a shainaithint.
- A chinntiú go mbeidh beartais chuí agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun an priacal díobhála a íoslaghdú trí fhreagairt go tráthúil do phriacail fhéideartha.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu a tógadh nó nár tógadh réamhchúraimí leordhóthanacha chun deireadh a chur leis na priacail díobhála sin nó chun iad a laghdú.

### 9.5.2 Measúnacht Phriacail a Chomhlánú

Ceanglaítear ar gach bord bainistíochta an Ráiteas um Choimirciú Leanaí, lena n-áirítear an teimpléad measúnachta priacail arna fhoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Óige atá ar fáil ar www.gov.ie/childprotectionschools, a chomhlánú agus an mheasúnacht phriacail seo á gabháil de láimh acu. Tá an mheasúnacht phriacail chomhlánaithe mar chuid den Ráiteas um Choimirciú Leanaí ón scoil.

Agus é ceaptha chun cabhrú leis an measúnacht phriacail a ghabháil de láimh, tá sa teimpléad samplaí de ghníomhaíochtaí, de phriacail díobhála agus de nósanna imeachta le haghaidh na priacail sin a bhíonn ann ina lán scoileanna a bhainistiú. Roghnóidh gach bord bainistíochta na cinn sin is iomchuí dá imthosca ar leith agus cuirfidh sé ar áireamh iad.

Aithnítear go bhfuil raon beartas, cleachtas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag scoileanna cheana féin chun an priacal díobhála do leanaí a mhaolú le linn dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí na scoile agus go mbeidh priacail ísle nó íosta díobhála ag baint le roinnt de na gníomhaíochtaí sin i gcomparáid le cinn eile. I gcomhthéacs na measúnachta priacail nach mór do scoileanna í a ghabháil de láimh, tagraítear do phriacal mar "aon bhaol díobhála" san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfadh an bord bainistíochta, mar chuid dá phróiseas measúnachta priacail, na gníomhaíochtaí éagsúla uile dá chuid a liostú agus a athbhreithniú (áireofar leis sin gníomhaíochtaí a bhféadfadh priacal íseal díobhála a bheith ag baint leo a liostú, mar aon leo sin a bhfuil priacal níos airde díobhála ag baint leo). Tríd an méid sin a dhéanamh, cabhrófar leis an mbord bainistíochta (1) sainaithint a dhéanamh, mar a cheanglaítear faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ar aon phriacail díobhála a d'fhéadfadh a bheith ann i leith ghníomhaíochtaí na scoile, (2) sainaithint agus measúnacht a dhéanamh ar a leordhóthanaí atá na nósanna imeachta éagsúla atá i bhfeidhm cheana féin chun na priacail díobhála sin a bhainistiú, agus (3) sainaithint a dhéanamh ar aon nósanna imeachta breise a mheasfar a bheith riachtanach chun aon phriacal a shainaithneofar a bhainistiú agus na nósanna imeachta sin a chur i bhfeidhm.

Níl an liosta samplaí atá tugtha in éineacht leis an teimpléad ceaptha chun a bheith uileghabhálach. Tá sé de fhreagracht ar gach bord bainistíochta a chinntiú, a mhéid is féidir, go ndéanfar aon phriacail eile a bhaineann lena imthosca ar leith féin a shainaithint agus a shonrú sa mheasúnacht phriacail scríofa agus go mbeidh nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach priacal a shainaithneofar a bhainistiú.

Ós rud é go bhféadfaidh go dtiocfaidh athrú le himeacht ama ar chineál na ngníomhaíochtaí scoile agus ar na ceanglais reachtacha agus na ceanglais nós imeachta eile a bhaineann le coimirciú leanaí i scoileanna, féadfaidh go nuashonróidh an roinn an teimpléad foilsithe measúnachta priacail agus an liosta samplaí sa todhchaí. Dá réir sin, le linn dóibh a measúnacht phriacail a ghabháil de láimh nó a athbhreithniú sa todhchaí, ní mór do bhoird bhainistíochta a chinntiú go n-úsáidfidh siad an leagan is déanaí den Ráiteas um Choimirciú Leanaí, lena n-áirítear an teimpléad measúnachta priacail an den liosta samplaí, atá ar fáil ar www.gov.ie/childprotectionschools.

### 9.5.3 Sábháilteacht ar Líne

An tAguisín a ghabhann le *Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017* – An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (Eanáir 2019)

Cé gur úsáideoirí muiníneacha inniúla teicneolaíochtaí nua iad ina lán cásanna, tá seans ann nach bhfuil leanaí agus daoine óga chomh heolach céanna ar na priacail bhunúsacha a bhaineann leo. Cuirtear Tús Áite do Leanaí i bhfeidhm ar an mbonn go bhfuil sé de fhreagracht ar gach duine sa tsochaí leanaí agus daoine óga a choinneáil slán ó dhíobháil. Áirítear leis an bhfreagracht sin leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil ar líne.

Faoin Aguisín a ghabhann le *Children First*, tá oibleagáid ar scoileanna a chinntiú, i gcás go gceadófar do leanaí an tIdirlíon a rochtain, áit a bhféadfadh siad a bheith neamhchosanta ar dhíobháil, lena n-áirítear díobháil ó ionsaí nó drochúsáid ghnéasach (mar atá leagtha amach in alt 2 den Acht), nach mór an priacal a shainaithint agus nach mór na beartais agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun an priacal a bhainistiú a bheith leagtha amach sa Ráiteas um Choimirciú Leanaí.

### 9.5.4 Tuilleadh Treorach

Tugtar in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* agus sa doiciméad ó Tusla dar teideal "*Treoir maidir le Ráiteas um Chosaint Leanaí a Fhorbairt*" tuilleadh faisnéise faoi mheasúnacht phriacail a chomhlánú agus faoi bheartais agus nósanna imeachta dea-chleachtais le haghaidh leanaí a choimirciú agus ábhair imní leasa agus cosanta leanaí a thuairisciú.

## 9.6 Gníomhaíochtaí agus Seirbhísí Iarscoile

I gcás go soláthróidh scoil aon ghníomhaíocht nó seirbhís iarscoile dá mic léinn, ba cheart di a chinntiú go mbeidh bearta leordhóthanacha cosanta leanaí i bhfeidhm aici don ghníomhaíocht nó don tseirbhís sin agus go n-áireofar leo sin nósanna imeachta soiléire tuairiscithe le haghaidh a chinntiú go dtuairisceofar aon ábhair imní cosanta leanaí a eascróidh as an ngníomhaíocht nó as an tseirbhís sin go pras do Tusla i gcomhréir leis na ceanglais iomchuí atá in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* agus san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Ba cheart a bheith sna nósanna imeachta sin nósanna imeachta atá doiciméadaithe go soiléir le haghaidh a chinntiú go gcoinneofar DIA na scoile ar an eolas go cuí faoi aon ábhair imní cosanta leanaí a thiocfaidh chun cinn laistigh den ghníomhaíocht nó den tseirbhís lena mbaineann. I gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, ní mór aird a bheith tugtha freisin sa Ráiteas um Choimirciú Leanaí ón scoil, lena n-áirítear measúnacht phriacail, ar aon ghníomhaíocht nó aon seirbhís den sórt sin, agus ba cheart na priacail díobhála a shainaithneofar agus na nósanna imeachta a bheidh i bhfeidhm chun na priacail sin a bhainistiú a bheith sonraithe ann.

## 9.7 Saoráidí Cónaithe

D'fhoilsigh an roinn *Nósanna Imeachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí do Shaoráidí Cónaithe atá bainteach le Scoileanna Aitheanta 2023* chun lucht bainistíochta na saoráidí cónaithe uile a chur ar an eolas faoi na ceanglais atá orthu agus an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015, á gcur chun feidhme acu agus chun a chinntiú go bhfuil socruithe maidir le maoirseacht a dhéanamh ar cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, i bhfeidhm ar fud na saoráidí cónaithe uile, lena n-áirítear *Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017*. Tá teimpléid do shaoráidí cónaithe atá bainteach le scoileanna aitheanta ar fáil ar www.gov.ie/childprotectionschools.

## 9.8 Treoir do Scoileanna maidir le Turais Scoile

Faoi na forálacha den Acht Oideachais, 1998, is é an bord bainistíochta an comhlacht a gcuirtear de chúram air scoil a rialú go díreach, agus is é nó í an príomhoide atá freagrach as gnáthbhainistiú laethúil na scoile. Tá freagracht fhoriomlán ar an mbord bainistíochta as beartais na scoile, lena n-áirítear aon bheartas i ndáil le turais scoile.

Mar chuid den Ráiteas um Choimirciú Leanaí, ní mór do scoileanna measúnacht phriacail a ghabháil de láimh chun priacail fhéideartha díobhála do leanaí a shainaithint. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí amuigh faoin spéir agus gníomhaíochtaí lasmuigh den láthair amhail turais scoile.

Tá sé de fhreagracht ar gach údarás scoile a chinntiú go mbeidh coimircí cuí i bhfeidhm le linn do leanaí páirt a ghlacadh i dturais scoile.

## 9.9 Creataí Ama le haghaidh Measúnacht Phriacail a Chur i gCrích agus Ráiteas um Choimirciú Leanaí a Ullmhú

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, i gcás gach scoile atá ann an 11 Nollaig 2017, ní mór an Ráiteas um Choimirciú Leanaí, lena n-áirítear measúnacht phriacail, a bheith ullmhaithe faoin 11 Márta 2018.

I gcás scoile a bhunófar tar éis an 11 Márta 2018, ní mór an ceanglas a chomhlíonadh laistigh de thrí mhí ón dáta a osclófar an scoil chun mic léinn a ghlacadh. Amhail an 11 Márta 2018, tháinig an ceanglas atá ann Ráiteas um Choimirciú Leanaí (lena n-áirítear Measúnacht Phriacail) a bheith i bhfeidhm in ionad an cheanglais a bhí ann roimhe sin Beartas um Chosaint Leanaí a bheith i bhfeidhm, rud a leagadh síos sa leagan roimhe de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* a foilsíodh sa bhliain 2011.

## 9.10 An Ráiteas um Choimirciú Leanaí ón Scoil a Fhoilsiú, a Thaispeáint agus a Chomhroinnt

### 9.10.1 Foilsiú agus Taispeáint

I gcomhréir le Tús Áite do Leanaí, tá oibleagáid ar an mbord bainistíochta cóip den Ráiteas um Choimirciú Leanaí (lena n-áirítear Measúnacht Phriacail) a sholáthar do gach duine de phearsanra na scoile, agus ní mór dó é a chur ar fáil do thuismitheoirí, do Tusla agus do dhaoine den phobal arna iarraidh sin.

Cuirfear an Ráiteas um Choimirciú Leanaí ar fáil freisin don phátrún agus don chumann tuismitheoirí, agus cuirfear é ar fáil don roinn arna iarraidh sin. Foilseofar cóip den Ráiteas um Choimirciú Leanaí ar shuíomh Gréasáin na scoile freisin.

Féadfaidh gur fiú do scoileanna breithniú a dhéanamh ar chóip den Ráiteas um Choimirciú Leanaí a chur ar áireamh in aon ábhar tosaigh a sholáthrófar do thuismitheoirí mac léinn nua sa scoil.

I gcomhréir le Tús Áite do Leanaí, is gá an Ráiteas um Choimirciú Leanaí a thaispeáint in áit fheiceálach sa scoil, agus ceanglaítear leis na nósanna imeachta seo go mbeadh an áit sin suite i gcóngar an phríomhbhealaigh isteach chuig an scoil.

### 9.10.2 Ráiteas um Choimirciú Leanaí atá Sothuigthe ag Mic Léinn

Ní mór do scoileanna leagan den ráiteas atá sothuigthe ag mic léinn a sholáthar freisin ionas go mbeidh a fhios ag leanaí cad ba cheart dóibh a dhéanamh, nó cé na daoine lenar cheart dóibh labhairt, i gcás go mbeidh ábhar imní acu. Beidh ainm agus grianghraf an DIA ar an leagan den ráiteas atá sothuigthe ag mic léinn.

Soláthraíonn an roinn teimpléid atá sothuigthe ag mic léinn lena n-úsáid ag scoileanna. Tá siad sin ar fáil ar www.gov.ie/childprotectionschools. Is féidir na teimpléid a chur in eagar chun suaitheantas na scoile agus ainm agus grianghraf an DIA a chur ar áireamh chun na críche sin. Is féidir an téacs a oiriúnú chun comhthéacs na scoile a chur san áireamh, e.g., scoileanna speisialta, teangacha baile difriúla.

Taispeánfar an leagan ón scoil atá sothuigthe ag mic léinn in aice leis an Ráiteas um Choimirciú Leanaí, i gcóngar an phríomhbhealaigh isteach chuig an scoil. Féadfaidh gur fiú do scoileanna breithniú a dhéanamh freisin ar an leagan atá sothuigthe ag mic léinn a chur i limistéir eile den scoil a bhíonn in úsáid ag mic léinn go minic (e.g., bealaí isteach do mhic léinn).

## 9.11 An Ráiteas um Choimirciú Leanaí a Athbhreithniú

### 9.11.1 Athbhreithniú Bliantúil

Athbhreithneofar an Ráiteas um Choimirciú Leanaí ón scoil gach bliain féilire nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a theacht ar aon ní dá dtagraítear sa ráiteas seo.

Tríd an athbhreithniú bliantúil sin a ghabháil de láimh, cinnteofar go gcomhlíonfaidh bord bainistíochta an oibleagáid reachtúil atá air faoi alt 11(7) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, an Ráiteas um Choimirciú Leanaí uaidh a athbhreithniú gach dhá bhliain.

Leis an gceanglas atá ann an Ráiteas um Choimirciú Leanaí ón scoil a athbhreithniú a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a theacht ar aon ní dá dtagraítear sa ráiteas, cinnteofar go gcomhlíonfaidh an bord bainistíochta an ceanglas faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, á rá gurb amhlaidh, i gcás go dtiocfaidh aon athrú ábhartha ar aon ní dá dtagraítear sa ráiteas, nach mór an Ráiteas um Choimirciú Leanaí a athbhreithniú tráth níos luaithe ná aon amlínte sonraithe.

Mar chuid den athbhreithniú ar an Ráiteas um Choimirciú Leanaí ón scoil, déanfaidh an bord bainistíochta athbhreithniú sonrach ar an dóigh a bhfuil na 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025' á gcur chun feidhme ag an scoil. Sholáthair an roinn doiciméad athbhreithnithe cháilíochtúil a úsáidfear le linn athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an Ráiteas um Choimirciú Leanaí. Níl an doiciméad ceaptha chun bheith ina liosta uileghabhálach de na saincheisteanna a bheidh le breithniú. Cuirfidh boird bhainistíochta aonair míreanna eile is iomchuí don scoil atá i gceist ar áireamh. Tá doiciméid tacaíochta agus teimpléid don athbhreithniú ar an Ráiteas um Choimirciú Leanaí, lena n-áirítear comhairliúchán le tuismitheoirí, le daoine de phearsanra na scoile agus le leanaí, ar fáil ar www.gov.ie/childprotectionschools.ie.

### 9.11.2 Comhairliúchán le Tuismitheoirí agus le Daoine de Phearsanra na Scoile

Mar chuid dá athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Choimirciú Leanaí, ní mór don bhord bainistíochta aiseolas a lorg ó thuismitheoirí agus ó dhaoine de phearsanra na scoile maidir leis an dóigh a bhfuil na ceanglais maidir le coimirciú leanaí sna nósanna imeachta seo á gcomhlíonadh ag an scoil, agus ní mór dó taifead a choinneáil ar an gcomhairliúchán sin.

### 9.11.3 Comhairliúchán le Leanaí

Mar chuid den athbhreithniú bliantúil, ba cheart don bhord bainistíochta na tuairimí atá ag leanaí maidir le socruithe coimircithe na scoile a lorg freisin. Ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhairle le lucht bainistíochta na scoile agus ar mhodh atá oiriúnach d’aois agus aibíocht na leanaí lena mbaineann.

### 9.11.4 Réimsí lena bhFeabhsú a Shainaithint

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar aon réimsí lena bhfeabhsú a shainaithneofar mar thoradh ar aiseolas ó thuismitheoirí, ó leanaí agus ó dhaoine de phearsanra na scoile. Cuirfidh an bord bainistíochta plean gníomhaíochta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar aon réimsí lena bhfeabhsú a shainaithneofar san athbhreithniú, agus socróidh sé go ndéileálfaí leo sin a luaithe is féidir. Ba cheart don bhord nóta a dhéanamh freisin den mhodh inar tugadh aghaidh ar an aiseolas.

### 9.11.5 Daoine de Phearsanra na Scoile agus an Cumann Tuismitheoirí a Chur ar an Eolas faoin Athbhreithniú

Ba cheart don bhord bainistíochta socruithe a dhéanamh chun daoine de phearsanra na scoile a chur ar an eolas gur gabhadh an t-athbhreithniú de láimh. Tabharfar fógra i scríbhinn don Chumann Tuismitheoirí (nó do thuismitheoirí go díreach, i gcás nach ann d’aon Chumann Tuismitheoirí) agus do phátrún na scoile á rá gur gabhadh an t-athbhreithniú de láimh. D’fhoilsigh an roinn fógra caighdeánach freisin, rud a úsáidfear chun na críche sin. Foilseofar cóip den fhógra sin ar shuíomh Gréasáin na scoile. Coinneofar taifid ar an athbhreithniú agus toradh an athbhreithnithe agus cuirfear iad ar fáil don phátrún agus/nó don roinn, más rud é go n-iarrfar iad.

## 9.12 Maoirseacht ag an mBord Bainistíochta

Tá boird bhainistíochta freagrach as a chinntiú go gcuirfear chun feidhme ina n-iomláine na ceanglais maidir le coimirciú leanaí sna nósanna imeachta seo, agus ní mór dóibh maoirseacht chuí a dhéanamh ina leith sin. I dteannta ceanglais na caibidle seo a leanúint, cinnteoidh an bord bainistíochta go gcomhlíonfaidh sé ceanglais mhaoirseachta uile na nósanna imeachta seo, lena n-áirítear iad sin atá leagtha amach i gcaibidil 12.

Déanfaidh an bord bainistíochta na nithe seo a leanas go háirithe:

- An Ráiteas um Choimirciú Leanaí, lena n-áirítear measúnacht phriacail, a ghlacadh go foirmiúil. Taifeadfar é sin sna miontuairiscí ar an gcruinniú iomchuí den bhord.
- A dheimhniú dó féin, agus a thaifeadadh sna miontuairiscí ar an gcruinniú iomchuí den bhord, gur comhlíonadh ina iomláine gach ceann de na ceanglais atá ann an Ráiteas a thaispeáint, a fhoilsiú agus a scaipeadh, mar atá leagtha amach sna nósanna imeachta seo.
- Athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Choimirciú Leanaí, lena n-áirítear measúnacht phriacail, a ghabháil de láimh agus fógra ina ndeimhnítear gur críochnaíodh an t-athbhreithniú sin a eisiúint chuig an bpátrún agus chuig an gCumann Tuismitheoirí. Déanfaidh an bord bainistíochta an fógra ina ndeimhnítear gur críochnaíodh an t-athbhreithniú bliantúil a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na scoile freisin. Taifeadfar sna miontuairiscí ar an gcruinniú iomchuí den bhord gur ghabh an bord an t-athbhreithniú de láimh agus go ndearna sé na fógraí ina ndeimhnítear an céanna a eisiúint/a fhoilsiú.

Cuirfear aon ghearáin nó moltaí le haghaidh feabhais a dhéanfar chuig an mbord bainistíochta nó chuig duine de phearsanra na scoile maidir leis an Ráiteas um Choimirciú Leanaí ón scoil in iúl don bhord ag an gcéad chruinniú eile den bhord. Cuirfear an bord bainistíochta ar an eolas faoi aon ghníomh a dhéanfar de bhun gearán nó moladh den sórt sin. Athbhreithneoidh an bord bainistíochta an ní agus, i gcás gur cuí, cuirfidh sé chun feidhme aon fheabhas a mheasfar a bheith riachtanach nó leigheasfaidh sé aon easnamh a shainaithneofar maidir le comhlíonadh cheanglais na nósanna imeachta seo i leith an Ráitis um Choimirciú Leanaí ón scoil. Taifeadfar é sin sna miontuairiscí ar an gcruinniú nó na cruinnithe iomchuí den bhord.

Mar chuid dá athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Choimirciú Leanaí, ní mór don bhord bainistíochta aiseolas a lorg ó thuismitheoirí agus ó dhaoine de phearsanra na scoile maidir leis an dóigh a bhfuil na ceanglais maidir le coimirciú leanaí sna nósanna imeachta seo á gcomhlíonadh ag an scoil. Mar chuid den athbhreithniú bliantúil sin, agus i gcomhairle le lucht bainistíocht na scoile, ba cheart don bhord na tuairimí atá ag mic léinn maidir le socruithe coimircithe na scoile a lorg freisin. Ba cheart é sin a dhéanamh ar mhodh atá oiriúnach d'aois agus aibíocht na leanaí lena mbaineann.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar aon réimsí lena bhfeabhsú a shainaithneoidh mic léinn, tuismitheoirí nó daoine de phearsanra na scoile, agus ba cheart don bhord nóta a dhéanamh den mhodh inar tugadh aghaidh ar an aiseolas.

# Caibidil 10: Nósanna Imeachta Earcaíochta, agus Ceanglais maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

## 10.1 Ceanglais maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Ní mór d'údaráis scoile a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, agus ciorcláin iomchuí ón Roinn maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh ar dhaoine de phearsanra na scoile agus ar dhaoine eile a ghabhann obair nó gníomhaíochtaí iomchuí de láimh le leanaí nó le daoine soghonta.

Ar leithligh ó cheanglais na nAchtanna sin, ní mór d'údaráis scoile aird a bheith acu freisin ar an dualgas cúraim atá orthu faoin dlí sibhialta i leith a gcuid mac léinn agus ar an ngá atá le cleachtas stuama ó thaobh cosaint leanaí de.

I gcásanna nach ann d'aon oibleagáid reachtúil grinnfhiosrúcháin nó inar chomhlíon an t-údarás scoile an oibleagáid reachtúil atá air trí nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil san am atá thart, ní mór d'údarás scoile a bhreithniú, ag féachaint don dualgas cúraim atá air i leith a chuid mac léinn, cé acu ba cheart nó nár cheart dó nochtadh grinnfhiosrúcháin cothrom le dáta a lorg i leith an duine sin. Leagtar amach i gciorclán 0031/2016 na díolúintí teoranta ó cheanglais ghrinnfhiosrúcháin (rannáin 5.3 agus 6.4).

Ní chiallaíonn grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána go bhfuil imréiteach ag daoine chun obair le leanaí. Ní thugtar ann don eagraíocht chláraithe ach mionsonraí faoi aon taifead coiriúil agus/nó aon fhaisnéis shonraithe i leith an duine lena mbaineann nó, i gcás nach bhfuil aon taifead coiriúil nó aon fhaisnéis shonraithe ann, cuirtear an méid sin in iúl ann. Foráiltear leis na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin go bhféadfaidh údarás scoile an fhaisnéis ar fad i nochtadh grinnfhiosrúcháin a bhreithniú agus a chur san áireamh agus é ag déanamh measúnacht ar a oiriúnaí atá an duine is ábhar don nochtadh chun obair nó gníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh.

Ceann de na príomh-shaincheisteanna d'údarás scoile is ea a chinneadh an bhfágfadh aon fhaisnéis i nochtadh grinnfhiosrúcháin go mbeadh duine mí-oiriúnach dá fhostú nó dá fostú nó dá úsáid nó dá húsáid ag an scoil. Ba cheart don údarás scoile a mheabhrú nach bhfágann an fíoras go bhfuil ciontú ag duine go bhfuil an duine sin mí-oiriúnach chun obair le leanaí nó le daoine fásta soghonta. Is é an príomhchritéar maidir le measúnacht a dhéanamh ar thábhacht na faisnéise sa nochtadh ná cé chomh hiomchuí agus atá sí do chosaint leanaí. Tá ríthábhacht ag baint le cur chuige oibiachtúil cothromaithe ina leith sin. Is faoin údarás scoile a bheidh sé an breithiúnas a thabhairt maidir lena oiriúnaí atá an duine.

Ní fhéadfaidh an scoil aon duine a gceanglófar air nó uirthi dul faoi ghrinnfhiosrúchán ach a dhiúltóidh déanamh amhlaidh a cheapadh ná a fhostú in aon cháil, lena n-áirítear i ról deonach.

Is féidir tuilleadh faisnéise a bhaineann le ceanglais ghrinnfhiosrúcháin a fháil ar shuíomh Gréasáin na Roinne, www.gov.ie.

## 10.2 Comhroinnt Múinteoirí

Ní mór do gach údarás scoile atá ag gabháil do shocruithe comhroinnte múinteoirí (e.g., painéil soláthair bunscoile, soláthar Béarla mar Theanga Bhreise, soláthar Riachtanas Speisialta Oideachais, soláthar Teagmhála Baile, Scoile agus Pobail, socruithe cnuasaigh laethanta scaoilte príomhoidí, nó socruithe den chineál céanna ar leibhéal na hiar-bhunscoile) a chinntiú go gcomhlíonfar na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin agus na ciorcláin iomchuí. Ní mór do gach údarás scoile a chinntiú go gcomhlíonfaidh sé féin na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin agus na ciorcláin iomchuí, agus ní fhéadfaidh sé brath ar na seiceálacha a dhéanann an scoil bhunáite, ach amháin i gcás go n-aontóidh an dá scoil i scríbhinn le duine a fhostú, a chonrú, a shuíomh nó a cheadú chun obair nó gníomhaíochtaí iomchuí a ghabháil de láimh.

## 10.3 Nósanna Imeachta Earcaíochta

Níor cheart grinnfhiosrúchán a dhéanamh in áit na ngnáthnósanna imeachta earcaíochta, amhail teistiméireachtaí a lorg agus a fhiosrú agus a chinntiú go dtabharfar cuntas sásúil ar aon bhearnaí neamh-mhínithe i stair ghairme. Cibé acu atá duine á bhreithniú nó á breithniú lena fhostú nó lena fostú nó chun gabháil do róil eile sa scoil, tá nósanna imeachta cuimsitheacha le haghaidh oiriúnacht an duine chun obair le leanaí nó le daoine soghonta a sheiceáil ina ngné riachtanach de chleachtas cosanta leanaí.

### 10.3.1 Teistiméireachtaí a Lorg

Mar chuid dá gcleachtais fostaíochta, ba cheart do scoileanna teistiméireachtaí a lorg i ngach cás agus, rud sonrach, ba cheart dóibh taifid a choimeád ar na bearta a rinneadh chun teistiméireacht a fháil ón bhfostóir is déanaí. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach mbeidh aon oibleagáid ar an bhfostóir is déanaí freagra a thabhairt ar iarraidh teistiméireachta.

Más rud é nach bhfaighfear aon teistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, ní chuirfidh sé sin bac ar an bhfostóir an duine ar iarradh na teistiméireachtaí ina leith a fhostú, fad a bheidh iarrachtaí réasúnacha déanta ag an scoil teistiméireacht a fháil ón bhfostóir roimhe.

Is sa dearbhú reachtúil atá leagtha amach thíos agus i gCiorclán 31/2016 a fhoráiltear do thoiliú a bheith á thabhairt ag an bhfostaí don fhostóir teistiméireacht a sholáthar, agus ba cheart an rún atá ann teistiméireachtaí a fháil a chur in iúl go soiléir agus aon phost á fhógairt.

### 10.3.2 Teistiméireachtaí a Sholáthar

Cé nach mbeidh aon oibleagáid ar fhostóir teistiméireacht a sholáthar i leith fostaí reatha nó iarfhostaí, ba cheart do scoileanna aird a bheith acu ar na freagrachtaí atá orthu i ndáil le cosaint leanaí agus ar an dualgas cúraim atá orthu agus teistiméireacht á soláthar. I gcás go mbeidh ábhar imní reatha cosanta leanaí ann a tuairiscíodh do Tusla nó don Gharda Síochána, agus gurb eol don fhostóir nach bhfuil an mheasúnacht nó an t-imscrúdú críochnaithe go fóill, féadfar é sin a nochtadh nuair a bheidh teistiméireacht á lorg. In imthosca den sórt sin, féadfaidh gur fiú don fhostóir a chomhairle dlí féin a fháil sula n-eiseofar aon teistiméireacht.

Meabhraítear don fhostóir, mar atá leagtha amach i rannán 7.2.9, go dtarlóidh sé, más rud é, roimh mheasúnacht ó Tusla nó imscrúdú ón nGarda Síochána ar ábhar imní cosanta leanaí a tarraingíodh anuas in aghaidh duine de phearsanra na scoile a chríochnú:

- go bhfágfaidh an duine sin de phearsanra na scoile a fhostaíocht nó a fostaíocht leis an scoil, mar shampla trí éirí as, trí dhul ar scor, nó trí dheireadh a chur leis an gcaidreamh fostaíochta,
- go rachaidh an duine sin de phearsanra na scoile i mbun saoire cheadaithe,
- nach mbeidh an duine sin de phearsanra na scoile ag freastal ar an scoil ar chúis ar bith eile,

go gcuirfidh an DIA Tusla ar an eolas faoi sin agus go soláthróidh sé nó sí dó an fhaisnéis sin agus aon fhaisnéis iomchuí eile. Ina theannta sin, ar aon dul leis na ceanglais faoi na *Rialacháin um an gComhairle Mhúinteoireachta (Faisnéis a bheidh le tabhairt ag fostóir i gcás múinteoir cláraithe a dhífhostú nó i gcás go n-éireoidh sé nó sí as a phost nó as a post), 2023,* i gcás go mbeidh an fostaí ina mhúinteoir cláraithe nó ina múinteoir cláraithe agus go n-éireoidh sé nó sí as tar éis gearán a bheith déanta ina aghaidh nó ina haghaidh, nó go ndéanfar an fostóir é nó í a dhífhostú, ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta faoi sin. Tá an fhoclaíocht iomlán agus an fhaisnéis a bheidh le soláthar don Chomhairle Mhúinteoireachta leagtha amach sna rialacháin sin.

### 10.3.3 Dearbhuithe Reachtúla agus Gealltanais

Ní mór d’údaráis scoile a chinntiú freisin go gcomhlíonfar ceanglais na roinne i ndáil le dearbhú reachtúil a bhaineann le cosaint leanaí agus foirm ghealltanais ghaolmhar a bheith á soláthar ag gach duine a bheidh á gceapadh chuig poist teagaisc agus neamhtheagaisc. Ní mór an fhoirm ghealltanais a chomhlánú chomh gar agus is féidir do thús na fostaíochta sa scoil agus, in aon chás, roimh thús na fostaíochta. Áirítear leis sin poist éigeandála agus ionaid. Ní mór don údarás scoile an leagan bunaidh den dearbhú reachtúil agus foirm ghealltanais ghaolmhar a fháil agus amharc air agus cóip de a choinneáil ar mhaithe lena thaifid féin.

Ba cheart an ceanglas atá ann dearbhú reachtúil bailí a shealbhú agus an fhoirm ghealltanais a chomhlánú a chur in iúl go soiléir agus aon phost á fhógairt. Is féidir tuilleadh faisnéise a bhaineann leis na ceanglais dearbhaithe reachtúil agus ghealltanais a fháil ar shuíomh Gréasáin na roinne.

## 10.4 Cuairteoirí ar Imeachtaí Scoile/Lasmuigh

I gcás go dtiocfaidh ábhar imní cosanta leanaí chun cinn le linn do leanbh a bheith faoi chúram na scoile nó a bheith ag glacadh páirt in imeacht a bhaineann leis an scoil, ba cheart an DIA a chur ar an eolas faoi sin. Níor cheart an fhreagracht as cosaint leanaí a tharmligean chuig eagraíocht sheachtrach atá ag óstáil na leanaí do ghníomhaíocht/imeacht.

Tá sé ríthábhachtach go gcinnteodh an scoil gur i bhfeidhm ag aon ghníomhaireacht sheachtrach a bhfuil baint aici leis an scoil atá nósanna imeachta cuí um chosaint leanaí agus oiliúint chuí i gcosaint leanaí dá foireann. I dteannta a nósanna imeachta féin um chosaint leanaí agus a hoibleagáidí tuairiscithe féin ina leith sin, ba cheart a chur in iúl don ghníomhaireacht sheachtrach freisin gur cheart dá foireann nó dá hoibrithe deonacha aon ábhar imní cosanta leanaí a bhaineann le mac léinn sa scoil a thuairisciú don DIA.

# Caibidil 11:
# Oiliúint agus Tacaí

Braitheann cosaint leanaí éifeachtach ar scileanna, eolas agus luachanna na ndaoine den phearsanra a oibríonn le leanaí agus teaghlaigh, mar aon le comhoibriú idir gníomhaireachtaí agus laistigh de ghníomhaireachtaí. Modh tábhachtach inar féidir an méid sin a bhaint amach is ea oiliúint agus oideachas iomchuí.

Tá sé ríthábhachtach go gcinnteodh boird bhainistíochta go bhfuil ag gach duine de phearsanra na scoile agus ag gach comhalta den bhord bainistíochta an t-eolas riachtanach ar na nósanna imeachta seo chun iad a chumasú na freagrachtaí atá orthu a chomhlíonadh.

Cinnteoidh an bord bainistíochta go bhfreastalóidh gach duine de phearsanra na scoile ar oiliúint chuí cosanta leanaí, agus coinneoidh sé taifead ar an oiliúint sin. Féadfaidh an bord an ról sin a tharmligean chuig an bpríomhoide, i gcás gurb infheidhme.

## 11.1 Oiliúint chun Tacú le Cur Chun Feidhme na Nósanna Imeachta Seo

### 11.1.1 Oide

Mar sheirbhís tacaíochta do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile atá á cistiú ag an Roinn Oideachais agus Óige, soláthraíonn Oide raon leathan deiseanna foghlama gairmiúla ina gcuirtear an foghlaimeoir i gcroílár an eispéiris foghlama.

Cuireann Oide cáilíocht an teagaisc agus na foghlama chun cinn trí shamhail éifeachtúil, éifeachtach agus fhreagrúil foghlama gairmiúla agus tacaíochta gairmiúla do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí a sholáthar. Tá sé mar aidhm aige an teagasc agus an fhoghlaim is fearr is féidir a éascú chun a chur ar chumas daltaí barr a gcumais a bhaint amach agus rannchuidiú le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann.

Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na deiseanna foghlama gairmiúla do mhúinteoirí a sholáthraíonn Oide ar fáil ar www.oide.ie.

Soláthróidh Oide oiliúint do na daoine seo a leanas chun tacú le cur chun feidhme na nósanna imeachta seo:

> Baill Foirne Shainordaithe agus Gach Duine de Phearsanra na Scoile

Freastalóidh gach duine de phearsanra na scoile ar cibé oiliúint i gcosaint leanaí a ordóidh an bord bainistíochta. Coinneoidh an scoil taifead ar a bhfreastal. Ba cheart an oiliúint sin a athnuachan gach trí bliana ar a laghad. Féadfar a mheas gur ní araíonachta é aon diúltú freastal ar oiliúint cosanta leanaí.

> Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe agus Leas-Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe

Freastalóidh an DIA agus an LDIA ar oiliúint do na róil sin, agus coinneoidh siad taifead ar a bhfreastal. Ba cheart an oiliúint sin a athnuachan gach trí bliana ar a laghad.
Féadfar a mheas gur ní araíonachta é aon diúltú freastal ar oiliúint cosanta leanaí.

### 11.1.2 Acmhainní Tusla

Tá raon modúl ríomhfhoghlama agus acmhainní eile ar fáil ó Tusla ar a shuíomh Gréasáin. Áirítear leo sin:

> Modúl ríomhfhoghlama maidir le Buntreoir do Thús Áite do Leanaí

Tairgeann Tusla clár ríomhfhoghlama uilíoch dar teideal 'Buntreoir do Thús Áite do Leanaí'. Scríobhadh an clár chun tacú le daoine a thagann ó gach cineál cúlra agus a bhfuil gach cineál taithí acu ábhair imní faoi leanaí a aithint agus ábhair imní den sórt sin a thuairisciú má thagann siad chun cinn.

> Modúl Ríomhfhoghlama do Dhaoine Sainordaithe

D'fhorbair Tusla modúl ríomhfhoghlama do dhaoine sainordaithe. Sa mhodúl seo, tugtar faisnéis agus tuiscint ar an ról atá ag daoine sainordaithe agus ar na freagrachtaí atá orthu, mar atá leagtha amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

> Seisiúin Faisnéise do Dhaoine Idirchaidrimh Ainmnithe

San oiliúint seo, tugtar faisnéis agus tuiscint don DIA ar an ról atá ag daoine idirchaidrimh ainmnithe agus ar na freagrachtaí atá orthu.

Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na tacaí a sholáthraíonn Tusla ar fáil ar www.Tusla.ie.

### 11.1.3 Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta

Mar aon leis an oiliúint a sholáthraíonn Tusla agus Oide, tacaíonn an roinn le comhlachtaí bainistíochta scoile oiliúint a sholáthar do chathaoirligh agus do chomhaltaí den bhord bainistíochta chun iad a chumasú a gcuid freagrachtaí cosanta leanaí a chomhlíonadh. Ba cheart do chomhaltaí den bhord leas a bhaint as oiliúint den sórt sin, agus ba cheart don scoil taifead a choinneáil air sin.

### 11.1.4 Oiliúint Bhreise agus Acmhainní Breise

> Folláine

Tugann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) tacaíocht shíceolaíoch oideachais do bhunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta in Éirinn. Soláthraíonn sí raon acmhainní agus oiliúna breise chun tacú le scoileanna. Áirítear leo sin topaicí Folláine amhail Tús Eolais a Thabhairt ar Chur Chuige Trámabhunaithe: An Fachtóir Struis – An Chothromaíocht a Aimsiú i gCeart. Is é is aidhm don oiliúint sin tacú le comhaltaí foirne scoile athléimneacht a thógáil do chách, lena n-áirítear mic léinn a bhfuil riachtanais bhreise acu agus iad sin a bhfuil tráma agus deacrachtaí ag déanamh difear dóibh. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ar gov.ie/childprotectionschools.ie.

> Comhairle agus Acmhainní a Bhaineann le Sábháilteacht ar Líne

Comhpháirt lárnach den Straitéis Dhigiteach do Scoileanna ón Roinn Oideachais is ea sábháilteacht ar líne agus teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid ar bhealach sábháilte eiticiúil. Leis an Straitéis, tacaítear le raon fairsing ábhar agus acmhainní oiliúna arna bhforbairt agus arna soláthar ag Webwise, Ionad na hÉireann um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín. Is é an Coimisiún Eorpach a chistíonn Webwise, agus comhchistiú á fháil ón Roinn Oideachais. Tá Webwise mar chuid d'Ionad na hÉireann um Idirlíon Níos Sábháilte, in éineacht le comhpháirtithe amhail Líne Chabhrach Leanaí Chumann na hÉireann um Chosaint Leanaí, Hotline.ie agus Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí.

Soláthraíonn Webwise faisnéis, comhairle agus acmhainní saor in aisce do scoileanna, do theaghlaigh agus do dhaoine óga maidir le sábháilteacht ar líne agus maidir le saoránacht dhigiteach. Déanann Webwise acmhainní agus oiliúint saor in aisce a fhorbairt agus a scaipeadh chun cabhrú le múinteoirí saoránacht dhigiteach agus sábháilteacht ar líne a chomhtháthú isteach sa teagasc agus san fhoghlaim ina scoil. Soláthraíonn Webwise faisnéis, comhairle agus uirlisí do thuismitheoirí chun tacú lena rannpháirtíocht i saol ar líne a leanaí freisin. Le cabhair ó Phainéal Comhairleach Óige Webwise, forbraíonn Webwise acmhainní múscailte feasachta agus cláir oiliúna atá dírithe ar an óige, arb acmhainní agus cláir iad lena gcuirtear saoránacht dhigiteach chun cinn agus lena bpléitear le topaicí amhail folláine ar líne agus cibearbhulaíocht, i measc nithe eile. Is féidir acmhainní agus oiliúint a rochtain ag Webwise.ie.

# Caibidil 12: Maoirseacht

De bhun *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* a fhoilsiú agus oibleagáidí reachtúla a chur ar dhaoine aonair áirithe (daoine sainordaithe) agus ar eagraíochtaí (lena n-áirítear scoileanna), tá fócas athnuaite ann ar chosaint leanaí. Is iad na príomhaidhmeanna atá leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus le *Children First: Treoir Náisiúnta 2017* a chinntiú go ndéanfar ábhair imní faoi dhrochúsáid leanaí a thuairisciú go pras agus go cuí do Tusla, cibé uair a thiocfadh siad chun cinn, agus go gcoinneoidh eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí na leanaí sin slán ó dhíobháil. Chun a chinntiú go gcomhlíonfar na haidhmeanna sin san earnáil scoileanna, is gá creat cuí um maoirseacht agus um chomhlíonadh a bheith i bhfeidhm.

Tá cultúr an-láidir cosanta leanaí ann inár scoileanna uile cheana féin agus, leis na leaganacha roimhe de na nósanna imeachta um chosaint leanaí a foilsíodh sna blianta 2011, 2017 agus 2023, cuireadh bearta áirithe maoirseachta i bhfeidhm chun tacú leis an gcultúr sin agus é a threisiú. I gcomhthéacs na n-oibleagáidí reachtúla a bhfuil feidhm acu maidir le gach múinteoir cláraithe agus le gach údarás scoile, áfach, tá sé ríthábhachtach go mbeadh na socruithe maoirseachta don earnáil chomh cuimsitheach agus chomh láidir agus is féidir. Cabhróidh sé sin lena chinntiú gur féidir leis an earnáil a bheith deimhin de agus a léiriú go bhfuil ár scoileanna agus a bpearsanra ag feidhmiú go hiomlán i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, le *Children First: Treoir Náisiúnta 2017*, leis an Aguisín a ghabhann le *Children First* (2019), leis an Aguisín a ghabhann le *Children First* (2025) agus le ceanglais na roinne, mar atá leagtha amach sna nósanna imeachta seo do scoileanna.

Dá réir sin, leis na nósanna imeachta seo do scoileanna, cuireadh i bhfeidhm roinnt beart tábhachtach maoirseachta chun cabhrú lena chinntiú agus lena léiriú go mbíonn daoine de phearsanra na scoile agus údaráis scoile araon ag cloí le hoibleagáidí reachtúla an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus leis na hoibleagáidí dea-chleachtais atá in *Children First: Treoir Náisiúnta 2017*. Is é is aidhm do na bearta aghaidh a thabhairt ar mhaoirseacht ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe agus na n-oibleagáidí coimircithe leanaí atá leagtha amach sna nósanna imeachta seo.

Prionsabal a bhfuil glacadh leis i ndáil le maoirseacht éifeachtach agus i ndáil le próisis éifeachtacha dearbhaithe cáilíochta is ea go n-úsáidfí raon beart comhlántach chun cur chun feidhme agus soláthar ardchaighdeáin a chinntiú. Ar an gcúis sin, úsáidfear raon beart chun cur chun feidhme na nósanna imeachta seo a chinntiú. Leagtar amach sa chaibidil seo na príomhfhorálacha maoirseachta a bhfuil feidhm acu ar leibhéal na scoile. Leagtar amach inti freisin an mórchomhthéacs maoirseachta ina n-oibríonn scoileanna, lena n-áirítear na róil mhaoirseachta atá ag an Roinn Oideachais agus Óige, ag Tusla, agus ag an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus ag a Grúpa Idir-Rannach um Thús Áite do Leanaí.

## 12.1 Maoirseacht agus Comhlíonadh ag an Lucht Ceannaireachta Scoile

Is seanbhunaithe san earnáil scoileanna atá an ról lárnach a imríonn an DIA maidir le cosaint leanaí agus, mar gheall ar na scileanna suntasacha ceannaireachta a theastaíonn don ról, is é nó í príomhoide na scoile a ghníomhaíonn mar DIA de ghnáth.

Tá tábhacht ar leith ag baint le ról an DIA maidir le bainistiú agus maoirseacht laethúil a dhéanamh ar thuairisciú cosanta leanaí. Chuige sin, gníomhaíonn an DIA, i measc nithe eile, mar phríomhdhuine acmhainne d'aon duine de phearsanra na scoile a bhfuil ábhar imní cosanta leanaí aige nó aici, agus cinntíonn sé nó sí go leantar ceanglais tuairiscithe na nósanna imeachta seo i gceart agus go pras agus go gcoimeádtar gach taifead cuí i gceart. Toisc gurb é nó í príomhoide na scoile an DIA i gcásanna den sórt sin, beidh sé nó sí freagrach freisin as an tuarascáil ón bpríomhoide a sholáthar do gach cruinniú den bhord bainistíochta. Ar leithligh ón tuarascáil ón bpríomhoide, is amhlaidh, mar mhír aonair, a sholáthróidh an príomhoide Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí. Tá tuilleadh mionsonraí ina leith sin leagtha amach i rannán 12.3 den chaibidil seo.

D'ainneoin na gceanglas tuairiscithe éigeantaigh atá ar mhúinteoirí aonair, aithnítear sna nósanna imeachta seo go fóill an tábhacht a bhaineann le ról an DIA, agus ceanglaítear leo fós go gcuirfí gach ábhar imní cosanta leanaí in iúl don DIA, faoi mar a tharla roimhe seo. An ról lárnach atá ag an DIA maidir le comhairle a chur ar dhaoine de phearsanra na scoile faoi aon ábhair imní atá acu faoi mhic léinn, mar aon leis an eolas agus an fheasacht atá aige nó aici i gcoitinne maidir le cosaint leanaí, tá sé ríthábhachtach maidir lena chinntiú go ndéanfar saincheisteanna a shainaithint agus a thuairisciú a luaithe is féidir.

## 12.2 Maoirseacht ag an mBord Bainistíochta

Faoin Acht Oideachais, 1998, is é an bord bainistíochta an comhlacht a gcuirtear de chúram air scoil a rialú go díreach. Is ar an mbord bainistíochta atá an fhreagracht as a chinntiú go gcuirfear na nósanna imeachta seo chun feidhme ina n-iomláine agus as éifeachtacht na nósanna imeachta seo a dhearbhú ó thaobh cáilíochta de go tráthrialta. Ar aon dul leis an dea-rialachas, ceanglaítear go mbeadh an bord bainistíochta in ann a dheimhniú dó féin, agus go ndeimhneodh sé, go bhfuil nósanna imeachta láidre i bhfeidhm ag an scoil ionas go mbeidh sí in ann déileáil go hiomlán agus i gceart le gach ní cosanta leanaí sa scoil i gcomhréir leis an *Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015*, le *Children First: Treoir Náisiúnta 2017*, leis an Aguisín a ghabhann le *Children First (2019)*, leis an Aguisín a ghabhann le *Children First (2025)* agus le ceanglais na roinne, mar atá leagtha amach sna nósanna imeachta seo do scoileanna.

Ní an-tromchúiseach do scoil is ea cás ina ndéantar líomhain drochúsáide in aghaidh duine de phearsanra na scoile. In imthosca den sórt sin, leanfaidh an fostóir na nósanna imeachta iomchuí atá leagtha amach i gcaibidil 7, lena n-áirítear, i gcás gur gá, an prótacal lena n-údaraítear gníomh láithreach a chur chun feidhme agus aon phróiseas araíonachta is gá a thionscnamh. Ar leithligh uaidh sin, agus a mhéid a bhaineann le maoirseacht ar na ceanglais tuairiscithe agus leo sin amháin, áfach, cuireadh ceanglais shonracha i bhfeidhm maidir le líomhaintí drochúsáide in aghaidh fostaithe a thuairisciú do Tusla. Féadfaidh go dtiocfaidh líomhaintí den sórt sin chun cinn ar roinnt bealaí, e.g., mar thoradh ar líomhain ó thuismitheoir, ábhar imní atá ag duine eile de phearsanra na scoile, nochtadh ó leanbh, nó faisnéis a sholáthair Tusla nó an Garda Síochána don scoil. Mar aon leis an maoirseacht a dhéantar ar an dóigh a dtuairiscítear líomhaintí in aghaidh daoine de phearsanra na scoile, leagadh ceanglais mhaoirseachta ar bhoird bhainistíochta freisin i ndáil leis an dóigh a dtuairiscítear ábhair imní cosanta leanaí i leith leanaí sa scoil i gcoitinne agus i ndáil leis an dóigh a gcomhlíontar ceanglais na nósanna imeachta seo a mhéid a bhaineann le ceanglais choimircithe na scoile.

Aithnítear go mbeidh sé de fhreagracht phearsanta ar dhaoine de phearsanra na scoile na ceanglais tuairiscithe sna nósanna imeachta seo a chomhlíonadh i gcás go dtiocfaidh siad ar an eolas faoi ábhar imní faoi leanbh. I gcás go mainneoidh duine gníomhú i leith ábhar imní den sórt sin, féadfaidh go mbeidh sé rídheacair do bhord bainistíochta an méid sin a shuí toisc go bhfuil seans ann nach dtarraingeofar aird an bhoird ar an ní láithreach nó, i gcásanna áirithe, nach dtarraingeofar aird an bhoird air choíche.

D’ainneoin na laige sin, tá sé mar aidhm leis na nósanna imeachta seo a chinntiú go mbeidh na socruithe le haghaidh maoirseacht a dhéanamh ar thuairisciú chomh láidir agus chomh cuimsitheach agus is féidir.

## 12.3 An Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí ón bPríomhoide don Bhord Bainistíochta

Ag gach cruinniú den bhord bainistíochta, mar mhír aonair, soláthróidh an príomhoide Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí ina mbeidh faisnéis a thiocfaidh faoi na ceithre cheannteideal seo a leanas:

a) Líomhaintí drochúsáide a rinneadh in aghaidh daoine de phearsanra na scoile (féach rannán 12.3.4);

b) Ábhair imní eile cosanta leanaí faoi mhic léinn sa scoil (i.e., ábhair imní nach bhfuil aon líomhain drochúsáide in aghaidh duine de phearsanra na scoile i gceist leo) (féach rannán 12.3.5);

c) Ábhair imní cosanta leanaí a thagann as iompraíocht líomhnaithe bhulaíochta i measc mic léinn (féach rannán 12.3.6); *agus*

d) Sonraí achoimre maidir le tuairisciú (féach rannán 12.3.8).

Más rud é go mbeidh aon chásanna le tuairisciú faoi aon cheann de na ceannteidil, comórfar cruinniú i bpearsa den bhord bainistíochta ionas go mbeifear in ann an Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí a sholáthar, agus ní thiocfaidh aon chomhalta isteach sa chruinniú trí ghlao comhdhála ná ar líne. Ní sholáthrófar an Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí ag aon chruinniú den bhord bainistíochta a thionólfar ar líne nó i gcás go bhféadfaidh go mbeidh sé riachtanach glao comhdhála a úsáid chun cruinniú boird a éascú, ach amháin i gcás, ó soláthraíodh an Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí is déanaí don bhord, nár tháinig aon chásanna chun cinn faoi aon cheann de na ceannteidil atá leagtha amach i rannáin 12.3.4, 12.3.5, 12.3.6 agus 12.3.8.

Meabhraítear do chomhaltaí den bhord bainistíochta go mbeidh feidhm ag forálacha a bhaineann le coinbhleacht leasa maidir le nithe a bheidh á mbreithniú faoi na nósanna imeachta seo freisin agus, i gcás go mbeidh coinbhleacht leasa ann ag aon am, gur cheart don chomhalta lena mbaineann den bhord bainistíochta tarraingt siar ó chruinniú boird ar fad nó ó chuid de, de réir mar is gá.

### 12.3.1 Doiciméid

Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéanfar cóipeanna de thaifid a sholáthrófar don bhord bainistíochta a anaithnidiú agus a fholú, de réir mar is gá, chun a chinntiú nach nochtfar céannacht aon linbh ná aon pháirtithe eile lena mbaineann an t-ábhar imní nó an tuarascáil. Soláthrófar na doiciméid atá i gceist do na comhaltaí den bhord bainistíochta ag an gcruinniú boird, agus aisghabhfar na doiciméid uile tar éis déileáil leis an ní agus cuirfidh an DIA iad ar an gcáschomhad cuí.

Ní scaipfear aon doiciméid ar leithligh ar aon chomhaltaí den bhord bainistíochta ná ní choinneoidh aon chomhaltaí iad (e.g., más rud é go ndéanfar dhá chóip fholaithe don bhord, ní mór dhá chóip a aisghabháil).

Faoi phrionsabail an íoslaghdaithe sonraí, cuirfidh an DIA nóta sínithe ar cháschomhaid ina léirítear an líon cóipeanna a dáileadh agus a aisghabhadh, agus cóip fholaithe amháin á coinneáil aige nó aici sa cháschomhad cuí (e.g., dáileadh ocht gcóip, tugadh ocht gcóip ar ais, agus stialladh seacht gcóip). Stiallfaidh an DIA na cóipeanna breise. Cinnteoidh sé sin go mbeidh cuntas ann ar gach cóip.

Sonrófar sna miontuairiscí ar an gcruinniú den bhord na doiciméid a soláthraíodh don chruinniú den bhord, i gcomhréir leis an gceanglas atá leagtha amach i rannán 12.3.7 thíos. Ní ainmneofar sna miontuairiscí aon leanbh ná aon pháirtí eile lena mbaineann an t-ábhar imní nó an tuarascáil. Ina ionad sin, taifeadfar an ní iontu trí thagairt a dhéanamh don chód nó sraithuimhir uathúil atá sannta don chás nó do na páirtithe lena mbaineann.

Tá tuilleadh mionsonraí faoi na ceanglais maidir le coimeád taifead ar fáil i gCaibidil 8.

### 12.3.2 Rúndacht

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór do gach comhalta den bhord bainistíochta caitheamh leis na taifid seo faoi chuing rúin, agus tuigfidh comhaltaí den bhord gur chun maoirseacht a dhéanamh ar na ceanglais tuairiscithe atá leagtha amach sna nósanna imeachta seo, agus chuige sin amháin, a bheidh siad le hathbhreithniú. Ní rachaidh na comhaltaí den bhord, in aon chás, i mbun aon phlé nó aon imscrúdú i ndáil le céannacht na leanaí nó na bpáirtithe eile atá i gceist ná i ndáil le substaint, creidiúnacht nó neamhchreidiúnacht an ábhair imní nó na tuarascála atá i gceist agus iad ag tabhairt faoin ról maoirseachta sin.

Meabhraítear do chomhaltaí den bhord bainistíochta go bhfuil dualgas orthu cruinnithe boird a choinneáil faoi rún agus nach ceadmhach dóibh nithe a phléitear ag cruinnithe boird a nochtadh ná a phlé ach amháin i gcás go dtabharfaidh an bord údarú sainráite dóibh déanamh amhlaidh. Féadfaidh an pátrún aon chomhalta den bhord bainistíochta a sháróidh an ceanglas sin a bhaint den bhord, de réir na bhforálacha iomchuí d’alt 16 den Acht Oideachais, 1998, agus, i ndáil le sárú den sórt sin, féadfaidh nach gcosnófar an comhalta sin in aon imeachtaí dlí a thionscnófar ina aghaidh nó ina haghaidh leis an tslánaíocht ghinearálta a thugtar do chomhaltaí de bhord bainistíochta faoi alt 14(7) den Acht Oideachais, 1998.

I ndáil le líomhaintí in aghaidh daoine de phearsanra na scoile, beifear fíorchúramach a chinntiú nach gcuirfidh an mhaoirseacht a dhéanfaidh na comhaltaí den bhord ar na ceanglais tuairiscithe isteach ar aon ghníomhartha a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil sa todhchaí de réir na nósanna imeachta araíonachta iomchuí. Ní rachaidh na comhaltaí den bhord, in aon chás, i mbun aon phlé nó aon imscrúdú i ndáil le substaint, creidiúnacht nó neamhchreidiúnacht na líomhna atá i gceist agus iad ag tabhairt faoin ról maoirseachta sin. Is é an t-aon chuspóir amháin a bheidh leis an athbhreithniú sin ná a athbhreithniú, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil don DIA agus ar aon chomhairle ó Tusla, cé acu a leanadh nó nár leanadh na ceanglais tuairiscithe iomchuí. Aon phlé, imscrúdú nó cinntí ar aon ghníomhartha breise a bheidh le déanamh i leith an fhostaí a ndearnadh an líomhain ina aghaidh nó ina haghaidh, ní mór iad a dhéanamh ar leithligh agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta iomchuí atá leagtha amach i gcaibidil 7.

### 12.3.3 I gCás nach mBeidh na Nósanna Imeachta Comhlíonta ag an mBord Bainistíochta

I gcás nach mbeidh na nósanna imeachta sa rannán seo comhlíonta ag an mbord bainistíochta agus nach mbeidh an ní tuairiscithe aige do Tusla, nó nach mbeidh ordú tugtha aige don DIA tuairisciú do Tusla, in imthosca inar chuir Tusla in iúl gur cheart tuarascáil den sórt sin a thabhairt, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn do phátrún na scoile faoin méid sin. Taifeadfar an gníomh sin sna miontuairiscí ar an gcruinniú iomchuí den bhord bainistíochta, agus coinneofar cóip den fhógra don phátrún.

Is ní tromchúiseach é mainneachtain aon duine de phearsanra na scoile ní a thuairisciú do Tusla i gcás go gcuirfidh Tusla in iúl dó nó di déanamh amhlaidh nó mainneachtain na nósanna imeachta seo a chomhlíonadh ar shlí eile. Féadfaidh gur ní araíonachta a bheidh ann, agus ba cheart é a thuairisciú don fhostóir, agus ba cheart don fhostóir déileáil leis ar leithligh i gcomhréir leis na nósanna imeachta iomchuí.

### 12.3.4 Líomhaintí drochúsáide in aghaidh daoine de phearsanra na scoile

Mar mhír aonair, luafar an méid seo a leanas sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí ón bpríomhoide:

a) An líon tuarascálacha a tugadh do Tusla ó bhí an cruinniú deireanach den bhord ann i ndáil le líomhain drochúsáide in aghaidh duine reatha de phearsanra na scoile.

b) Maidir leis na cásanna a thagann faoi (a), an líon cásanna a bhaineann le líomhaintí maidir le drochúsáid a bhain do dhuine fásta le linn a óige nó a hóige (drochúsáid chúlghabhálach).

c) An líon tuarascálacha a tugadh do Tusla ó bhí an cruinniú deireanach den bhord ann i ndáil le líomhain drochúsáide in aghaidh iardhuine de phearsanra na scoile.

d) Maidir leis na cásanna a thagann faoi (c), an líon cásanna a bhaineann le líomhaintí maidir le drochúsáid a bhain do dhuine fásta le linn a óige nó a hóige (drochúsáid chúlghabhálach).

e) An líon cásanna, ó bhí an cruinniú deireanach den bhord ann, inar lorg an DIA comhairle ó Tusla maidir le líomhain drochúsáide in aghaidh duine reatha nó iardhuine de phearsanra na scoile agus nár thuairiscigh an DIA an ní, bunaithe ar an gcomhairle ó Tusla, iontu.

f) An líon cásanna, ó bhí an cruinniú deireanach den bhord ann, ina ndearnadh líomhain drochúsáide in aghaidh duine reatha nó iardhuine de phearsanra na scoile agus nár lorg an DIA comhairle ó Tusla maidir leis an ní agus nár thuairiscigh sé nó sí an ní do Tusla iontu.

g) An líon cásanna, ó bhí an cruinniú deireanach den bhord ann, ina ndearnadh líomhain drochúsáide in aghaidh duine reatha nó iardhuine de phearsanra na scoile agus nár thuairiscigh an DIA an ní do Tusla in imthosca inar chuir Tusla in iúl don DIA gur cheart é a thuairisciú iontu.

h) I gcás nach raibh aon chásanna ann a thagann faoi (a) go (g) thuas, luaigh an méid sin.

I gcás go dtiocfaidh aon cheann de na cásanna dá dtagraítear ag (f) thuas chun cinn:

a) Tráth a dhéanfar an cinneadh gan tuairisciú, cuirfidh an DIA cathaoirleach an bhoird bainistíochta nó Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an bhoird oideachais agus oiliúna nó a thoscaire nó a toscaire ar an eolas faoi sin, agus leanfar na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCaibidil 7.

b) Comórfar cruinniú éigeandála den bhord bainistíochta.

c) Roimh an gcruinniú éigeandála den bhord, ag gníomhú dó nó di thar ceann an bhoird, lorgóidh cathaoirleach an bhoird bainistíochta comhairle ó Tusla maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart an líomhain a thuairisciú. Ní mór rochtain a thabhairt don chathaoirleach ar na doiciméid bhunaidh gan aon anaithnidiú, agus ní mór é nó í a chur ar an eolas go hiomlán ar mhionsonraí na líomhna ionas go mbeidh sé nó sí in ann comhairle a lorg ó Tusla maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart an líomhain a thuairisciú.

d) Ag an gcruinniú éigeandála den bhord bainistíochta, soláthrófar na doiciméid dá dtagraítear ag (1) go (6) i rannán 12.3.7 do na comhaltaí den bhord agus athbhreithneoidh siad iad, mar aon le cóip de thaifid nó nótaí an chathaoirligh ar chomhairle a lorg ó Tusla maidir leis an líomhain agus ar an gcomhairle a tugadh.

e) Athbhreithneoidh an bord bainistíochta na doiciméid, agus cinnfidh sé cé acu a leanadh nó nár leanadh na nósanna imeachta cuí.

f) I gcás go mbeidh an bord bainistíochta den tuairim nár leanadh na nósanna imeachta i gceart, ordóidh sé don DIA na nósanna imeachta a leanúint. Féadfaidh go n-áireofar leis sin a ordú don DIA tuairisciú do Tusla i gcomhréir leis an gcomhairle ó Tusla.

I gcás go dtiocfaidh aon cheann de na cásanna dá dtagraítear ag (g) thuas chun cinn:

a) Tráth a dhéanfar an cinneadh gan tuairisciú, cuirfidh an DIA cathaoirleach an bhoird bainistíochta nó Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an bhoird oideachais agus oiliúna nó a thoscaire nó a toscaire ar an eolas faoi sin, agus leanfar na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCaibidil 7.

b) Comórfar cruinniú éigeandála den bhord bainistíochta, áit a soláthrófar na doiciméid dá dtagraítear ag (1) go (6) i rannán 12.3.7 do na comhaltaí den bhord agus a n-athbhreithneoidh siad iad.

c) Athbhreithneoidh an bord bainistíochta na doiciméid, agus cinnfidh sé cé acu a leanadh nó nár leanadh na nósanna imeachta cuí.

d) I gcás go mbeidh an bord bainistíochta den tuairim nár leanadh na nósanna imeachta i gceart, ordóidh sé don DIA na nósanna imeachta a leanúint. Féadfaidh go n-áireofar leis sin a ordú don DIA tuairisciú do Tusla i gcomhréir leis an gcomhairle ó Tusla.

Ag teacht sna sála ar an gcinneadh ón mbord bainistíochta i ndáil le cásanna a thagann faoi (f) agus (g), soláthróidh cathaoirleach an bhoird bainistíochta don bhord bainistíochta cóip den tuarascáil a cuireadh faoi bhráid Tusla maidir leis an líomhain, mar aon le haon admháil a fuarthas ó Tusla á rá go bhfuarthas an tuarascáil sin.

Beidh feidhm ag na forálacha maidir le hanaithnidiú agus folú maidir leis na doiciméid ar fad a chuirfear i láthair ag cruinniú éigeandála den bhord bainistíochta. Déanfar gach doiciméad a anaithnidiú agus a fholú, de réir mar is gá, chun a chinntiú nach nochtfar céannacht aon linbh ná aon pháirtithe eile, lena n-áirítear an duine de phearsanra na scoile, lena mbaineann an t-ábhar imní nó an tuarascáil.

Mar atá luaite i gCaibidil 8, agus céannacht duine de phearsanra na scoile á hanaithnidiú, úsáidfidh an DIA cód nó sraithuimhir uathúil nach mór a athúsáid más rud é go ndéanfar líomhain drochúsáide ina dhiaidh sin in aghaidh an duine sin de phearsanra na scoile. Cuirfidh an DIA an bord ar an eolas, tríd an gcód nó sraithuimhir uathúil sin, i gcás go raibh líomhain nó líomhaintí drochúsáide roimhe ann in aghaidh an duine sin de phearsanra na scoile agus, más rud é go raibh, cuirfidh sé nó sí an bord ar an eolas faoin líon líomhaintí den sórt sin, lena n-áirítear toradh na líomhaintí roimhe.

I gcás, tar éis an prótacal lena n-údaraítear gníomh láithreach a ghníomhachtú (rannán 7.3.6 agus Aguisín 3), go mbeidh cruinniú éigeandála ann den fhostóir (bord bainistíochta nó bord oideachais agus oiliúna, de réir mar is cuí) chun breithniú a dhéanamh ar dhuine a chur go foirmiúil ar shaoire riaracháin, beidh na forálacha maidir le hanaithnidiú fós i bhfeidhm sa chruinniú boird ina dhiaidh sin don Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí. Déileáiltear le saincheisteanna fostaíochta, mar atá leagtha amach i gCaibidil 7, ar leithligh ó mhaoirseacht ar chosaint leanaí.

### 12.3.5 Ábhair imní eile cosanta leanaí faoi mhic léinn sa scoil (i.e., cásanna nach bhfuil aon líomhain drochúsáide in aghaidh duine de phearsanra na scoile i gceist leo)

Ar leithligh ó na cásanna dá dtagraítear i rannáin 12.3.4 agus 12.3.6 de na nósanna imeachta seo, sonrófar sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí an líon cásanna a tháinig chun cinn faoi gach ceann de na ceannteidil seo a leanas ó bhí an cruinniú deireanach den bhord ann:

a) Aon chás inar chuir duine de phearsanra na scoile tuarascáil faoi bhráid Tusla maidir le leanbh sa scoil in imthosca inar chinn an DIA nach raibh aon údar leis an ní a thuairisciú.

b) Aon chás inar lorg an DIA comhairle ó Tusla maidir le hábhar imní faoi leanbh sa scoil agus inar chuir Tusla in iúl nár cheart an ní a thuairisciú.

c) Aon chás inar lorg an DIA comhairle ó Tusla maidir le hábhar imní faoi leanbh sa scoil agus inar chuir Tusla in iúl gur cheart an ní a thuairisciú ach nár thuairiscigh an DIA an ní atá i gceist ann.

d) Aon chás nár lorg an DIA aon chomhairle ó Tusla maidir le hábhar imní faoi leanbh sa scoil agus nár thuairiscigh sé nó sí an ní do Tusla ann.

I gcás nach raibh aon chásanna den chineál atá leagtha amach faoi phointí (a), (b), (c) nó (d) thuas ann, luafar an méid sin sa tuarascáil.

Baineann (a), (b), (c) agus (d) go sonrach le cásanna nár thug an DIA aon tuarascáil do Tusla iontu.

I gcás go raibh cásanna ann a thagann faoi (a), (b) nó (d) thuas, soláthrófar na doiciméid atá leagtha amach i rannán 12.3.7 don bhord bainistíochta, chun go mbeidh sé in ann a athbhreithniú, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil don DIA agus ar aon chomhairle ó Tusla, cé acu a leanadh nó nár leanadh na ceanglais tuairiscithe iomchuí. I gcás go mbeidh an bord bainistíochta den tuairim nár leanadh na nósanna imeachta i gceart, ordóidh sé don DIA na nósanna imeachta a leanúint.

I gcás go dtiocfaidh aon cheann de na cásanna dá dtagraítear ag (c) thuas chun cinn:

a) Tráth a dhéanfar an cinneadh gan tuairisciú, cuirfidh an DIA cathaoirleach an bhoird bainistíochta nó Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an bhoird oideachais agus oiliúna nó a thoscaire nó a toscaire ar an eolas faoi sin.

b) Comórfar cruinniú éigeandála den bhord bainistíochta, áit a soláthrófar na doiciméid dá dtagraítear ag (1) go (6) i rannán 12.3.7 do na comhaltaí den bhord agus a n-athbhreithneoidh siad iad.

c) Athbhreithneoidh an bord bainistíochta na doiciméid, agus cinnfidh sé cé acu a leanadh nó nár leanadh na nósanna imeachta cuí.

d) I gcás go mbeidh an bord bainistíochta den tuairim nár leanadh na nósanna imeachta i gceart, ordóidh sé don DIA na nósanna imeachta a leanúint. Féadfaidh go n-áireofar leis sin a ordú don DIA tuairisciú do Tusla i gcomhréir leis an gcomhairle ó Tusla.

Cásanna a tuairiscíodh do Tusla

I gcás go mbeidh tuarascáil curtha faoi bhráid Tusla ag an DIA faoin gcatagóir seo (rannán 12.3.5, ábhair imní cosanta leanaí faoi mhic léinn sa scoil nach bhfuil aon líomhain drochúsáide in aghaidh comhalta den fhoireann i gceist leo), luafar an méid sin sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí a chuirfear faoi bhráid an bhoird faoi na sonraí achoimre maidir le tuairisciú atá i rannán 12.3.8. Sna himthosca sin, i gcás go mbeidh tuarascáil tugtha ag an DIA do Tusla, ní chuirfear cáschomhaid faoi bhráid an bhoird le haghaidh maoirseachta.

### 12.3.6 Ábhair Imní Cosanta Leanaí a Thagann as Iompraíocht Líomhnaithe Bhulaíochta i measc Mic Léinn

Sonrófar sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí ón bpríomhoide an líon cásanna, ó bhí an cruinniú deireanach den bhord bainistíochta ann:

a) inar thuairiscigh an DIA ábhar imní faoi leanbh a tháinig as iompraíocht líomhnaithe bhulaíochta i measc mic léinn.

b) inar lorg an DIA comhairle ó Tusla maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart ábhar imní faoi leanbh a tháinig as iompraíocht líomhnaithe bhulaíochta i measc mic léinn a thuairisciú.

c) nár lorg an DIA aon chomhairle ó Tusla maidir le hábhar imní faoi leanbh a tháinig as iompraíocht líomhnaithe bhulaíochta i measc mic léinn agus nár thuairiscigh sé nó sí an ní do Tusla iontu.

I gcás nach raibh aon chásanna ann a thagann faoi (a), (b) nó (c) thuas ann, luafar an méid sin sa tuarascáil.

Aon phlé nó cinntí ar aon ghníomhartha breise a bheidh le déanamh i leith na hiompraíochta líomhnaithe bulaíochta, déanfar iad ar leithligh agus i gcomhréir le Beartas Frithbhulaíochta na scoile agus leis na nósanna imeachta iomchuí atá leagtha amach sa doiciméad ón roinn dar teideal *Bí Cineálta: Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* agus rannán 2.4 de na nósanna imeachta seo.

### 12.3.7 Doiciméid a Bheidh le Soláthar don Bhord Bainistíochta

Maidir le gach cás a thiocfaidh chun cinn faoi cheannteidil 12.3.4, 12.3.5 nó 12.3.6 thuas, soláthrófar na doiciméid atá liostaithe thíos don bhord bainistíochta agus athbhreithneoidh sé iad:

1) Cóipeanna de na taifid agus na nótaí uile a bhaineann le conas a tháinig an DIA ar an eolas faoin ábhar imní.

2) Cóipeanna d'aon taifid agus nótaí a bhaineann le comhairle a lorg ó Tusla maidir leis an ábhar imní agus a bhaineann leis an gcomhairle a tugadh.

3) Cóipeanna d'aon tuarascálacha a chuir aon duine reatha de phearsanra na scoile faoi bhráid Tusla maidir leis an ábhar imní.

4) Cóipeanna d'aon taifid chumarsáide eile le Tusla, leis an nGarda Síochána nó le haon pháirtí eile maidir leis an ábhar imní (lena n-áirítear aon admháil a fuarthas ó Tusla á rá go bhfuarthas an tuarascáil).

5) Cóipeanna d'aon fhógra a eisíodh faoi rannáin 5.3, 5.4 nó 5.5 de na nósanna imeachta seo, i gcás gurb infheidhme.

6) Cóipeanna d'aon ráiteas a soláthraíodh do dhuine de phearsanra na scoile faoi rannán 5.3.4 de na nósanna imeachta seo.

### 12.3.8 Sonraí Achoimre maidir le Tuairisciú

Mar mhír aonair, luafar an méid seo a leanas freisin sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí ón bpríomhoide:

a) An líon iomlán tuarascálacha a thug an DIA do Tusla ó bhí an cruinniú deireanach den bhord bainistíochta ann, agus an méid seo a leanas á lua:
   - ~ an líon de na tuarascálacha sin a cuireadh isteach mar thuarascálacha sainordaithe;
   - ~ an líon de na tuarascálacha sin (bíodh siad ina dtuarascálacha sainordaithe nó ina dtuarascálacha eile) a bhain le duine reatha de phearsanra na scoile;
   - ~ an líon de na tuarascálacha sin (bíodh siad ina dtuarascálacha sainordaithe nó ina dtuarascálacha eile) a bhain le hiardhuine de phearsanra na scoile.

b) An líon iomlán cásanna, ó bhí an cruinniú deireanach den bhord ann, inar lorg an DIA comhairle ó Tusla agus inar tharla sé, mar thoradh ar an gcomhairle sin, nár thug an DIA aon tuarascáil, á lua cé acu a bhain nó nár bhain aon cheann de na cásanna sin le duine reatha nó iardhuine de phearsanra na scoile.

c) An líon iomlán cásanna, ó bhí an cruinniú deireanach den bhord ann, inar sholáthair duine de phearsanra na scoile don DIA cóip de thuarascáil a chuir an duine sin faoi bhráid Tusla maidir le ní nár mheas an DIA gur ghá é a thuairisciú nó gur ghá é a thuairisciú mar thuarascáil shainordaithe, á lua cé acu a bhain nó nár bhain aon chás den sórt sin le duine reatha nó iardhuine de phearsanra na scoile.

I gcás nach raibh aon chásanna ann a thagann faoi (a), (b) nó (c) thuas, luaigh an méid sin.

## 12.4 An Ról atá ag an Roinn Oideachais agus Óige maidir le Maoirseacht

Amhail i gcás na maoirseachta a dhéanann boird bhainistíochta scoile, ní leor na córais agus na nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag scoileanna a chur i bhfeidhm. Dúshlán eile atá i gceist is ea na nósanna imeachta a dhearbhú ó thaobh cáilíochta de chun a chinntiú go mbíonn siad á gcur chun feidhme go héifeachtach ar bhonn leantach. Dá bhrí sin, ní mór don roinn maoirseacht a dhéanamh freisin ar an dóigh a gcomhlíonann scoileanna na hoibleagáidí atá orthu faoin reachtaíocht agus faoi na nósanna imeachta seo, agus aird á tabhairt ar na freagrachtaí rialachais atá ar údaráis scoile.

Amhail i gcás scoileanna, cuireann an roinn raon beart maoirseachta comhlántach i bhfeidhm. Beidh feidhmeanna sonracha ag na bearta sin, agus beidh siad éagsúil le chéile a mhéid a bhaineann leis na gnéithe de na nósanna imeachta a ndéanfaidh siad faireachán orthu. I dteannta a chéile, áfach, beidh sé mar aidhm leo cur chuige comhleanúnach uile-chórais a sholáthar i leith maoirseacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta seo agus iad a dhearbhú ó thaobh cáilíochta de.

Chun comhlíonadh agus maoirseacht éifeachtach a chinntiú, ceanglaítear ar gach scoil déanamh de réir aon iarraidh ón roinn ar fhaisnéis iomchuí maidir leis an dóigh a bhfuil na nósanna imeachta seo á gcomhlíonadh acu agus déanamh de réir aon ordú ón roinn á cheangal orthu na nósanna imeachta seo a chur chun feidhme.

### 12.4.1 Maoirseacht ag an Roinn

Maidir leis an roinn:

- Forbraíonn agus eisíonn sí nósanna imeachta um chosaint leanaí agus ábhair eile chun tacú le scoileanna an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015, *Children First: Treoir Náisiúnta 2017*, an tAguisín a ghabhann le *Children First* (2019) agus an tAguisín a ghabhann le *Children First* (2025) a chur chun feidhme go hiomlán.
- Forbraíonn agus eisíonn sí ciorcláin agus treoir maidir leis na ceanglais atá ar scoileanna i ndáil le cosaint leanaí, amhail teimpléid a fhoilsiú don Ráiteas um Choimirciú Leanaí agus ceanglais maidir le hathbhreithniú bliantúil.
- Faigheann sí tuarascálacha ón gCigireacht agus ó rannóga eile, de réir mar is cuí, maidir leis an dóigh a bhfuil nósanna imeachta um chosaint leanaí agus ciorcláin a bhaineann le cosaint leanaí á gcomhlíonadh, agus gníomhaíonn sí ina leith.
- Déanann sí caidreamh le scoileanna agus/nó le pátrúin i gcás gur sainaithníodh ábhair imní, chun a chinntiú go gcuirfear feabhas ar an gcleachtas.
- Déanann sí idirchaidreamh le gníomhaireachtaí seachtracha amhail Tusla, an Garda Síochána, etc., lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
  - Gach líomhain a fhaigheann an roinn a thuairisciú do Tusla;
  - Ábhair imní a fháil ó Tusla faoi scoileanna aonair, agus caidreamh a dhéanamh leis an mbord bainistíochta agus/nó leis an bpátrún chun a chinntiú go gcomhoibreoidh an scoil le Tusla.

### 12.4.2 An Grúpa Maoirseachta um Chosaint Leanaí

Tá Grúpa Maoirseachta um Chosaint Leanaí i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus Óige freisin, rud a chuimsíonn oifigigh shinsearacha ó aonaid iomchuí laistigh den roinn agus comhaltaí sinsearacha den Chigireacht.

Maidir leis an nGrúpa:

- Déanann sé comhordú ar ghníomhartha na roinne i gcásanna ina bhfuil ábhair imní thromchúiseacha ann maidir lena mhéid atá ceanglais na nósanna imeachta seo á gcomhlíonadh ag scoil.
- Coimeádann sé taifid a bhaineann leis na scoileanna a atreoraítear chuige, lena n-áirítear taifid ar conas agus cén uair a réitíodh na cásanna.
- Bainistíonn sé caidreamh na roinne leis an mbord agus/nó leis an bpátrún ar scoileanna i gcás go sainaithnítear laigí móra nó teipeanna córasacha.
- Faigheann sé tuarascálacha tráthrialta maidir le comhlíonadh nó neamhchomhlíonadh na nósanna imeachta ag scoileanna.
- Cinntíonn sé go bpléifear gach cás a atreoraíonn Tusla nó an Garda Síochána chuig an roinn leis an mbord agus/nó le pátrún na scoile, de réir mar is cuí. D'aontaigh an roinn socruithe teagmhála le Tusla chuige sin, ar socruithe iad a chuirfear i bhfeidhm i gcás go mbeidh Tusla ag iarraidh an roinn a chur ar an eolas faoi ábhair imní atá aige maidir le comhlíonadh scoile aonair.

I ngach cás ina mbeidh ábhair imní thromchúiseacha ag an roinn faoin dóigh a bhfuil ceanglais na nósanna imeachta seo á gcomhlíonadh ag aon scoil, is chuig an nGrúpa a atreorófar an cás.

### 12.4.3 Maoirseacht ag Bord Bainistíochta na Roinne

Maidir le bord bainistíochta na roinne:

> Faigheann sé tuarascálacha ráithiúla ón nGrúpa Maoirseachta um Chosaint Leanaí maidir le hobair an ghrúpa sin agus athbhreithníonn sé na tuarascálacha sin.

> Faigheann sé tuarascálacha ráithiúla ón gCigireacht maidir leis an gcomhlíonadh a thug an Chigireacht faoi deara le linn a cuairteanna ar scoileanna agus athbhreithníonn sé na tuarascálacha sin.

> Déanann sé breithniú, uair amháin sa bhliain ar a laghad, ar éifeachtacht fhoriomlán na nósanna imeachta maidir lena chinntiú go bhfuil scoileanna ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá orthu faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus faoi *Children First: Treoir Náisiúnta 2017*.

### 12.4.4 Maoirseacht ag Cigireacht na Roinne

Maidir leis an gCigireacht:

> déanann sí faireachán ar an dóigh a bhfuil ceanglais na nósanna imeachta seo á gcomhlíonadh ag scoileanna.

> soláthraíonn sí comhairle do scoileanna maidir le cur chun feidhme ginearálta na nósanna imeachta seo, i gcás gur cuí.

> tuairiscíonn sí do phríomhoide na scoile agus/nó don bhord bainistíochta maidir leis an dóigh a bhfuil na nósanna imeachta seo á gcomhlíonadh ag an scoil.

> tuairiscíonn sí don roinn maidir leis an dóigh a bhfuil na nósanna imeachta seo á gcomhlíonadh ag scoileanna.

> tuairiscíonn sí don Ghrúpa Maoirseachta um Chosaint Leanaí faoi shonraí achoimre agus faoi chásanna aonair inar cinneadh nach bhfuil na nósanna imeachta seo á gcomhlíonadh ag scoileanna.

> déanann sí caidreamh le scoileanna nach bhfuil gnéithe de na nósanna imeachta á gcomhlíonadh acu go dtí go gcomhlíonfaidh siad iad.

> glacann sí páirt sa Ghrúpa Maoirseachta um Chosaint Leanaí, agus í ag cabhrú le hoifigigh na roinne caidreamh a dhéanamh le scoileanna, le boird bhainistíochta agus le pátrúin, de réir mar is cuí.

> ag gníomhú di tríd an roinn, tuairiscíonn sí do Tusla nuair a thagann an Chigireacht ar an eolas ar chásanna nár chomhlíon aon scoil na ceanglais a bhaineann leis an Ráiteas um Choimirciú Leanaí uaithi iontu.

> foilsíonn sí sonraí agus treochtaí ilchodacha ó am go chéile a thagann as cigireachtaí ar chur chun feidhme na nósanna imeachta seo.

Samhlacha agus Gníomhaíochtaí Cigireachta

Baineann an Chigireacht leas as raon samhlacha cigireachta chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na nósanna imeachta seo agus ar mhórchleachtais coimircithe leanaí i scoileanna, lena n-áirítear cosaint leanaí, frithbhulaíocht agus folláine.

Tá a samhlacha cigireachta á n-athfhorbairt ag an gCigireacht faoi láthair. Cuirfear na nósanna imeachta seo um chosaint leanaí san áireamh san athfhorbairt sin, agus neartófar seiceálacha coimircithe ar fud na samhlacha uile dá barr. Na seiceálacha láithreacha de Leibhéal a hAon agus de Leibhéal a Dó, a dhéantar le linn cigireachtaí atá dírithe ar ghnéithe éagsúla d'obair scoile, athbhreithneofar iad chun seiceálacha níos substaintí coimircithe a chur san áireamh.

Déanfaidh cigirí scrúdú ar na príomhghnéithe de chosaint agus coimirciú leanaí i ngach samhail chigireachta chun a chinneadh an bhfuil na hoibleagáidí reachtúla atá ar an scoil á gcomhlíonadh aici. Fágfaidh sé sin go mbeidh an Chigireacht in ann tuairisciú don phríomhoide agus/nó don bhord bainistíochta agus don Roinn. I gcás go gcinnfear an scoil a bheith neamhchomhlíontach, leanfaidh an Chigireacht le caidreamh a dhéanamh leis an scoil go dtí go mbeidh sí comhlíontach.

I dteannta seiceálacha coimircithe i ngach scoil, déanann an Chigireacht cigireachtaí dírithe freisin ina ndéantar meastóireacht ar chomhlíonadh na nósanna imeachta seo agus air sin amháin. Leantar samhlacha sonracha sna cigireachtaí sin:

- Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (CCCL).
- Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i Saoráidí Cónaithe atá bainteach le Scoileanna Aitheanta (CCCLSC).

Is cigireachtaí atá dírithe ar chomhlíonadh iad na cigireachtaí sin, agus déantar measúnacht iontu ar a mhéid atáthar ag cloí leis na nósanna imeachta um chosaint leanaí i bpríomhréimsí, lena n-áirítear cumarsáid, oiliúint, tuairisciú, taifeadadh, maoirseacht agus grinnfhiosrúchán.

Agus í ag cinneadh cé na scoileanna a ndéanfar CCCL/CCCLSC orthu:

- roghnóidh an Chigireacht, mar chuid dá cur chuige rioscabhunaithe, sampla de scoileanna gach bliain a mbeidh cigireacht le déanamh orthu.
- cuirfidh an Chigireacht ar áireamh scoileanna a n-atreoróidh an Grúpa Maoirseachta um Chosaint Leanaí nó Aonad Cosanta Leanaí na Roinne iad.

Féadfaidh go ndéanfar CCCLanna nó CCCLSCanna tar éis fógra a thabhairt roimh ré nó gan aon fhógra a thabhairt roimhe ré. Amhail i gcás cineálacha eile cigireachta, is i gcomhréir leis na Treoirlínte um Fhoilsiú Tuairiscí Cigireachta Scoile (Deireadh Fómhair 2024) nó a gcoibhéis iomchuí a fhoilseofar na tuairiscí a eascróidh as na cigireachtaí sin.

### Tar Éis na Cigireachta

Ag deireadh gach cuairte meastóireachta, is gnách go gcuirfidh an cigire nó na cigirí in iúl don phríomhoide agus/nó don bhord bainistíochta cé acu a mheastar nó nach meastar go bhfuil an scoil ag comhlíonadh na ngnéithe de na nósanna imeachta um chosaint leanaí a ndearnadh athbhreithniú orthu.

Más rud é go gcinnfidh an cigire nach bhfuil an scoil comhlíontach, leagfaidh sé nó sí amach na gníomhartha is gá chun comhlíonadh a bhaint amach, agus iarrfaidh sé nó sí ar an bpríomhoide agus/nó ar an mbord aghaidh a thabhairt ar na gníomhartha sin gan mhoill agus, sa chás is fearr, sula dtabharfar an próiseas meastóireachta i gcrích. Mar chuid de ról comhairleach na Cigireachta, féadfaidh go ndéanfaidh cigirí moltaí freisin maidir le conas is fearr is féidir comhlíonadh a bhaint amach.

Más rud é nach deimhin leis an gCigireacht gur tugadh aghaidh ar na saincheisteanna neamhchomhlíonta faoi dheireadh na meastóireachta, leanfaidh sí le caidreamh a dhéanamh leis an scoil go dtí go gcuirfear na bearta is gá chun feidhme. I gcás gur cuí, féadfaidh go ndéanfaidh an Chigireacht scoileanna neamhchomhlíontacha a atreorú chuig Aonad Cosanta Leanaí na Roinne freisin.

Coimeádfaidh an Chigireacht taifead ar na scoileanna uile ar ina leith a rinneadh meastóireacht ar aon ghné de chosaint nó coimirciú leanaí. I gcás scoileanna a gcinnfear nach bhfuil siad ag comhlíonadh gnéithe áirithe de na nósanna imeachta seo, coimeádfar taifead ar na gnéithe sonracha nach bhfuil á gcomhlíonadh agus an dáta a tugadh fógra don Chigireacht gur baineadh comhlíonadh amach.

Ina theannta sin, cuirfidh an Chigireacht tuarascáil ráithiúil faoi bhráid Bhord Bainistíochta na Roinne maidir leis na leibhéil chomhlíonta a breathnaíodh sna scoileanna ar tugadh cuairt orthu.

Rochtain ar Dhoiciméid

Le linn cigireachtaí, teastóidh ó chigirí rochtain ar na doiciméid agus na taifid a gceanglaítear ar scoileanna iad a choimeád faoi na nósanna imeachta seo. Nithe a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo is ea na doiciméid sin atá ar fáil don bhord bainistíochta chun tacú leis maoirseacht a dhéanamh ar thuairisciú agus ar choimirciú, lena n-áirítear na miontuairiscí ar chruinnithe den bhord.

Sna miontuairiscí sin, ba cheart fianaise a sholáthar á léiriú go bhfuil na freagrachtaí maoirseachta atá air comhlíonta ag an mbord trí na taifid iomchuí a athbhreithniú agus trí chomhlíonadh na nósanna imeachta a dheimhniú nó trí na bearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar aon neamhchomhlíonadh sainaitheanta a dhoiciméadú.

Dá réir sin, ní mór na doiciméid iomchuí uile, lena n-áirítear miontuairiscí ar chruinnithe den bhord, a bheith ar fáil do scoileanna i gcónaí, agus ní mór do scoileanna iad a sholáthar do chigirí arna iarraidh sin dóibh. Más gá, ní mór don scoil cáschomhaid a chur ar fáil freisin chun go mbeidh cigirí in ann a dheimhniú cé acu atá nó nach bhfuil an scoil ag cloí leis na nósanna imeachta.

## 12.5 An Ról atá ag Tusla maidir le Maoirseacht

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, tá oibleagáid ar bhord bainistíochta cóip den Ráiteas um Choimirciú Leanaí ón scoil, lena n-áirítear measúnacht phriacail, a sholáthar do Tusla nuair a iarrtar air déanamh amhlaidh.

Foráiltear leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, freisin go bhféadfaidh Tusla clár um neamhchomhlíonadh a bhunú agus a chothabháil ina mionsonrófar aon soláthraithe seirbhísí iomchuí, lena n-áirítear scoileanna, a mhainnigh cóip den Ráiteas um Choimirciú Leanaí a sholáthar do Tusla nuair a iarradh orthu déanamh amhlaidh. Faoin Acht, ní mór do Tusla an clár a chur ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal gach tráth réasúnach ina phríomhoifig.

Chuir an roinn pointe teagmhála aonair i bhfeidhm freisin, trínar féidir le Tusla, ar an leibhéal náisiúnta, agus tar éis dul trí phróiseas géaraithe inmheánach cuí, aon ábhair imní shonracha atá aige a chur in iúl don roinn i ndáil leis an dóigh a bhfuil ceanglais maidir le cosaint leanaí á gcomhlíonadh ag aon scoil ar leith.

## 12.6 An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais

Sa bhliain 2011, bhunaigh an Rialtas an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ), dá ngairtear an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC) ó bhí an bhliain 2025 ann, agus roinnt príomhréimsí beartais agus seirbhísí do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh á dtabhairt le chéile aige. Tá RLMC freagrach as an gcreat reachtach agus beartais a fhorbairt trína soláthraítear seirbhísí cosanta agus leasa leanaí agus trína ndéantar faireachán, cigireacht agus tomhas ar na seirbhísí sin.

Tá roinnt oibleagáidí ar an Aire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Féadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint maidir le cosaint agus leas leanaí. Foilsíodh *Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017* chun an ceanglas sin a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, meastar gur treoirlínte arna n-eisiúint faoi alt 6 den Acht é an doiciméad sin. Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh freisin maidir le Ráitis um Choimirciú Leanaí agus maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh tabhairt tuarascálacha ag daoine sainordaithe.

## 12.7 An Grúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach um Thús Áite do Leanaí

Foráiltear le Cuid 4 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, do Ghrúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach um Thús Áite do Leanaí a bhunú. Is ionann an Grúpa Forfheidhmithe agus fóram trína bhféadfaidh comhaltaí saincheisteanna leasa agus cosanta leanaí a tharraingt anuas lena mbaineann imní ghinearálta nó lena mbaineann gné thrasrannach nó trasearnála ar fud na n-earnálacha éagsúla.

Bhunaigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige (an tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais anois) an grúpa sa bhliain 2015, agus tá sé faoi chathaoirleacht ag an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais. Is iad na comhaltaí den ghrúpa ná daoine ainmnithe ó gach roinn rialtais, mar aon le hionadaí ó Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ón nGarda Síochána agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Is iad seo na feidhmeanna atá ag an nGrúpa Forfheidhmithe:

1) Comhlíonadh a n-oibleagáidí faoin Acht ag ranna rialtais a chur chun cinn.
2) Faireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire ag ranna rialtais.
3) Tacaíocht a sholáthar do ranna rialtais maidir le pleananna forfheidhmithe earnála a ullmhú agus a fhoilsiú.
4) Cur chuige comhsheasmhach a bheith ag ranna rialtais a chur chun cinn maidir le pleananna forfheidhmithe earnála a ullmhú agus a fhoilsiú.
5) Tuarascáil a thabhairt don Aire, nuair a iarrfar sin air, i dtaobh fhorfheidhmiú an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire.
6) Faisnéis nó comhairle a sholáthar don Aire, nó tograí a chur faoi bhráid an Aire, maidir le haon cheann de na nithe thuas.

Ní mór don Ghrúpa Forfheidhmithe tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna agus a ghníomhaíochtaí freisin.

# Aguisíní

# Aguisín 1:
# Sceideal na nDaoine Sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Sonraítear i Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, na haicmí daoine seo a leanas mar dhaoine sainordaithe chun críocha an Achta seo:

1) Lia-chleachtóir cláraithe de réir bhrí alt 2 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007.
2) Altra cláraithe nó cnáimhseach chláraithe de réir bhrí alt 2(1) d'Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011.
3) Fisiteiripeoir atá cláraithe sa chlár de chomhaltaí na gairme sin.
4) Teiripeoir urlabhra agus teanga atá cláraithe sa chlár de chomhaltaí na gairme sin.
5) Teiripeoir ceirde atá cláraithe sa chlár de chomhaltaí na gairme sin.
6) Fiaclóir cláraithe de réir bhrí alt 2 d'Acht na bhFiaclóirí, 1985.
7) Síceolaí a chleachtann mar shíceolaí agus atá incháilithe lena chlárú nó lena clárú sa chlár (más ann) de chomhaltaí na gairme sin.
8) Oibrí cúraim shóisialaigh a chleachtann mar oibrí cúraim shóisialaigh agus atá incháilithe lena chlárú nó lena clárú de réir Chuid 4 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, i gclár na gairme sin.
9) Oibrí sóisialach a chleachtann mar oibrí sóisialach agus atá incháilithe lena chlárú nó lena clárú de réir Chuid 4 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, i gclár na gairme sin (más ann).
10) Teicneoir liachta éigeandála, paraimhíochaineoir agus ard-pharaimhíochaineoir atá cláraithe leis an gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil faoin Ordú fán gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (Bunú), 2000 (I.R. Uimh. 109 de 2000).
11) Oifigeach promhaidh de réir bhrí alt 1 den Acht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail), 1983.
12) Múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
13) Comhalta den Gharda Síochána.
14) Caomhnóir *ad litem* arna cheapadh nó arna ceapadh de réir alt 26 den Acht um Chúram Leanaí, 1991.
15) Duine atá fostaithe in aon cheann de na cáileanna seo a leanas:
    a) bainisteoir ar ionad dídine foréigin baile;
    b) bainisteoir ar shaoráid soláthair do dhaoine gan dídean nó ar shaoráid cóiríochta éigeandála;
    c) bainisteoir ar lárionad cóiríochta do lucht iarrtha tearmainn (soláthar díreach);
    d) comhairleoir andúile atá fostaithe ag comhlacht a mhaoinítear, go hiomlán nó go páirteach, as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas;

e) síciteiripeoir nó duine a sholáthraíonn comhairleoireacht agus atá cláraithe le ceann de na comhlachtaí gairmiúla saorálacha;

f) bainisteoir ar scoil teanga nó scoil áineasa eile ina gcónaíonn leanaí agus nach í a mbaile í;

g) duine den chléir (cibé tuairisc atá air nó uirthi) nó oibrí tréadchúraim (cibé tuairisc atá air nó uirthi) de chuid eaglaise nó sámhadh creidimh eile;

h) stiúrthóir ar aon fhoras ina gcoinnítear leanbh le hordú ó chúirt;

i) oifigeach um choimirciú, oifigeach cosanta leanaí nó duine eile (cibé tuairisc atá air nó uirthi) atá fostaithe d'fhonn an fheidhm leasa agus cosanta leanaí de chuid comhlachtaí agus eagraíochtaí creidimh, spóirt, áineasa, cultúir agus oideachais, agus de chuid comhlachtaí agus eagraíochtaí eile a thairgeann seirbhísí do leanaí, a chomhlíonadh;

j) comhalta foirne cúraim leanaí atá fostaithe i seirbhís réamhscoile de réir bhrí Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991;

k) duine atá freagrach as cúram nó bainistíocht seirbhíse oibre ógra de réir bhrí alt 2 den Acht um Obair Ógra, 2001.

16) Oibrí ógra:

a) ag a bhfuil cáilíocht ghairmiúil atá aitheanta ag an Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí san obair ógra de réir bhrí alt 3 den Acht um Obair Ógra, 2001, nó i ndisciplín gaolmhar agus

b) atá fostaithe i seirbhís oibre ógra de réir bhrí alt 2 den Acht um Obair Ógra, 2001.

17) Cúramóir altrama atá cláraithe leis an nGníomhaireacht.

18) Duine a sheolann seirbhís réamhscoile de réir bhrí Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991.

# Aguisín 2:
# Cionta Gnéasacha, mar atá leagtha amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 [arna leasú le halt 55 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017]

I Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, leagtar amach cionta chun críocha mhír (a) den mhíniú ar 'dhrochúsáid ghnéasach' in alt 2 mar a leanas:

1) Éigniú.
2) Banéigean faoi alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990.
3) Ionsaí gnéasach.
4) Tromionsaí gnéasach de réir bhrí alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990.
5) Cion faoi alt 1 den *Punishment of Incest Act*, 1908 (*incest by males*).
6) Cion faoi alt 2 den *Punishment of Incest Act*, 1908 (*incest by females of or over 17 years of age*).
7) Cion faoi alt 6(1) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993 (sireadh nó tathant chun cion gnéasach a dhéanamh).
8) Cion faoi alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006 (leanbh atá faoi bhun 15 bliana d'aois a thruailliú).
9) Cion faoi alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006 (leanbh atá faoi bhun 17 mbliana d'aois a thruailliú).
    a) Cion faoi alt 3A den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006 (cion ag duine i gcáil údaráis).
10) Cion faoi cheachtar de na forálacha seo a leanas den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht, 1998:
    a) alt 3 (gáinneáil ar leanaí agus leanbh a ghabháil, etc., chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh air nó uirthi);
    b) alt 4 (cead a thabhairt leanbh a úsáid le haghaidh pornagrafaíochta leanaí);
    c) alt 4A (striapachas leanaí nó táirgeadh pornagrafaíochta leanaí a eagrú, etc.);
    d) alt 5A (páirteachas linbh i dtaibhiú pornagrafaíochta).
11) Cion faoi alt 5 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008, a mhéid a bhaineann sé le leanbh ar a ndearnadh gáinneáil d'fhonn teacht i dtír a dhéanamh air nó uirthi (sireadh nó tathant d'fhonn striapach a dhéanamh de dhuine ar a ndearnadh gáinneáil).
12) Cion faoi alt 176 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 (leanaí a chur i mbaol go meargánta).

13) Cion faoi alt 249 d'Acht na Leanaí, 2001 (cion gnéasach ar leanbh a chur faoi deara nó a spreagadh).

14) Cion faoi aon cheann de na forálacha seo a leanas den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017:

   a) alt 4 (cuireadh, etc., chun tadhaill ghnéasaigh);

   b) alt 5 (gníomhaíocht ghnéasach i láthair linbh);

   c) alt 6 (cur faoi deara do leanbh breathnú ar ghníomhaíocht ghnéasach);

   d) alt 8 (teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a úsáid chun teacht i dtír gnéasach ar leanbh a éascú).

# Aguisín 3: An prótacal lena n-údaraítear gníomh láithreach

Údaraítear leis an bprótacal seo a leanas gníomh láithreach a dhéanamh faoi rannán 7.3.6 de na *'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025'*. Ba cheart na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta a leanúint i ndáil leis an bprótacal seo a ghníomhachtú.

## Bunscoileanna seachas iad sin atá faoi phátrúnacht boird oideachais agus oiliúna

I gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, i gcás gur gá déanamh amhlaidh sna himthosca, mar bheart réamhchúraim riachtanach chun na leanaí sa scoil a chosaint, beidh údarú ag cathaoirleach an bhoird bainistíochta ón údarás scoile a ordú d'fhostaí fanacht ón scoil láithreach gan aon phá a chailleadh go dtí go mbeidh an ní breithnithe ag an bhfostóir. Tá sé an-tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an gníomh faoin bprótacal beartaithe le bheith ina ghníomh réamhchúraim, agus ní ina ghníomh araíonachta. Is beart eatramhach a bheidh sa ghníomh faoin bprótacal seo go dtí go ndéanfaidh an fostóir tuilleadh breithniúcháin ar an ní.

Tabharfar cuireadh don fhostaí freastal ar chruinniú le cathaoirleach an bhoird bainistíochta, a mbeidh údarú aige nó aici ón údarás scoile fostaí a chur ar an eolas faoin líomhain agus faoin ngníomh atá á dhéanamh. Féadfaidh duine cuí de rogha an fhostaí féin an fostaí a thionlacan, agus cuirfear an méid sin in iúl dó nó di.

In aon chás, cuirfear an ní in iúl don fhostaí freisin, i scríbhinn. Déanfaidh cathaoirleach an bhoird bainistíochta taifead den chruinniú freisin, rud a choinneofar ar an gcáschomhad iomchuí.

## Iar-bhunscoileanna seachas iad sin atá faoi phátrúnacht boird oideachais agus oiliúna

I gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, i gcás gur gá déanamh amhlaidh sna himthosca, mar bheart réamhchúraim riachtanach chun na leanaí sa scoil a chosaint, beidh údarú ag príomhoide na scoile a ordú d'fhostaí fanacht ón scoil láithreach gan aon phá a chailleadh go dtí go mbeidh an ní breithnithe ag an bhfostóir. Tá sé an-tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an gníomh seo faoin bprótacal beartaithe le bheith ina ghníomh réamhchúraim, agus ní ina ghníomh araíonachta. Is beart eatramhach a bheidh sa ghníomh faoin bprótacal seo go dtí go ndéanfaidh an fostóir tuilleadh breithniúcháin ar an ní.

Tabharfar cuireadh don fhostaí freastal ar chruinniú leis an bpríomhoide, arb é an cuspóir a bheidh leis an fostaí a chur ar an eolas faoin líomhain agus faoin ngníomh atá á dhéanamh. Féadfaidh duine cuí de rogha an fhostaí féin an fostaí a thionlacan, agus cuirfear an méid sin in iúl dó nó di.

In aon chás, cuirfear an ní in iúl don fhostaí freisin, i scríbhinn. Déanfaidh an príomhoide taifead den chruinniú, rud a choinneofar ar an gcáschomhad iomchuí.

### Scoileanna atá faoi Phátrúnacht Boird Oideachais agus Oiliúna

I gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, i gcás gur gá déanamh amhlaidh sna himthosca, mar bheart réamhchúraim riachtanach chun na leanaí sa scoil a chosaint, beidh údarú ag príomhoide na scoile, tar éis dul i gcomhairle leis an mbord oideachais agus oiliúna is fostóir maidir leis na himthosca lena mbaineann, a ordú d'fhostaí fanacht ón scoil láithreach gan aon phá a chailleadh go dtí go mbeidh an ní breithnithe ag an bhfostóir. Tá sé an-tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an gníomh seo faoin bprótacal beartaithe le bheith ina ghníomh réamhchúraim, agus ní ina ghníomh araíonachta. Is beart eatramhach a bheidh sa ghníomh faoin bprótacal seo go dtí go ndéanfaidh an fostóir tuilleadh breithniúcháin ar an ní.

Tabharfar cuireadh don fhostaí freastal ar chruinniú leis an bpríomhoide, arb é an cuspóir a bheidh leis an fostaí a chur ar an eolas faoin líomhain agus faoin ngníomh atá á dhéanamh. Féadfaidh duine cuí de rogha an fhostaí féin an fostaí a thionlacan, agus cuirfear an méid sin in iúl dó nó di.

In aon chás, cuirfear an ní in iúl don fhostaí freisin, i scríbhinn. Déanfaidh an príomhoide taifead den chruinniú, rud a choinneofar ar an gcáschomhad iomchuí.

# Nótaí